


PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE CHOMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ 2024-2029



Comhairle Contae Chorcaí

Cork County Council

RÉAMHRÁ



TEACHTAIREACHT ÓN MÉARA: CLLR. FRANK O'FLYNN

Ba mhaith liom fáilte ó chroí a chur roimh fhoilsiú Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide Chomhairle Contae Chorcaí 2024 go 2029.

Is é an t-athrú aeráide ceann de dhúshláin dhomhanda fhadtéarmacha is criticiúla na linne seo agus tá tionchar an athraithe aeráide ag dul i bhfeidhm ar Chontae Chorcaí cheana féin. Tá ardú 40cm tagtha ar leibhéal na farraige i limistéar Chuan Chorcaí ón mbliain 1842 i leith. Tá an méid báistí a thiteann ar an meán ag méadú agus ní raibh an teocht chomh hard riamh sa samhradh is atá anois. Táthar ag súil go dtarlóidh tonnta teasa, triomach, tuilte agus creimeadh cósta níos minice amach anseo mar thoradh ar an athrú aeráide.

Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go ngearrfar siar ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa d'fhonn gealltanais aeráide ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus AE a bhaint amach. Braitheann an méid sin ar chomhoibriú a dhéanamh le réimse leathan páirtithe leasmhara agus ciallaíonn sé sin go gcaithfidh muid go léir an tslí a n-íompraíonn muid muid féin a athrú.

Thar ceann Chomhairle Contae Chorcaí, tá muinín agam go bhfuil muid in áit mhaith chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo trí chomhoibriú a dhéanamh ar leibhéal náisiúnta agus trí oibriú go háitiúil leis na háitritheoirí, pobail agus gnólachtaí ar fud Chontae Chorcaí chun athrú buan, inbhuanaithe agus ceart a bhaint amach. Léirítear sa phlean seo an chaoi ar féidir linn, mar Chomhairle, oibriú chun tionchar a imirt ar na gníomhartha ar son na haeráide a dhéanann pobail agus páirtithe leasmhara eile agus iad a éascú agus a chomhordú trí eolas a thabhairt faoi mbeart díreach a dhéanfaidh an Chomhairle chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach i ndáil lena gníomhaíochtaí agus acmhainní féin agus tacaíocht a thabhairt d'earnálacha eile ag an am céanna chun a n-uailmhianta a bhaint amach.



TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH: VALERIE O'SULLIVAN

Is é an t-athrú aeráide ceann de na dúshláin bheartais phoiblí dhomhanda is práinní atá roimh rialtais inniu agus chuir Comhairle Contae Chorcaí na dúshláin sin chun tosaigh ina clár oibre.

Leagtar amach inár bPlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide an tslí a bhfeabhsóidh an Chomhairle éifeachtúlacht fuinnimh agus a laghdóidh sí astaíochtaí gás ceaptha teasa ina cuid foirgneamh agus oibriochtaí féin agus ag an am céanna contae atá seasmhach ó thaobh na haeráide a dhéanamh de chontae Chorcaí agus saoránaigh sa chontae a bheith rannpháirteach agus ar an eolas. Leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí uirthi ag obair le príomhpháirtithe leasmhara chun tionchar a imirt ar thionscnaimh laghdaithe carbóin agus tacú leo ar fud an chontae.

Dirítear sa phlean seo ar théamaí idirghaolmhara agus ar ghníomhartha gaolmhara a chuireann creat ar fáil chun tacú le haistriú chuig contae atá níos seasmhaí ó thaobh na haeráide a bhaint amach. Ina theannta sin, déantar soláthar sa phlean chun an chéad Chríos Dícharbónaithe i gContae Chorcaí a bhunú i Maigh Chromtha, gníomh a aithneoidh tionscadail atá faoi stiúir an phobail agus a chuirfidh tionscadail mar sin ar fáil ar bhonn piolótach chun léargas a thabhairt ar mar is féidir laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach ar bhealach spriocdhírthe.

Tá muid ag súil leis an méid a chuirfidh an phlean seo le forbairt Chontae Chorcaí sna cúig bliana amach romhainn agus leanfar le tuarascálacha ar dhul chun cinn agus uasdátuithe ar fheidhmiú an phlean trinár rialachas aeráide agus struchtúir tuairiscithe.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Mhéara, Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Chorcaí, an fhoireann, na daoine sin a chuir aighneachtaí isteach, grúpaí a bhfuil spéis acu ann, comhlachtaí reachtúla agus gach páirtí leasmhar a chuidigh ar bhonn gníomhach agus a rinne eolas d'fhorbairt an phlean seo.

Is í Comhairle Contae Chorcaí i gcomhpháirtíocht le hImeallbhard an Atlantaigh Theas - Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide a d'ullmhaigh an Plean seo. Bhunaigh an Rialtas na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide sa bhliain 2018 chun rannpháirtíocht a chomhordú ar fud leibhéal éagsúla an rialtais agus chun cuidiú cur leis an taithí agus saineolas chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil araon. Forbraíodh an Plean seo freisin i gcomhréir le 'Treoirínte an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ag an Údarás Áitiúil' a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chuig údarás áitiúla i mí an Mhárta 2023.

CLÁR NA NÁBHAR

1.0	ACHOIMIRE FEIDHMEACH	4
2.0	RÉAMHRÁ	6
2.1	Léargas ar Athrú Aeráide	9
2.2	Comhthéacs Beartais Aeráide	11
2.3	Beartas idirnáisiúnta maidir le hAthrú Aeráide	12
2.4	Riachtanas Chomhairle Contae Chorcaí maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide	14
2.5	Struchtúr an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide	15
2.6	Conclúid	16
3.0	GNÍOMHÚ FIANAISEBHUNAITHE AR SON NA HAERÁIDE	17
3.1	Fardal maidir le Bonnline Astaíochtaí (FBA) Chontae Chorcaí	18
3.2	Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide	29
4.0	RAON PHLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE	38
4.1	Comhairle Contae Chorcaí – Cén Fath	41
4.2	Rialachas	43
4.3	Astaíochtaí na Comhairle a bhfuil freagracht iomlán ar an gComhairle ina leith	48
4.4	Rannpháirtíocht Saoránach agus Ceannaireacht Pobail	51
4.5	Bithéagsúlacht, An Timpeallacht Nádúrtha, Oidhreach & Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF)	54
4.6	Geilleagar (Talmhaíocht, Tionsclaíocht, Turasóireacht agus Gnó)	61
4.7	Iompar	65
4.8	An Timpeallacht Thógtha (Bonneagar, Foirgnimh, Tithíocht & Oidhreach)	68
4.9	Dramhaíl Sholadach	72
5.0	CRIOS DÍCHARBÓNAITHE	75
6.0	MONATÓIREACHT & TUAIRISCIÚ	84
6.1	Cén fáth / réamhrá	85
6.2	Struchtúr, freagrachtaí & pleanáil le haghaidh cur chun feidhme	85
6.3	Clár feidhmithe agus amlíne	85
6.4	Monatóireacht & Tuairisciú agus amlíne	85
6.5	Páirtithe Leasmhara	85
6.6	Struchtúr monatóireachta agus tuairiscithe	86
6.7	Modheolaíocht Monatóireachta	86
6.8	Dul chun cinn a rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTF)	87
6.9	Príomhspleáchais	87
6.10	Ceanglais agus socruithe tuairiscithe	87
AGUISÍN 1	CAIRT GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE	89
AGUISÍN 2	TIONSCNAMH	92
AGUISÍN 3	LIOSTA IOMLÁN DE GACH GNÍOMH LACAP DE RÉIR TÉAMA	95
AGUISÍN 4	GNÍOMHAÍOCHTAÍ CUR CHUN FEIDHME SAMPLACHA LACAP	128

ACHOIMIRE FEIDHMEACH

Tá rialtais idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil faoi bhrú méadaithe bearta uailmhianacha a ghlacadh chun athléimneacht i leith athrú aeráide a mhéadú laistigh dá n-eagraíochtaí agus dá réimsí feidhme trí bhearta oiriúnaithe agus maolaithe. Tá na ceanglais reachtaíochta agus na spriocanna atá leagtha síos don earnáil rialtais áitiúil thar a bheith dúshlánach agus beidh baint amach na spriocanna sin ag brath ar mhaoiniú agus acmhainní suntasacha a sholáthar don rialtas láir.

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024-2029 na gníomhartha a dhéanfaidh Comhairle Contae Chorcaí ar fud a cuid seirbhísí féin chun spriocanna náisiúnta astuithe a bhaint amach agus chun athléimneacht a sócmhainní daonna agus bonneagair a mhéadú i gcoinne tionchair an athraithe aeráide. Sonraíonn an plean seo freisin conas a oibreoidh an t-údarás áitiúil lena phobail atá ar son an athraithe agus leis an rialtas náisiúnta agus gníomhaireachtaí stáit chun gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh.

Tá sé mar aidhm ag an bplean seo Contae ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh aeráide de a chruthú, trí dhea-chleachtas i ngníomhú ar son na haeráide a sheachadadh agus a chur chun cinn, ar an leibhéal áitiúil agus ailíniú le Cuspóir Náisiúnta Aeráide foriomlán an Rialtais, a fhéachann le saothrú agus le baint amach, tráth nach déanaí ná an deireadh na bliana 2050, an t-aistriú chuig geilleagar atá aeráid-díonach, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

Leagann an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide seo cosán amach do Chomhairle Contae Chorcaí beartas náisiúnta aeráide a aistriú go gníomhach go cúinsí áitiúla le tosaíocht agus luasghéarú ar bhearta bunaithe ar fhianaise lena n-áirítear:

- Astuithe carbóin díreacha a laghdú 51% faoi 2030,
- Cabhrú le seachadadh an chuspóra um aeráidneodracht ag leibhéal áitiúil agus pobail; agus
- Sainaithe agus tacú le forbairt Crios Dícharbónaithe (CD) laistigh de limistéar an údaráis áitiúil.

Ionas go mbeidh Comhairle Contae Chorcaí in ann na bearta seo a bhaint amach, leagann an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide seo amach na hiarmhairtí athraithe aeráide reatha agus amach anseo agus leibhéal astaíochtaí gás ceaptha teasa sa Chontae trí maolú agus oiriúnú ar ghníomhú ar son na haeráide atá bunaithe ar fhianaise.

Soláthraíonn an bonnlíne maolaithe measúnú ar na hastuithe gáis cheaptha teasa a raibh an Chomhairle freagrach go díreach astu agus miondealú ar astuithe ó earnálacha eile (cónaithe, tráchtála agus tionsclaíochta, talmhaíocht, iompar, úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht, dramhaíl agus bardasach). Fuarthas amach anseo gurb ionann na hastuithe carbóin bonnlíne iomlán laistigh de limistéar teorann Chontae Chorcaí agus 8,083 chileathona CO₂e in 2018. Tagann astuithe díreacha Chomhairle Contae Chorcaí féin faoin Earnáil Bhardasach a chuimsíonn níos lú ná 1 faoin gcéad d'astuithe an Chontae.

Aithníodh sa mheasúnú riosca um athrú aeráide go bhfuil tionchar ag athrú aeráide ar Chontae Chorcaí cheana féin agus meastar go méadóidh siad ina ndéine agus a minicíocht. Bhí teochtaí arda i gContae Chorcaí agus taifeadh an teocht is airde sa Chontae de 31.6°C ar an 18 Meitheamh, 2018 ag an nGleann Garbh. Ag Aerfort Chorcaí, bhí ceithre cinn de na samhrai is teo a taifeadh le 10 mbliana anuas, bunaithe ar thaifid a shíneann siar go dtí 1961. Tá méadú tagtha ar líon na laethanta le báistí méadaithe, agus tháinig méadú 3% ar an meánbháistí bliantúil ag Aerfort Chorcaí don tréimhse is déanaí (1981-2010) i gcomparáid le bonnlíne 1961-1990. Ina theannta sin, tá imeachtaí foircneacha báistí taifeadta, lena n-áirítear an 230mm báistí a thit i rith na tuile i Ros Ó gCairbre in 2020, an ceann ab airde a taifeadh ó 1961 i leith. Tá ardú thart ar 40cm tagtha freisin ar leibhéal na mara i gceantar Chuan Chorcaí ó 1942 i leith.

Tá sé tuartha sa mheasúnú riosca aeráide gur dócha go dtiocfaidh méadú ar an mbaol guaiseacha reatha amhail tuilte abhann agus cósta agus creimeadh cósta amach anseo mar gheall ar athruithe ar mhinicíocht ghuaise mar thoradh ar athrú aeráide agus tionchar de bharr athruithe ar nochtadh agus leochaileacht. Táthar ag súil go dtarlóidh tonnta teasa, triomaigh agus tuilte báisteach, cé gur tharla cheana féin i gContae Chorcaí, níos minice sa todhchaí de bharr athrú aeráide agus le tionchar níos mó ar Chontae Chorcaí. Léiríonn imeachtaí aimsire foircneacha agus méaduithe réamh-mheasta ar mhinicíocht agus ar dhéine an gá atá le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag athrú aeráide ar an gcomhshaol, ar gheilleagar agus ar mhuintir Chontae Chorcaí.

Neartaíonn an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide seo na naisc idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus seachadadh gníomhú ar son na haeráide éifeachtach ag leibhéal áitiúla agus pobail, trí ghníomhú ar son na haeráide atá áitbhunaithe. Forbraíodh na saingníomhaíochtaí ar son na haeráide chun spriocanna an phlean a bhaint amach agus aird ar an bhfardal bonnlíne astaíochtaí agus ar mheasúnú riosca ar athrú aeráide. Tá an creat le haghaidh gníomhú ar son na haeráide leagtha amach i gcomhthéacs spriocanna sainithe, cuspóirí uileghabhálacha agus gníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe laistigh de na téamaí seo a leanas – pobal, bithéagsúlacht / timpeallacht nádúrtha / oidhreacht / úsáid talún, geilleagar, iompar, comhshaol tógtha agus dramhail. Tá go leor buntáistí breise ag baint leis na gníomhartha sainaitheanta, ar nós sláinte agus folláine fheabhsaithe, cosaint comhshaoil/gnáthóg agus tairbhí eacnamaíocha a leagtar béim ar fud an phlean.

Chun go bhféadfaidh an Chomhairle spriocanna earnála a bhaint amach i ndáil le laghdú GCT ó úsáid dhíreach fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh, tá gníomhaíochtaí forbartha ag an bplean seo a dhíreoidh ar laghdú 51 % ar astaíochtaí GCT a sholáthar ó bhonnlíne 2016/2018 mar thoradh ar úsáid leictreachas na comhairle, téamh teirmeach agus úsáid iompair. Iarrann na gníomhartha sonracha a aithníodh sa phlean méadú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh ó bhunlíne 2009 freisin. Toisc gur dúshlán é an t-athrú aeráide atá ann thar raon iomlán fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí na Comhairle, tacóidh Comhairle Contae Chorcaí le cur chuige ildisciplíneach i leith gníomh aeráide, arna sheachadadh trí struchtúr rialachais atá sainithe go soiléir. Áirítear sa phlean freisin gníomhaíochtaí chun go bhféadfaidh an Chomhairle sprioc rialachais an phlean 'athrú aeráide a bheith lárnach in oibriú na Comhairle' a bhaint amach.

Déanann an plean seo soláthar freisin don chéad Chrios Dícharbónaithe (CD) i gContae Chorcaí atá le bunú laistigh de limistéar an údaráis áitiúil. Tá Baile Mhaigh Chromtha roghnaithe ag an gComhairle mar CD agus leagann an plean amach raon de bhearta maolaithe aeráide, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta laistigh den réimse seo. Aithneoidh an CD agus déanfaidh sé tionscadail phiólóta ag leibhéal an phobail chun cabhrú le seachadadh an chuspóra Aeráide Náisiúnta agus ónar féidir tionscadail agus tionscnaimh rathúla a mhacasamhlú in áiteanna eile sa Chontae.

Tá an Chomhairle tiomanta freisin do thacú agus riar a dhéanamh ar an gClár Gníomhaíochta Pobail ar son na hAeráide (CCAP) arna mhaoiniú ag an Rialtas náisiúnta chun tacú le pobail ísealcharbóin agus iad a thógáil, a ligfidh do phobail iarratas a dhéanamh ar dheontais chun tionscadail aeráide a chumasú ag leibhéal áitiúil.

Chun cuspóirí aeráide an phlean cúig bliana seo a bhaint amach, ullmhóidh an Chomhairle clár Forfheidhmithe Bliantúil gach bliain, a ailíniú leis an bpróiseas buiséadach bliantúil agus a chumasóidh forbairtí náisiúnta maidir le deontais agus maoiniú a chur san áireamh agus a monatóireacht rialta ar dhul chun cinn an phlean a cheadú.

Tabharfaidh Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide Chomhairle Contae Chorcaí deis do pháirtithe leasmhara rithabhachtacha a thabhairt le chéile ar fud na bpobal agus na n-earnálacha go léir, chun fíis a thógáil do thodhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus tosaíocht a thabhairt do ghníomhú ar son na haeráide i gContae Chorcaí.



2

RÉAMHRÁ



2.0 REAMHRÁ

Tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 ullmhaithe ag Comhairle Contae Chorcaí, chun an t-aistriú a threorú go Contae ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide, trí dheachleachtas a chur ar fáil agus a chur chun cinn i ngníomhú ar son na haeráide, ar leibhéal áitiúil. Tá an méid sin ailínithe go Cuspóir Aeráide Náisiúnta foriomlán an Rialtais go mbeidh Éire seasmhach ó thaobh na haeráide, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus neodracht ó thaobh na haeráide gan níos déanaí ná deireadh 2050.

Tá an méid sin leagtha amach san Acht um Gníomhú ar son na hAeráide agus Fhorbartha Ísealcharbóin (Leasú) 2021, a chuireann fráma ar uaillmhian aeráide atá ina cheangal dlí na hÉireann, chun laghdú a chur ar fáil in astaíochtaí gás ceaptha teasa de 51% faoi 2030. Cuirfidh an méid sin an tír ar chúrsa chun neodracht aeráide a bhaint amach faoi dheireadh 2050. Chun an plean seo a ullmhú, tá reachtaíocht agus beartas aeráide ábhartha eile curtha san áireamh ag an gComhairle, measúnú riosca athrú aeráide agus bunmheasúnú aeráide a mhaolú, ar scála Contae, atá san áireamh mar chuid den Phlean seo.

Éilíonn an tAcht Aeráide (Leasú) 2021 go sonrach ar gach údarás áitiúil in Éirinn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú agus a dhéanamh in Éirinn, mar chúiteamh ar spriocanna aeráide náisiúnta níos leithne agus spriocanna fuinnimh, a théann i ngleic le bearta maolaithe agus oiriúnaithe araon:

- Baineann **Maolú Athrú Aeráide** leis an gcaoi a mhairimid, a ghluaisimid, a ithimid agus a tháirgimid a athrú, sa chaoi go laghdaítear agus/nó go bhfaightear réidh le gáis ceaptha teasa díobhálacha, cuirtear san áireamh freisin an chaoi a mbainimid úsáid as ár dtalamh; agus
- Déanann **Oiriúnú Athrú Aeráide** tagairt do thionchair a phlé ar athrú aeráide agus baineann sé le gníomhaíochtaí praiticiúla a ghlacadh chun rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus athléimneacht an gheilleagair a neartú (e.g. ó thuilte, ardú ar leibhéal na farraige etc).

Leagann Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide treoir soiléir amach do Chomhairle Contae Chorcaí chun beartas aeráide náisiúnta a aistriú go gníomhach go tosca áitiúla chun tús áite agus luasghéarú a thabhairt do bhearta bunaithe ar fhianaise lena n-áirítear:


- Astaíochtaí carbóin díreacha a laghdú faoi 51% faoi 2030
- Cabhrú chun cuspóir neodracha aeráide a chur ar fáil ar leibhéal áitiúla agus phobail; agus
- An fhorbairt ar Cheantar Dícharbónaithe a aithint agus tacú leis laistigh den cheantar údarás áitiúil chun gníomhú mar bhinse tástála le haghaidh réimse beartais mhaolaithe aeráide, oiriúnuithe agus bithéagsúlachta sa cheantar atá sonraithe ar leith, trí thograí agus torthaí a aithint ar féidir a athchruthú in áiteanna eile sa Chontae (má éiríonn go maith leo).

Agus cúlra i gceist a bhíonn ag síorathrú le creatlach uaillmhianach de bheartas aeráide náisiúnta, coimeádann Comhairle Contae Chorcaí tiomantas láidir gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú ar fud a chuid oibríochtaí agus a bhfeidhmeanna, agus ag leanúint ról ceannaireachta ar ghníomhú ar son na haeráide, ar leibhéal áitiúil. Léiríonn an plean seo cur chuige ciallmhar maidir le gníomhú ar son na haeráide ar fud an struchtúr riaracháin agus polaitiúil den údarás áitiúil. Cheadaigh Baill Tofa Chomhairle Contae Chorcaí an Plean seo an 12 Feabhra 2024, tar éis comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíochta. Tugann réimse pleananna eile, lena n-áirítear Plean Corparáideach Chomhairle Contae Chorcaí agus Plean Forbartha Chomhairle Contae Chorcaí tacaíocht freisin don Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

Leagann an Plean seo amach an chaoi a mbeidh Comhairle Contae Chorcaí freagrach as cur le hathléimneacht aeráide, chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ina sócmhainní, seirbhísí agus infreastruchtúr féin (atá freagrach go hiomlán as) agus ag léiriú ról níos leithne chun tionchar a imirt ar earnálacha eile agus earnálacha a mholadh agus a áisiú, chun a gcuid spriocanna agus uaillmhianta aeráide a bhaint amach. Tá an méid sin riachtanach chun na buntáistí comhshaoil, sóisialta agus geilleagracha a thagann le gníomhú ar son na haeráide, a chur i bhfeidhm a chinntiú.

Léiríonn Fíor (i) an raon atá ag freagracht údarás áitiúil ar ghníomhú ar son na haeráide.

Local Authority Scope on Climate Action



*Fíor (i): Raon an Údarás Áitiúil ar Ghníomhú ar son na hAeráide
(Foinse: Treoirleite an Údarás Áitiúil maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2023)*

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh lena hiarrachtaí tograí uailmhianacha um ghníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm, chun foinsí maoinithe atá ar fáil a tharraingt anuas agus chun leanúint le rannpháirtíocht saoránaigh agus páirtithe leasmhara. Seolfaidh Comhairle Contae Chorcaí Snáithe Maoinithe 1 um Ghníomhú ar son na hAeráide - Pobail Ísealcharbóin a Thógáil. Is ciste é seo do na húdaráis áitiúla ar fud na tíre, chun tacú le pobail ísealcharbóin agus iad a thógáil.

Tá Comhairle Contae Chorcaí ar an t-údarás áitiúil is mó in Éirinn agus an ceann is mó, bunaithe ar mhéid tíreolaíoch. Maidir le Contae Chorcaí tá tírdhreacha ar cósta agus intíre éagsúla agus saibhre ag baint leis, ina bhfuil suíomhanna íogaire comhshaoil agus daonra a bhíonn ag fás.

Tá daonra Chomhairle Contae Chorcaí de 360,152 (an Phríomh-Oifig Staidrimh 2022) a léiríonn méadú 8% i gcomparáid le 2016. Áirítear ar na príomhthionscail fostaíochta laistigh den cheantar Seirbhís Ghairmiúil (22.7%), Tráchtáil agus Trádáil (21.3%), Tionscail Déantúsaíochta (16.2%) agus Talmhaíocht/ Foraoiseacht/ Iascaireacht (8.3%). Tá an Contae mar dhídean freisin don scéim hidreachumhachta Inis Cara. Is é limistéar talmhaíochta iomlán an Chontae ná 530,000 heictear ar a n-áirítear talamh feirmeacha Mhachaíre na Mumhan atá an-tháirgiúil.

Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar dhaonra Chontae Chorcaí le 66,000 níos mó duine faoi 2031 agus beidh níos mó tithíochta agus bonneagar ag teastáil don Chontae chun lóistín a thabhairt don daonra seo atá ag fás i gcónaí le 22,600 aonad tithíochta nua a bheidh ag teastáil faoi 2028. Tá líon príomhthograí fuinneamh in-athnuaite ag Contae Chorcaí lena n-áirítear 38 feirm ghaoithe coimisiúnaithe le hacmhainn 603mw a tháirgeadh agus 43 feirm ghréine ceadaithe le hacmhainn 358mw a tháirgeadh acu.


Aithníonn Comhairle Contae Chorcaí an riachtanas seo agus an gá pleanáil go hinbhuanaithe chun straitéisí forbartha inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus pleanáil go gníomhach agus infheistíocht a dhéanamh san aistriú go sochaí agus geilleagar ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide. In aeráid atá ag athrú, tá sé mar aidhm a bheith níos láidre maidir le féidearthachtaí don todhchaí, a thugann biseach do phobail agus a oibríonn i dtreo réitigh níos casta atá fiúntach, cuimsitheach, réasúnta agus inrochtana do gach duine, a thugann tús áite d'aistriú cóir.

Tá pleanáil spásúlachta rithabhachtach chun gur féidir bearta dearfacha um ghníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích. Tá an Chomhairle tiomanta do ghníomhú ar son na haeráide, rud atá lárnach i bPlean Forbartha Chomhairle Contae Chorcaí, 2022 agus dá bharr sin tá an plean ina uirlis thábhachtach maidir le gníomhú ar son na haeráide. Cinnteofar leis an bplean go gcuirfear bearta maolaithe agus oiriúnaithe maidir le gníomhú ar son na haeráide san áireamh i gcás forbairtí nua, agus go cuirfear gníomhú ar son na haeráide chun cinn agus go mbainfear leas as deiseanna chun gníomhú ar son na haeráide ag suíomhanna na bhforbairtí sin, go háirithe trí chórais iompair agus úsáid na talún a chomhtháthú.

2.1 LÉARGAS AR ATHRÚ AERÁIDE

Tuigtear níos mó ná riamh go bhfuil athrú aeráide mar an dúshlán domhanda is tábhachtaí agus is fadtéarmaí dár linne, agus bíonn a dtionchair le brath ar fud an domhain agus sa bhaile. Tá fianaise ollmhór ann a dhearbhaíonn Grúpa Oibre ón Séú Thuarascáil Measúnachta um Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide ar Ghrúpa Oibre I, gur tháinig athrú ar an aeráid ó ré réamhthionsclaíoch agus go léirítear go bhfuil gníomhaíochtaí daonna, trí astaíochtaí gás ceaptha teasa mar phríomhchúis don athrú sin. Luaitear gurb é cúis doshéanta téamh domhanda ná gníomhaíochtaí daonna, le teochtaí dromchla domhanda ag baint amach 1.1°C os cionn 1850-1900, sa tréimhse idir 2011-2020.

Athluaitear an ráiteas sin in aeráid na hÉireann. Cuireann Fíor (ii) ardú ar an teocht domhanda i gcomparáid ó 1900 go teochtaí na hÉireann. Tá Éire ar aon dul le méaduithe teochta domhanda, tar éis 2022, ar bhliain é a chuaigh thar fóir níos mó ná mar a bhí riamh, i dteochtaí agus i bhfiuchras araon. Luaigh Met Éireann go raibh 2022 'ar an mbliain is teo ar an taifead'. Léireodh an méid sin teocht na hÉireann os cionn an meán fadtéarmach don 12ú bhliain as a chéile. Ina theannta sin, chonaic 2022 teochtaí níos mó ná mar a bhí riamh in Éirinn le linn an tsamhraidh, ina raibh an dara teocht is airde ar taifead in Éirinn ar 33°C.



Fíor (ii): Aimhrialtachtaí Teochta (°C) Oileán na hÉireann 1900-2022 (difríocht Idir 1961-1990 (Foinse: Met Éireann))

Léiríonn an tréimhse 30 bliain idir 1991-2020 méadú 7% sa mheánfhluchras bliantúil in Éirinn i gcomparáid leis an 30 bliain idir 1961-1990. Táthar ag súil le laghdúithe suntasacha ar na meánleibhéil fliuchrais go bliantúil, san earrach agus sa samhradh. Léiríonn réamh-mheastacháin méadú suntasach i rialtach imeachtaí fliuchrais troma sa gheimhreadh agus sa bhfómhar (thart ar 20%) (tagairt: epa.ie) Tháinig méadú ar mheánleibheál na farraige domhanda faoi 20cm idir 1901 agus 2018. Tá an claonadh in ardú mheánleibhéil na farraige domhanda ag ardú i gcónaí ó 1901. Tá ardú comhchosúil leis le feiceáil in Éirinn ar leibhéil na farraige le meán de 2-3mm in aghaidh na bliana. Tá aeráid níos teo mar chúis le hardú ar leibhéil na farraige, trí chaillteanas muiroighir agus forbairt theirmeach (an méadú ar thoirt an uisce mar gheall ar théamh) agus an t-aigéan ag téamh dá bharr sin. Maidir le rialtacht agus déine stoirmeacha, clúdófar an méid sin i gcaibidil 3 agus tá cur síos air sa Tuarascáil ar Bhunfhianaise Achoimre Chontae Chorcaí (<https://www.corkcoco.ie/en/resident/environment/climate-action-plan/climate-action-plan-pre-draft-public-consultation>).

D'fhulaing Éire ó thionchair aeráide díobhálacha cheana agus leag tarlú adhaimsire le gairid béim ar leochaileacht na ndaoine aonair, na ngnólachtaí, na bpobal, na n-earnálacha agus an bhonneagair ar athrú aeráide, ag cur béime ar an riachtanas éigeandála ar ghníomhú ar son na haeráide i ngach earnáil den tsochaí.

Mar shampla, d'fhág stoirmeacha cosúil le Arwen agus Barra in 2021 ach go háirithe, 59,000 teach agus gnó gan aibhléis. Déanann tionchair dhíobhálacha um athrú aeráide na dúshlán sóisialta, comhshaoil agus geilleagracha níos measa fós go forleathan. Is féidir leis seo leochaileacht agus íogaireacht a mhéadú ar athrú aeráide agus rótheas agus rófhucht aeráide.


Agus é bunaithe ar athruithe san aeráid agus a dtionchair, a tugadh faoi deara, is féidir le Met Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus eolaithe aeráide eile, réamh-mheastacháin láidre a dhéanamh ar phatrúin aeráide amach anseo in Éirinn agus ar fud an domhain. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Foras na Mara agus Met Éireann Tuarascáil Stádas Aeráide na hÉireann in Iúil 2021. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na réamh-mheastacháin aeráide d'Éirinn mar seo a leanas:

- Léiríonn réamh-mheastacháin aeráide go leanfar ar aghaidh leis na treochtaí aeráide a tugadh faoi deara le céad bliain anuas agus go dtreiseoidh siad sna fiche nó tríocha bliain amach romhainn;
- Tá teochtaí ar ardú agus táthar ag súil go leanfaidh siad ag ardú sna séasúir ar fad;
- Táthar ag súil go mbeidh laghdúithe ar leibhéil an mheánfhluchrais san earrach agus sa samhradh, agus léiríonn réamh-mheastacháin go mbeidh níos mó imeachtaí fliuchrais níos déine, go háirithe le linn an gheimhridh.
- Léiríonn réamh-mheastacháin gur beag athrú atá i meánluas agus i dtreo na gaoithe. Táthar ag súil go mbeidh ardú ar rialtacht dhéine na gcoinníollacha gaoithe, go háirithe le linn an gheimhridh;
- Agus má leanann cúrsaí ar aghaidh an bealach céanna, feicfidh Éire méadú ar leibhéil na farraige, mar a chéile lena bhfuil tugtha faoi deara go dtí seo. Tá Éire an-leochaileach go hardú ar leibhéil na farraige, mar gheall ar an gcósta leathan agus an líon ard den daonra atá ag cur fúthu ar an gcósta;
- Méadúithe ar rialtacht tuile abhann agus tuile báistiúil (uisce dromchla);
- Méadúithe ar rialtacht agus déine tuilte agus creimeadh ar an gcósta;
- Méadúithe ar rialtacht agus déine tonnta teasa an tsamhraidh, rótheochtaí agus róthriomach;
- Laghdúithe ar rialtacht seaca agus sneachta; agus
- Méadú ar líon shéasúr an fháis (roth na feineolaíochta).

Tá stádas aeráid na hÉireann inniu agus an chaoi a bhreathnaíonn sé amach anseo curtha i dtoll a chéile i gconclúid simplí amháin. Tá athrú tagtha ar aeráid na hÉireann i gcomparáid leis na 1900idí, is cinnte gur théamh sé mar aon le teochtaí domhanda, a thug réimse tionchar a bhaineann le haeráid níos teo agus níos mó tarluithe adhaimsire.

2.2 COMHTHEÁCS BEARTAIS AERÁIDE

Tugann fianaise eolaíoch spreagadh do ghníomhú ar son na haeráide a thacaíonn le torthaí an tionchair dhaonna ar athrú aeráide agus an conradh idirnáisiúnta is déanaí atá ina cheangal dlí ar athrú aeráide, ina leagtar amach an creat le haghaidh freagraí beartais uillmhianacha agus láidre, Comhaontú Pháras 2015. Dá bharr sin, tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo suite i gcomhthéacs níos leithne de bheartas aeráide idirnáisiúnta, AE, náisiúnta agus eanála. Tá an méid sin léirithe i bhFíor (iii).



Fíor (iii): Reachtaíocht agus Comhthéacs Beartais do Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (Foinse: Oifigí Réigiúnacha Ghníomhú ar son na hAeráide)

2.3 BEARTAS

IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE HATHRÚ AERÁIDE

Tá sé aitheanta go dteastaíonn comhoibriú agus uailmhian chun dul i ngleic le hathrú aeráide ar leibhéal idirnáisiúnta. Ó bunaíodh Creat-Choibhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) i 1994, lorg tíortha cur le comhoibriú idirnáisiúnta chun teorainn a chur leis an méadú ar chomhoibriú idirnáisiúnta a thógáil agus déileáil le tionchair athrú aeráide atá mar thoradh ar na harduithe teochta seo.

Bhí na hiarrachtaí seo mar thoradh ar Chomhaontú Pháras 2015 a shíniú ag Comhdháil na bPáirtithe 21 (COP21). Tá Comhaontú Pháras 2015 ina chonradh idirnáisiúnta atá ina cheangal dlí ar athrú aeráide a shínigh gach ceann de 196 balltír, lena n-áirítear Éire, agus tháinig sé i bhfeidhm an 4ú Samhain 2016. Trí dhá chuspóir a aithnítear go soiléir, tá Comhaontú Pháras ar a dhícheall ag iarraidh gníomhú ar son na haeráide go leanúnach agus go huaillmhianach le himeacht aimsire chun athrú aeráide contúirteach a sheachaint ag:

- i. Méaduithe meántheochtaí domhanda a choimeád ar níos lú ná 20C agus leanúint le hiarrachtaí teorainn ar mhéadú teochta go 1.50C os cionn leibhéil réamhthionscail; agus
- ii. An cumas a mhéadú dul in oiriúint do tionchair dhíobhálacha athrú aeráide agus athléimneacht aeráide a chothú.

Tá comhaontú Idirnáisiúnta eile a bhfuil nasc aige le Comhaontú Pháras ar a dtugtar Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe a ghlac na Ballstáit de chuid na Náisiún Aontaithe i Meán Fómhair 2015. I gcroílár an Chláir Oibre tá 17 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna). Tá sé mar aidhm ag na spriocanna seo “deireadh a chur le bochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus feabhas a chur ar shaoil agus ionchais gach duine, i ngach áit.” Tá 169 sprioc ag na 17 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe le baint amach faoi 2030. In 2019, ghlaoigh ceannairí an Domhain ar ‘dheich mbliana gníomhaíochta’ chun na Spriocanna a bhaint amach laistigh den chreat ama seo.

D’fhógair an Coimisiún Eorpach, chun laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach mar chuid de thiomantais Chomhaontú Pháras, i Nollaig 2019, Conradh Glas na hEorpa atá dírithe ar an gcéad ilchríoch neodrach ó thaobh na haeráide a dhéanamh den Eoraip. Lorgaíonn an Conradh gan glanmhéid astaíochtaí gáis ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2050, chun fás geilleagrach a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus gan aon duine a fhágáil laistiar. Thug an AE isteach grúpa moltaí chun beartais aeráide, cháine, fuinnimh agus iompair a ailíniú chun tacú leis an aidhm seo. Rinne Dlí Aeráide na hEorpa na spriocanna seo ina gceangal dlí, lena n-áirítear freisin laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa de 55% ar a laghad faoi 2030.

Is córas aicmithe é Tacsanomaíocht an AE maidir le Gníomhaíochtaí Inbhuanaithe ina leagtar amach caighdeán a gcaithfidh gníomhaíochtaí geilleagracha cloí leo chun go measfar iad a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

2.3.1 BEARTAS MAIDIR LE HATHRÚ AERÁIDE IN ÉIRINN

Léiríonn beartas maidir le hathrú aeráide in Éirinn uailmhian an AE agus go bhfuil sé riachtanach dul i ngleic leis na dúshlán a bhaineann le hathrú aeráide. Agus iad ag obair i dtreo Cuspóir Aeráide Náisiúnta cuireann an tAcht Aeráide (Leasú) 2021, geilleagar agus sochaí inbhuanaithe chun cinn ina ndéantar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur i gcomhréir le gáis ceaptha teasa a bhaint nó iad a sháru. Trí bhuiséid charbóin trasgheilleagair, srianta earnála, grúpa straitéisí ceaptha chun meascán oiriúnaithe agus maoluithe a chur chun cinn, mar aon le socruithe maoirseachta agus tuairiscithe láidre a dhéanamh, tá beartas aeráide ag obair chun cur le hiarrachtaí ar fud an tsochaí agus céim chun cinn a ghlacadh chun gníomhú ar son na haeráide go huaillmhianach agus go bunathraitheach go 2030 agus ina dhiaidh go 2050.

Seoladh Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, an 21ú Nollaig 2022, agus is é an dara nuashonrú bliantúil ar Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019. Ba é an chéad cheann a ullmhaíodh faoi Acht um Gníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021. Leanann an méid sin an réamhrá

in 2022, buiséid charbóin trasgheilleagair agus srianta astaíochta earnála. Leagann Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 amach an treochlár go dtí 2025 chun beart cinntitheach a ghlacadh dhá leath a dhéanamh d'astaíochtaí faoi 2030 agus neodracht a bhaint amach, gan níos déanaí ná deireadh 2050, mar atá tiomanta ar an gClár don Rialtas.

D'fhoilsigh Éire a chéad Creat Náisiúnta um Oiriúnú in 2018, a leag amach an comhthéacs chun na príomhearnálacha agus na húdarais áitiúla a chinntiú, gur féidir na príomhrioscaí agus leochaileachtaí a mheas d'athrú aeráide, gníomhaíochtaí seasmhach ó thaobh na haeráide a chur i bhfeidhm, agus meastacháin oiriúnaithe aeráide a phríomhshruthú i gceapadh beartais a chinntiú go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil.

Leagann Straitéis Fadtéarmach ar Laghdúithe ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa amach treoracha táscacha, i ndiaidh 2030, neodracht carbóin a bhaint amach d'Éirinn faoi 2050. Cuireann an Straitéis le cosáin dhícharbónaithe atá leagtha amach ag na buiséid charbóin, srianta astaíochtaí earnála agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide náisiúnta, lena chinntiú go mbeidh beartas aeráide soiléir agus éifeachtach i gceist. Tá taca curtha faoi anailís aistrithe ar na roghanna ar fud gach príomhearnála sa gheilleagar agus cruthaíonn sé nasc riachtanach idir spriocanna aeráide na hÉireann 2030 agus an cuspóir fadtéarmach atá leagtha amach ag Cuspóir Aeráide Náisiúnta na hÉireann agus Dlí Aeráide na hEorpa.

Tá Pleananna Oiriúnaithe Aeráide Earnála foilsithe ar fud na ranna Rialtais, mar fhreagra ar an gCreat Oiriúnaithe Náisiúnta. Glacann gach Plean na príomhrioscaí atá os comhair na hearnála agus an cur chuige a tógadh chun dul i ngleic leis na rioscaí agus athléimneacht aeráide a thógáil don todhchaí. Forbraíodh iad thar phróiseas pleanála oiriúnaithe sé chéim atá sonraithe sna Treoirínte Pleanála Earnála arna fhoilsiú ag An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Téann na Pleananna i ngleic leis na hearnálacha seo a leanas: Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Líonraí Cumarsáide, Bainistíocht Riosca i gcás tuilte, Caihdeán Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce agus Sláinte.

Tá ról lárnach ag Rialtas Láir i mbeartas a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil acmhainní ar fáil chun tiomantas na hÉireann a réadú chun cuspóir córais fuinnimh glan-neodracht carbóin a bhaint amach do shochaí na hÉireann agus sa phróiseas, cruthaítear tír bríomhar atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus inbhuanaithe. Oibreoidh an Rialtas Lárnach agus áitiúil i gcomhpháirtíocht lena chinntiú go mbeidh freagra éifeachtach ar na dúshláin curtha i láthair ag athrú aeráide.

Rinneadh an Cairt Gníomhaíochta Aeráide (féach aguisín 1 le do thoil) idir Comhairle Contae Chorcaí agus gach Ranna Rialtais in 2019 a shíniú ag an bPríomh-Fheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí agus an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar son gach Ranna Rialtais agus léiríonn sé gealltanas chun cur le hiarrachtaí agus ról lárnach a bheith go háitiúil agus go náisiúnta chun gníomhú ar son na haeráide éifeachtach a bhaint amach. Tugann sé dualgas do Chomhairle Contae Chorcaí dlúthcheannaireacht a ghlacadh chun gníomhú ar son na haeráide a thabhairt chun cinn ar leibhéal réigiúnach agus áitiúla agus ag cloí le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go háirithe Sprioc 13 Gníomhú ar son na hAeráide. Mar aon le hastaíochtaí a laghdú óna n-oibríochtaí féin geallann Comhairle Contae Chorcaí comhoibriú agus comhpháirtíocht le fiontar áitiúil, grúpaí pobail, saoránaigh mar aon leis na hearnálacha poiblí, príobháideacha, agus oideachasúla ar thionscnaimh faoi gníomhú ar son na haeráide.

Is straitéis rialtais áitiúil é Gníomhú ar Son na hAeráide Éifeachtach 2030 (DECA 2030) ar ghníomhú ar son na haeráide a foilsíodh in Aibreáin 2021. Léiríonn an straitéis tiomantas earnála uileghabhálach chun cur chuige ciallmhar maidir le gníomhú ar son na haeráide ar fud na struchtúr riaracháin agus polaitiúil den 31 údarás áitiúil. Ar leibhéal earnála déanann an straitéis cumarsáid faoi chuspóir straitéiseach ginearálta trí staid ceannaireachta beartaithe, chun dul i gcomhairle le líonra an údarais áitiúil chun gníomhú ar son na haeráide go héifeachtach. Laistigh den earnáil, léiríonn an straitéis ar an iomlán comhaontú ar ardleibhéal ar an gcur chuige do ghníomhú ar son na haeráide agus gealltanas láidir don ról ceannaireachta atá leagtha síos. Is treochlár sonraithe é an straitéis do na húdarais áitiúla chun freagraí dícharbónaithe agus oiriúnaithe atá riachtanach a chur ar fáil d'athrú aeráide.

2.4 RIACHTANAS CHOMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ MAIDIR LE PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE

Déanann Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Comhairle Contae Chorcaí na naisc a láidriú idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gníomhú ar son na haeráide éifeachtach a chur ar fáil go háitiúil agus ag leibhéal an phobail, trí ghníomhú ar son na haeráide atá áitbhunaithe. Is é luach intreach an phlean um ghníomhú ar son na haeráide ná go bhfuil ról suntasach aige chun tiomantas a threisiú tríd an earnáil sa rialtas áitiúil chun gníomhú ar son na haeráide a thabhairt go leibhéal áitiúla agus náisiúnta, mar atá léirithe sa straitéis rialtais áitiúil DECA 2030. Le linn é a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, tabharfaidh Comhairle Contae Chorcaí Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide deis ar fáil páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile ar fud na bpobal agus gach earnáil, chun cur le fíis don aeráid neodrach amach anseo.

Tá Comhairle Contae Chorcaí agus údaráis áitiúla eile ar fud na hÉireann, suite go maith ar thús cadhnaíochta le gníomhú ar son na haeráide in Éirinn. Tá ról suntasach ag Comhairle Contae Chorcaí maidir le bearta oiriúnaithe agus maolaithe a chur ar fáil ar leibhéal áitiúla agus pobail. Chuireamar an obair faoi chúram ár bhfeidhmeanna rialála agus straitéiseacha chun spriocanna aeráide náisiúnta uaimhianacha agus beartais a oibriú ar leibhéal áitiúil, chun cabhrú le Cuspóir Aeráide Náisiúnta a chur ar fáil. Tá acmhainní Rialtais Lárnaigh curtha ar fáil tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta agus feidhmíonn an Chomhairle mar ghníomhairí do ranna Rialtais i go leor réimsí cosúil le hAisfheistiú Tithíocht Sóisialta agus scéimeanna deontais taistil ghníomhach, ina measc.

Tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Comhairle Contae Chorcaí mar chuid d'íarrachtaí níos fadtéarmaí a bhfuil freagra inbhuanaithe agus pleanáilte ag teastáil chun cuspóir neodracha aeráide a chur ar fáil ar leibhéal áitiúla agus phobail. Cuireann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide meicníocht ar fáil chun gníomhaíochtaí oiriúnaithe agus maolaithe a thabhairt le chéile chun gníomhú dearfach agus torthaí ar son na haeráide a thiomáint ar fud an údaráis áitiúil agus a réimse riaracháin. Tá an creat do ghníomhaíochtaí aeráide atá leagtha síos laistigh den phlean, a leagann amach an socrú de ghníomhaíochtaí aeráide laistigh de struchtúr sonrach a chinntíonn ailíniú idir na gníomhaíochtaí ar an talamh agus an fíis ar ardleibhéal a bhfuil an plean mar ardfheidhm le cur ar fáil.

Tá an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide ullmhaithe de réir Treoirínte an Údaráis Áitiúil maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid Márta 2023.

2.5 STRUCHTÚR AN PHLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE

Tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Comhairle Contae Chorcaí ag cur beartas agus reachtaíocht um athrú aeráide idirnáisiúnta agus náisiúnta san áireamh mar aon leis an t-eolas cothrom le dáta ar leibhéal reatha d'athrú aeráide mar aon lena thionchair agus réamh-mheastacháin don todhchaí. Chun toradh an phróisis seo a léiriú, tá Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide leagtha amach i gceithre chuid.

Tá an bonn fianaise atá i gCaibidil 3 ag leagan amach an stádas d'astaíochtaí Chontae Chorcaí agus rioscaí aeráide agus cuireann sé bonn eolais ar ghníomhú ar son na haeráide laistigh den cheantar dlínsiúil de Chomhairle Contae Chorcaí.

Tá an creat do ghníomhú aeráide ar fáil i gcaibidil 4 agus áirítear anseo an Fís, Cuspóirí Straitéiseacha, Aidhmeanna agus Gníomhaíochta.

Tá forbairt an Chrios Dícharbónaithe i gContae Chorcaí leagtha amach i gcaibidil 5 den cháipéis seo. Tá Maigh Chroma ainmnithe mar Chrios Dícharbónaithe do Chomhairle Contae Chorcaí bunaithe ar a thréithe soch-eacnamaíocha agus fisiceacha comhshaoil a mheastar a bheith ina chuid cuí den chritéar um Chrios Dícharbónaithe sonrath. Áirítear sa chaibidil seo den phlean Fís don Chrios Dícharbónaithe, Ceantair Tosaíochta Straitéiseacha um Chrios Dícharbónaithe agus Gníomhartha um Chrios Dícharbónaithe.

Leagann an chuid dheireanach den Plean seo amach cur chuige Comhairle Contae Chorcaí chun gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, dul chun cinn a thomhais, méadraigh a úsáid mar aon leis an gcaoi a thabharfaidh an Comhairle tuarascáil ar ghníomhaíochtaí i saolré an Phlean (caibidil 6).

2.6 CONCLÚID

Tá beartas um ghníomhú ar son na haeráide agus dícharbónaithe in Éirinn mar bhonn agus taca le líon beartais náisiúnta, pleananna agus reachtaíocht atá fíoraithe agus curtha i bhfeidhm ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Tá athrú substaintiúil ar bheartas náisiúnta le blianta beaga anuas ar fud an Stáit, le ghníomhú ar son na haeráide mar ról lárnach agus bunúsach i ndéanamh beartais agus cinnteoireachta ar gach leibhéal de rialtas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil in Éirinn. Tá roinnt de na príomhbheartais agus na príomhphleananna a bhfuil tionchar acu ar ghníomhú ar son na haeráide agus dícharbónaithe in Éirinn agus, ar leibhéal áitiúil i gContae Chorcaí, faoi thagairt sa chaibidil seo.

Tá cuspóirí agus spriocanna beartais tiomanta ar leibhéal náisiúnta agus tugtar tacaíocht dóibh ó bheartais réigiúnacha agus áitiúla, pleananna agus straitéisí a chabhraíonn leo na spriocanna a bhaint amach ar leibhéal áitiúil. Tá an méid sin mar bhonn agus taca ag an Acht um Gníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, a bhunaíonn creat atá ina cheangal dlí le spriocanna soiléire agus gealltanais leagtha amach sa dlí agus cinntíonn sé go bhfuil na struchtúir agus na próisis riachtanacha leabaithe ar bhonn reachtúil lena chinntiú go mbainfidh Éire amach cuspóirí agus oibleagáidí aeráide AE agus idirnáisiúnta go gearrthéarmach agus go fadtéarmach.

Tá an chaibidil seo ag leagan amach roinnt beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i gContae Chorcaí a thacaíonn le haistear Éireann (agus Contae Chorcaí) agus aistriú go glan-neodracht ó thaobh carbóin agus gilleagar neodracht ó thaobh na haeráide gan níos déanaí ná 2050.

Tá plean uailmhianach ag Comhairle Contae Chorcaí chun ár staid uathúil a chaipitliú chun gníomhú ar son na haeráide a thabhairt chun cinn sa Chontae. Sonraíonn an plean seo gníomhaíochtaí a ghlacfaidh an Comhairle ar fud a seirbhísí féin chun spriocanna astaíochtaí náisiúnta a bhaint amach agus chun athléimneacht a sócmhainní daonna agus bonneagair a mhéadú in aghaidh tionchair athrú aeráide. Sonraíonn an plean seo freisin an chaoi a n-oibreoidh an t-údarás áitiúil lena phobail chun troid ar son athruithe agus leis an rialtas náisiúnta agus gníomhaíochtaí stáit chun gníomhú ar son na haeráide a chur ar fáil.

3 GNÍOMHÚ FIANAISEBHUNAITHE AR SON NA HAERÁIDE



Tá an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide bunaithe ar fhianaise a bhailigh Comhairle Contae Chorcaí agus leagtar amach sa chaibidil seo é. Baineann dhá ghné leis an bhfianaise seo.

- an fardal maidir le Bonnline Astaíochtaí carbóin (FBA) an chontae ar fad,
- an Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide (MRAÁ) don chontae ar fad


3.1 FARDAL MAIDIR LE BONNLÍNE ASTAÍOCHTAÍ (FBA) CHONTAE CHORCAÍ

Fardal maidir le Bonnline Astaíochtaí (FBA) Chontae Chorcaí

Fuair Údarás Áitiúla treoir i ndoiciméad CARO 'Iarscríbhinn Theicniúil C' maidir le sonraí astaíochtaí a bhailiú don bhliain bhonnline 2018, nó chomh gar don bhliain 2018 agus ab fhéidir. Roghnaíodh an bhliain seo ionas go mbeadh na sonraí ag teacht le spriocanna náisiúnta astaíochtaí na hÉireann atá leagtha síos i gcoinne na bliana bonnline sin.

Rinne Comhairle Contae Chorcaí Fardal maidir le Bonnline Astaíochtaí (FBA) le linn 2022 - 2023 agus chuir siad tuarascáil i dtoll a chéile tuairisc-achomair-ar fhianaise-bhonnline-pdf.pdf (corkcoco.ie) faoi astaíochtaí gáis ceaptha teasa an Chontae don bhliain 2018 i gcomhréir leis an treoir thuas.

Rinneadh athrú ar an teorainn idir Údarás Áitiúil Chontae Chorcaí agus Údarás Áitiúil Chathair Chorcaí sa bhliain 2019 - tháinig méadú ar limistéar na cathrach. Rinneadh FBA 2018 a choigeartú ionas go mbeadh sé ag teacht le FBA na dtailte go léir a bhí laistigh de limistéar feidhme Chomhairle Contae Chorcaí tar éis an t-athrú ar an teorainn sa bhliain 2019.



July 6, 2023

Teorainn Chontae Chorcaí (l bhFeidhm ón 31ú Bealtaine 2019)

Teorainn Chathair Chorcaí (l bhFeidhm ón 31ú Bealtaine 2019)

Léaráid 3.1: Teorainneacha Chontae Chorcaí agus Chathair Chorcaí tar éis an t-athrú ar an teorainn sa bhliain 2019

EARNÁLACHA FBA

Chlúdaigh an measúnú seo astaíochtaí a raibh Comhairle Contae Chorcaí féin ina cúis leo, agus astaíochtaí a raibh earnálacha eile ina gcúis leo, mar atá leagtha amach san Fhardal Náisiúnta maidir le hAstaíochtaí. Is iad seo a leanas na hearnálacha sin:

- Cónaitheach
- Tráchtáil & Tionsclaíocht
- Talmhaíocht
- Iompar
- Úsáid talún, athrú ar úsáid talún & foraoiseacht (ÚTAÚTF)
- Dramhail
- Bardasach

A THÁBHACHTAÍ IS ATÁ ASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN DON ATHRÚ AERÁIDE

Tá iarmhairt nádúrtha ceaptha teasa ag an Domhan mar gheall ar rianmhéideanna galuisce (H₂O), dé-ocsaíd charbóin (CO₂), meatán (CH₄) agus ocsaíd nítriúil (N₂O) san atmaisféar. Is féidir le radaíocht ón ngrian teacht isteach tríd na gáis seo go dromchla an Domhain, ach ionsúnn siad an radaíocht infridhearg a astaíonn an Domhan féin agus ar an gcaoi sin bíonn téamh dhromchla an phláinéid mar thoradh air.

Tá méadú tagtha ar an iarmhairt seo toisc go bhfuil tiúchan méadaithe gás ceaptha teasa san aer mar gheall ar ghníomhaíochtaí daonna. Tá dé-ocsaíd charbóin, meatán, agus ocsaíd nítriúil i measc na bpríomhghás ceaptha teasa a bhfuil méadú ag teacht ar a dtiúchan.

Baintear úsáid as an bPoitéinseal Téimh Dhomhanda (PTD) chun iarmhairtí GCT éagsúla a thuiscint agus a chur i gcomparáid lena chéile. Cuirtear aonad coiteann tomhais ar fáil (coibhéisí CO₂ (CO₂e)) leis an PTD seo, rud a léiríonn an méid fuinnimh a ionsúfaidh astaíochtaí 1 tonna GCT thar thréimhse áirithe ama i gcoibhneas le hastaíochtaí 1 tonna CO₂.

Tugtar forléargas sa tábla thíos ar PTD na ngás CO₂, CH₄ agus N₂O, mar atá ag teacht leis an Séú Tuarascáil Mheasúnaithe (AR6) ón bPainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (IPCC):

GÁS CEAPTHA TEASA	POITÉINSEAL TÉIMH DHOMHANDA (PTD)
Dé-ocsaíd Charbóin, CO ₂	1
Meatán, CH ₄	27.9
Ocsaíd Nítriúil, N ₂ O	273

Tábla 3.1: Poitéinseal Téimh Dhomhanda (PTD) na bPríomhghás ceaptha teasa

Leibhéal FBA

Rinneadh Fardal maidir le Bonnline Astaíochtaí (FBA) Chomhairle Contae Chorcaí a fhorbairt i gcomhréir le treoidhoiciméad CARO 'Iarscríbhinn Theicniúil C': Measúnú ar Mhaolú Aeráide'.

Rinne Comhairle Contae Chorcaí measúnú FBA Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 don chontae.

MEASÚNÚ LEIBHÉAL 1 'Ó BHARR ANUAS'

- Is é cur chuige Leibhéal 1 an cur chuige is simplí agus is tapúla chun astaíochtaí carbóin a mheas ar leibhéal na Comhairle Contae.
 - Is iad sonraí atá ar fáil go poiblí atá mar bhonn eolais faoin gcur chuige, lena n-áirítear bunachar sonraí MapEire de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) mar aon le sonraí de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh (POS).
 - Déantar tacar sonraí Náisiúnta an GCC d'astaíochtaí gáis ceaptha teasa a mhapáil ar léarscáil na hÉireann leis an gcóras MapEire.

MEASÚNÚ LEIBHÉAL 2 'Ó BHUN ANÍOS'

- Tá sé de bhua ag cur chuige Leibhéal 2 gur féidir breathnú níos grinne leis ar a bhfuil taobh thiar d'astaíochtaí carbóin agus ar na háiteanna is measa óna thaobh sin de trí leas a bhaint as tacair shonraí níos mionsonraithe.


Is iad tacair shonraí atá ar fáil go poiblí an bonn eolais is mó faoin dá leibhéal, mar shampla bunachar sonraí MapEire de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus bunachar sonraí de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh (POS). Baintear úsáid as níos mó foinsí eolais amhail an tOllchlár Iompair agus an clár RFF i measúnú Leibhéal 2.

Is leor measúnú Leibhéal 1 más rud é nach bhfuil dóthain sonraí ar fáil chun measúnú iomlán Leibhéal 2 a dhéanamh.

TORTHAÍ FBA LEIBHÉAL 1

Léirítear thíos torthaí mheasúnú Leibhéal 1 'Ó bharr anuas' agus tuairiscítear astaíochtaí carbóin mar choibhéis dé-ocsaide carbóin (CO₂e). Mar a míníodh níos túisce, leis an aonad seo, is féidir iarmhairtí na ngás ceaptha teasa (GCT) éagsúla a thuairisciú mar aon uimhir amháin.

Taispeántar astaíochtaí FBA Leibhéal 1, arna miondealú de réir céatadán in aghaidh na hearnála, sa phíchart thíos.



Léaráid 3.2: Astaíochtaí FBA Leibhéal 1 - céatadán de réir earnála


Tabhair faoi deara nach n-áirítear astaíochtaí ó shaoráidí giniúna leictreachais sa phíchairt seo toisc go dtugtar cuntas ar na hastaíochtaí sin san áit a n-ídítear an leictreachas. Tá sé tábhachtach eolas a fháil ar na háiteanna ina n-ídítear an fuinneamh ionas gur féidir gníomhartha maolaithe atá iomchuí agus sonracha a fhorbairt.

Is ionann Líon Iomlán na n-astaíochtaí carbóin bonnlíne laistigh de limistéar teorann Chontae Chorcaí agus 8,083 cileatonna CO₂e.


Is í earnáil na talmhaíochta an earnáil is mó is cúis le hastaíochtaí, agus tá earnáil an iompair sa dara háit. Tugtar miondealú thíos ar na gáis ceaptha teasa éagsúla san astaíocht fhoriomlán seo.

FBA LEIBHÉAL 1 - TORTHÁI DE RÉIR CHINEÁL AN GHÁIS CEAPTHA TEASA

Mar a luadh níos túsce, áirítear cineálacha éagsúla gás ceaptha teasa sa FBA. Tá Dé-ocsaíd Charbóin, Meatán, Ocsaíd Nítriúil agus gáis eile ina measc. Taispeántar na príomhgháis aonair sa FBA, de réir earnála, sna píchairteacha thíos.



Léaráid 3.3: Leibhéal 1 - Astaíochtaí Dé-ocsaíde Carbóin de réir earnála




Léaráid 3.4: Leibhéal 1 - Astaíochtaí Meatáin de réir earnála

Maidir le meatán agus ocsaíd nítriúil, is léir, gurb í earnáil na talmhaíochta is mó is cúis le formhór na n-astaíochtaí gás sin. Is léiriú é seo ar an líon Beostoic san earnáil agus ar an úsáid a bhaintear as leasachán.

Nóta Modheolaíochta

Maidir le measúnú FBA Leibhéal 2 'ó bhun aníos', níorbh fhéidir meastacháin a dhéanamh ar roinnt astaíochtaí iomlána carbóin ('Tráchtála & Déantúsaíochta', 'Próisis Tráchtála agus 'ÚTAÚTF'). I gcás na n-earnálacha seo, tá torthaí mheasúnú Leibhéal 1 curtha san áireamh agus léirítear iad i Léaráid 3.6

Astaíochtaí iomlána ocsaíde nítriúla (N2O) de réir earnála



Léaráid 3.5: Leibhéal 1 - Astaíochtaí Ocsaíde Nítriúla de réir earnála

FBA – LEIBHÉAL 2


Ní hé cuspóir mheasúnú Leibhéal 2 measúnú Leibhéal 1 a shárú, ach faisnéis bhreise a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht spriodhírthe.

Tá sé de bhua ag cur chuige Leibhéal 2 ‘Ó bhun aníos’ gur féidir breathnú níos grinne leis ar a bhfuil taobh thiar d’astaíochtaí carbóin agus ar na háiteanna is measa óna thaobh sin de trí leas a bhaint as tacair shonraí níos mionsonraithe.

FBA LEIBHÉAL 2 – TORTHÁÍ

Taispeántar an céatadán d’astaíochtaí FBA Leibhéal 2 de réir gach earnála, sa phíchart thíos.

Astaíochtaí iomlána carbóin (CO2e) de réir earnála agus cur chuige ‘Ó bhun aníos’ Leibhéal 2 á úsáid.



Léaráid 3.6: Astaíochtaí FBA Leibhéal 2 - céatadán de réir earnála

Tá torthaí Leibhéal 2 díreach mar thorthaí FBA Leibhéal 1, agus ní bheifeá ag súil lena mhalairt. Bhí earnáil na Talmhaíochta sa chéad áit ó thaobh astaíochtaí de, agus earnáil an Lompair sa dara háit.

Pléitear sna codanna seo a leanas de mheasúnú Leibhéal 2 gach earnáil ar leith, agus leagtar amach príomhléargais, torthaí, foinse sonraí agus tuairimí agus laicísí. Braitheann na torthaí agus an anailís i gcur chuige Leibhéal 2 go mór ar na sonraí atá ar fáil.

ASTAÍOCHTAÍ A BHFUIL COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ FÉIN INA CÚIS LEO

Tagann astaíochtaí a bhfuil Comhairle Contae Chorcaí féin ina cúis leo faoi scáth na hearnála Bardais lena mbaineann níos lú ná 1 faoin gcéad d'astaíochtaí an Chontae, mar a léirítear sa phíchart (Léaráid 3.6).

Tá sé de fhreagracht ar Chomhairle Contae Chorcaí rialú a dhéanamh ar an méid agus ar an gcineál fuinnimh a úsáidtear inár bhfoirgnimh agus inár n-oibríochtaí laistigh den réigiún riaracháin, i soilsiú poiblí sa réimse seo agus inár bhflít feithiclí.


Déantar taifead ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh agus carbón agus a bhfuil Comhairle Contae Chorcaí freagrach astu i gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) de chuid ÚFIÉ don earnáil phoiblí, agus tugtar achoimre orthu thíos

FOINSE AS-TAÍOCHTAÍ	LEICTREACHAS	FOINSE THEIRMEACH	BREOSLA IOMPAIR (OLA BHREOSLA DE BHUNÚS MIANRAÍ)	BITHBHREOSLA IOMPAIR	IOMLÁN
Foirgnimh Bhardasacha, saoráidí, soilsiú poiblí (tCO ₂)	11,687	4,142			5,828
Flít Bardasach (tCO ₂)			4,235	0	4,235
					20,064

Tábla 3.2: Astaíochtaí a bhaineann le carbón a bhfuil Comhairle Contae Chorcaí féin ina cúis leo

RÓL SPREAGTHACH NA COMHAIRLE

Cé go bhfuil astaíochtaí na Comhairle féin réasúnta beag, tá ról comhordaithe, éascaithe agus tacaíochta ag an gComhairle maidir le gníomhú ar son na haeráide i measc na n-earnálacha agus na bpobal eile sa chontae mar a léirítear thíos.



Léaráid 3.7: Tionchar Chomhairle Contae Chorcaí ar Earnálacha eile

CÓNAITHEACH

Tá an earnáil chónaitheach ina cúis le 10 % d'astaíochtaí an Chontae. Rinneadh ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a bhaineann leis an earnáil chónaitheach a ríomh i bpróiseas trí chéim:

- 1) trí shonraí a bhaint as uirlis ÚFIÉ um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) agus iad a iolrú trí úsáid a bhaint as figiúirí don stoc iomlán tithíochta (de réir cineáil) i gContae Chorcaí;
- 2) tríd an méid iomlán fuinnimh a ídíodh a mhiondealú de réir breosla agus leictreachais trí úsáid a bhaint as an Tuarascáil Comhardaithe Náisiúnta Fuinnimh ó ÚFIÉ;
- 3) trí úsáid a bhaint as fachtóirí tiontaithe ÚFIÉ, chun figiúirí don mhéid fuinnimh a ídíodh a thiontú ina bhfigiúirí astaíochtaí.

CINEÁL FOIRGNIMH CHÓNAITHE	GUAL	MÓIN	OLA	GÁS NÁDÚR-THA	FOINSÍ IN-ATHNU-AITE	LEICTREA-CHAS	IOMLÁN
Árasán	6,793	6,158	39,316	18,928	2,225	22,025	95,445
Teach scoite	83,288	75,507	482,081	232,082	27,287	270,058	1,170,302
Teach sraithe	37,628	34,113	217,798	104,851	12,328	122,009	528,727
Teach leaths-coite	59,479	53,922	344,272	165,738	19,487	192,859	835,756
Iomlán (MWh)	187,187	169,699	1,083,467	521,599	61,327	606,951	2,630,230

Tábla 3.3: An Earnáil Chónaithe - Ídiú Fuinnimh (MWh)

CINEÁL FOIRGNIMH CHÓNAITHE	GUAL	MÓIN	OLA	GÁS NÁDÚR-THA	FOINSÍ IN-ATHNU-AITE	LEICTREA-CHAS	IOMLÁN
Árasán	2,314	2,266	10,142	3,874	-	8,264	26,859
Teach scoite	28,368	27,780	124,357	47,507	-	101,326	329,338
Teach sraithe	12,816	12,551	56,183	21,463	-	45,778	148,791
Teach leaths-coite	20,258	19,839	88,808	33,927	-	72,361	235,193
Iomlán (tCO ₂ e)	63,756	62,436	279,490	106,771	-	227,728	740,181

Tábla 3.4: An Earnáil Chónaithe - Astaíochtaí CO₂e (tCO₂e)

TRÁCHTÁIL & TIONSCLAÍOCHT

Rinneadh ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a bhaineann leis an earnáil Tráchtála & Tionsclaíochta a ríomh mar seo a leanas

- 1) trí shonraí tagarmharcála a bhaint as uirlis Tagarmharcála Fuinnimh CIBSE agus iad a iolrú faoi fhigiúirí don mheánídiú fuinnimh de réir cineál foirgnimh i gContae Chorcaí; Ba iad figiúirí don mhéanachar urláir de réir cineál foirgnimh i gContae Chorcaí sa bhliain 2018 a úsáideadh san iolrú seo agus an meánídiú fuinnimh á ríomh.
- 2) trí mhiondealú de réir breosla agus leictreachais a dhéanamh ar an méid iomlán fuinnimh a ídiodh, le cabhair ón Tuarascáil Comhardaithe Náisiúnta Fuinnimh ó ÚFIÉ;
- 3) trí úsáid a bhaint as fachtóirí tiontaithe ÚFIÉ, chun figiúirí don mhéid fuinnimh a ídiodh a thiontú ina bhfigiúirí astaíochtaí carbóin.

FOINSE FUINNIMH	MEÁNÍDIÚ FUINNIMH IOMLÁN DE RÉIR FOINSE FUINNIMH (KWH)	LÍON IOMLÁN NA MEÁNASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN DE RÉIR FOINSE FUINNIMH (TCO2E)
Gual	3,411	1
Gual Biotúmanach	3,997,789	1,362
Ola	1,580,033	1,007
Ceirisín	1,042,770	208
Ola Bhreosla	10,670	3
GPL	1,170,527	268
Ola gháis / Díosal / DERV	1,773,822	468
Gás Nádúrtha	2,155,669	441
Leictreachas	1,382,344	519

Tábla 3.5: An earnáil Tionsclaíochta agus Tráchtála - Meánídiú Fuinnimh agus Meánastaíochtaí de réir Foinse Fuinnimh

TALMHAÍOCHT

Rinneadh ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a bhaineann le hearnáil na talmhaíochta a ríomh i bpróiseas trí chéim:

- 1) trí fhigiúirí astaíochtaí a bhaineann le hearnáil na talmhaíochta a bhaint as bunachar sonraí MapEire;
- 2) trí mhiondealú a dhéanamh ar an bhfuinneamh iomlán a ídiodh de réir úsáid fuinnimh, trí úsáid a bhaint as uirlisí de chuid Teagasc, Defra;
- 3) trí úsáid a bhaint as fachtóirí tiontaithe ÚFIÉ, chun figiúirí don mhéid fuinnimh a ídiodh a thiontú ina bhfigiúirí astaíochleanas.

TALAMH CHURÁIOCHTA	TALAMH CHURÁIOCHTA (HEICTEÁIR)	RIACHTANNAIS FUINNIMH			ASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN (TCO2)		
		LEICTREACHAS	TÉAMH	INNEALRA FEIRME SOGHL- UAISTE	LEICTREACHAS	TÉAMH	INNEALRA FEIRME SOGHL- UAISTE
Barra, torthaí & gairneoireacht (iomlán)	11,248	43,261,346	8,436,300	12,935,660	16,232	2,168	3,414
Barra gráin (iomlán)	35,423	16,443,310	4,845,853	52,468,399	6,170	1,245	13,846
				TOTAL	22,401	3,414	17,260
				TOTAL	43,075		

BEOSTOC	LÍON BEOSTOIC AR FHEIRMEACHA	RIACHTANNAIS FUINNIMH			ASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN (TCO2)		
		LEICTREACHAS	TÉAMH	INNEALRA FEIRME SOGHL- UAISTE	LEICTREACHAS	TÉAMH	INNEALRA FEIRME SOGHL- UAISTE
Eallach (iomlán)	1,104,794	149,943,625	-	545,224,087	56,259	-	143,885
Caoirigh (iomlán)	238,836	126,464,975	-	214,017,650	47,450	-	56,479
Muca (iomlán)	285,580	23,478,650		39,733,100	8,809	-	10,486
				TOTAL	112,518	3,414	210,850
				TOTAL	323,368		

Tábla 3.6: Earnáil na Talmhaíochta - Ídiú Fuinnimh agus Astaíochtaí (tCO2)

IOMPAR

Rinneadh ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a bhaineann leis an earnáil iompair a ríomh i bpróiseas dhá chéim:

- 1) tríd an méid iomlán fuinnimh a ídíodh a mhiondealú de réir modh iompair agus breosla trí úsáid a bhaint as an Tuarascáil Comhardaithe Náisiúnta Fuinnimh ó ÚFIÉ;
- 2) trí úsáid a bhaint as fachtóirí tiontaithe ÚFIÉ, chun figiúirí don mhéid fuinnimh a ídíodh a thiontú ina bhfigiúirí astaíochtaí.

MODH IOM-PAIR	GÁSAILÍN	GPL	OLA GHÁIS / DÍOSAL / DERV	FO-IOM-LÁN: OLA	GÁS NÁDÚR-THA	BITH-BHREO-SLAÍ	LEIC-TREA-CHAS	FO-IOM-LÁN: IN-ATH-NUAITE	MÓRIOM-LÁN
Lasta de Bhóthar	-	-	239,193	3,874	8	-	-	0	
Feithiclí Earraí Éadroma do Bhóithre	-	-	124,435	47,507	-	-	-	0	
Carr Priobháideach de Bhóthar	12,816	604	492,418	21,463	-	-	567	568	
Seirbhísí Poiblí Paisinéirí	20,258	-	31,621	33,927	-	-	-	0	
Iomlán	243,162	604	887,667	1,131,433	8	-	567	568	1,132,009

Tábla 3.7: Líon Iomlán na nAstaíochtaí Carbóin de réir Modh Iompair agus Foinse Breosla (tCO₂e)

SONRAÍ ASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN A D'EISIGH AN TÚDARÁS NÁISIÚNTA IOMPAIR (ÚNI)

Chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) cuid dá shamhail de bhóithre réigiúnacha chuig Comhairle Contae Chorcaí. Léirítear sa tsamhail an gréasán bóithre laistigh de theorainn riaracháin na Comhairle mar aon leis na hastaíochtaí CO₂ a ghabhann le gach stráice de na bóithre sin.


Léirítear sa tsamhail gurb é 810 cileatonna CO₂ méid iomlán na n-astaíochtaí carbóin a bhfuil iompar de bhóthar ina chúis leo (carr, iompar poiblí, siúl agus rothaíocht). Chomh maith leis sin, cuirtear miondealú de réir modh iompair ar fáil i samhail ÚNI lena dtugtar léiriú ar ghníomhaíocht ar bhóithre Chomhairle Contae Chorcaí, mar a léirítear sa tábla thíos.

Ní chlúdaítear i samhail ÚNI ach cuid de na modhanna iompair a úsáidtear ar bhóithre mar atá léirithe sa tábla thall.

Ba cheart, dá bhrí sin, sonraí eile Leibhéal 2 a úsáid in éineacht leis na sonraí atá ar fáil i samhail ÚNI.

MODH IOMPAIR	%
Carr	80
Iompar Poiblí	5
Siúl	13
Rothaíocht	1

Tábla 3.8: Miondealú de réir Modh Iompair ar Bhóithre (tógtha as Samhail ÚNI)



Esri, Intermap, NASA, NGA, USGS, Esri, HERE, Garmin, FourSquare, FAO, METI/NASA, USGS

Léaráid 3.8: Léaráid tógtha as Samhail ÚNI de Bhóithre Réigiúnacha

ÚTAÚTF

Rinneadh ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a bhaineann le hearnáil ÚTAÚTF a ríomh trí úsáid a bhaint as sonraí ó thacar sonraí Corine. <https://gis.epa.ie/GetData/Download>.

Ba é bunachar sonraí Corine an fhoinsé sonraí ab fhéarr a bhí ar fáil agus anailís FBA á déanamh. Tugtar miondealú ann ar chineálacha úsáide talún laistigh de Chontae Chorcaí.

Ní féidir astaíochtaí a lua le cineálacha talún ar leith ag an bpointe seo toisc go n-astaíonn cineálacha éagsúla talún leibhéil éagsúla astaíochtaí carbóin agus níl sé éasca miondealú ar bhonn cineál talún a dhéanamh sa limistéar. Mar sin féin, is úsáideach an t-eolas é an céatadán (%) de chlúdach talún chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht amach anseo.

Léirítear na céatadáin d'úsáid talún sa chontae sa tábla thíos, tabhair faoi deara gur 'féarach' é thart ar dhá thrian de limistéar Chomhairle Contae Chorcaí:

CINEÁL ÚSÁIDE TALÚN (DE RÉIR CORINE 2018)	ACHAR (HEICTEÁIR HA)	% DEN LIMISTÉAR AR A BHFREASTALAÍONN COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ
Féarach	469,118	64.20%
Talamh a úsáidtear don talmhaíocht den chuid is mó, ach tá roinnt mhaith fásra nádúrtha in áiteanna	49,303	6.70%
Talamh churaíochta neamh-uiscithe	41,241	5.60%
Portaigh mhóna	37,517	5.10%
Foraois bhuaircíneach	33,522	4.60%
Fásra idirthréimhseach (Coillearnach-Toir)	28,332	3.90%
Móinteach agus fraochmhá	21,102	2.90%
Patrúin chasta saothraithe	12,131	1.70%
Foraois mheasctha	7,977	1.10%
Talamh uirbeach neamhleanúnach	7,223	1.00%

Tábla 3.9: Cineálacha Úsáide Talún (Céatadáin) i gContae Chorcaí sa bhliain 2018

DRAMHAÍL

Rinneadh ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a bhaineann leis an earnáil dramhaíola a ríomh i bpróiseas dhá chéim:

1. Tógadh méid iomlán na n-astaíochtaí meatáin do gach saoráid cheadúnaithe ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí ón gClár um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (CSAT) agus cuireadh i dtoll a chéile iad;
2. Ansin, rinneadh méid iomlán na n-astaíochtaí meatáin a roinnt ar dhaonra iomlán Chathair agus Chontae Chorcaí (kg CH₄ in aghaidh an duine). Ansin, rinneadh an figiúr sin a iolrú faoi dhaonra iomlán an limistéir a bhfreastalaíonn Comhairle Contae Chorcaí air chun tuiscint a fháil ar astaíochtaí laistigh de theorainn na Comhairle.

D'fhéadfadh sé go bhfuil saoráidí dramhaíola eile laistigh den teorainn measúnaithe nach bhfuil san áireamh i mbunachar sonraí an GCC. Níl aon sonraí astaíochtaí ar fáil i gcás roinnt saoráidí dramhaíola.

Glactar leis go bhfuil saoráidí dramhaíola ann do na limistéir ar fad a bhfreastalaíonn Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí orthu. Is é an cur chuige is láidre le glacadh, dá réir sin, ná astaíochtaí a bhaineann le gach saoráid dramhaíola a chur san áireamh agus coigeartú cuí a dhéanamh chun go mbeidh siad ag teacht leis an daonra laistigh de limistéar teorann Chomhairle Contae Chorcaí.

AINM NA SAORÁIDE DRAMHAÍOLA	LÍON IOMLÁN NA NASTAÍOCHTAÍ MEATÁIN (KG CH4)	LÍON IOMLÁN NA NASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN (TCO2E)
Láithreán Líonta Talún Bhaile an Ghaill Rua, Baile an Ghaill Rua Thuaidh, Mala, Corcaigh.	403,837	11,267
Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile, Nascbhóthar Dheisceart na Cathrach, Corcaigh.	3,031,941	84,591
Láithreán Líonta Talún Oirthear Chorcaí, An Ros Mór, Carraig Thuathail, Corcaigh.	468,791	13,079
Láithreán Líonta Talún Eochaille, Fearann Láibeach Eochaille, Eochail, Corcaigh.	981,685	27,389
Láithreán Líonta Talún na Binne Duibhe, An Bhinn Dubh, Ros Ó gCairbre, Corcaigh.	181,823	5,073
Láithreán Líonta Talún Dhoire Chonaill, Doire Chonaill, an Scoil, Corcaigh.	196,574	5,484
Iomlán		147,774

Tábla 3.10: An Earnáil Dramhaíola - Astaíochtaí Carbóin agus Meatáin

FBA LEIBHÉAL 2 – ASTAÍOCHTAÍ DE RÉIR FOINSE DO GACH EARNÁIL

Úsáideadh sonraí atá ar fáil go poiblí mar bhonn fianaise faoin miondealú do gach earnáil, mar atá luaite sa chuid seo den phlean. Ní raibh aon sonraí ar fáil i gcásanna áirithe, agus dá bhrí sin, ní rabhthas in ann ach miondealú teoranta a dhéanamh ar astaíochtaí a bhfuil earnáil áirithe ina cúis leo.

Tugtar táblaí achomair thíos ar an miondealú a rinneadh ar an mbonnlíne astaíochtaí - miondealú de réir foinse fuinnimh ar dtús agus miondealú de réir astaíochtaí carbóin bainteacha ina dhiaidh sin.

FOINSE ASTAÍOCHTAÍ	CÓNAITHEACH	BARDASACH	IOMPAR
Gual	187,187	-	-
Móin	169,699	-	-
Ola	1,083,467	-	3,363,649
Foinse Theirmeach	-	9,480	-
Gásailín	-	-	965,866
GPL	-	-	2,626
Gás Nádúrtha	521,599	-	38
Bithdhíosal	-	0.001	144,198
Bitheatánól	-	494	31,964
Leictreachas	606,951	31,148	1,515,
Iomlán (MWh)	2,630,230	56,677	4,509,311

Tábla 3.11: Tábla Achomair ar FBA Leibhéal 2 arna mhiondealú de réir foinse fuinnimh (Mwh)

FOINSE ASTAÍOCHTAÍ	CÓNAITHEACH	BARDASACH	IOMPAR	DRAMHAÍL
Gual	63,756	-	-	-
Móin	62,436	-	-	-
Ola	279,490	-	887,667	-
Foinse Theirmeach	-	4,142	-	-
Gásailín	-	-	243,162	-
GPL	-	-	604	-
Gás Nádúrtha	106,771	-	9	-
Foinsí in-athnuaite	-	-	-	-
Bithdhíosal	-	-	-	-
Bitheatánól	-	-	-	-
Leictreachas	227,728	11,687	567	-
Iomlán (tCO2e)	740,181	15,829	1,169,184	90,698

Tábla 3.12: Tábla Achomair ar FBA Leibhéal 2 arna mhiondealú de réir astaíochtaí carbóin bainteacha. (tCO2e)

3.2 MEASÚNÚ RIOSCA AR ATHRÚ AERÁIDE

Tuigtear níos mó ná riamh gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda is tábhachtaí agus is fadtéarmaí dár linne, agus tá a thionchair le brath ar fud an domhain agus sa bhaile gach lá.

Tugtar cuntas thíos ar roinnt athruithe agus guaiseacha a raibh baint ag an aeráid agus ag an aimsir leo i gContae Chorcaí le déanaí.

Teochtaí:

- An teocht is airde a taifeadh i gContae Chorcaí ar an 18 Meitheamh 2018 ag Gleann Garbh 31.6°C.
- Ba sna 10 mbliana ata díreach imithe tharainn a taifeadh 4 cinn de na samhrai ba theo ag Aerfort Chorcaí (bunaithe ar thaifid a théann siar go dtí an bhliain 1961)

Méadú ar an méid báistí a thiteann

- Tháinig méadú 3% ar an meánmhéid bliantúil báistí ag Aerfort Chorcaí don tréimhse is déanaí (1981-2010) i gcomparáid leis an mbonnlíne 1961-1990
- Thit 230mm báistí le linn thuile Ros Ó gCairbre na bliana 2020 (an méid is airde a taifeadh ó bhí 1961 an)

Ardú ar Leibhéal na Mara

Tháinig ardú thart ar 40cm ar leibhéal na mara i limistéar Chuan Chorcaí ó bhí 1942 ann*

CÉIMEANNA SA PHRÓISEAS UM MEASÚNÚ RIOSCA

Is i gcomhréir leis na céimeanna sin a dhéanfar na Measúnuithe Riosca ar Ghuaiseacha Aeráide a ndéantar cur síos orthu thíos.

Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide na linne seo


- stair na dteagmhas drochaimsire a thaifeadh.
- guaiseacha aimsire agus a mhínice a tharlaíonn siad a aithint.
- measúnú a dhéanamh ar thionchar gach guaise
- measúnú riosca a dhéanamh ar gach guais.

Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide amach anseo

- an t-athrú ar mhínicíocht agus ar dhéine Teagmhas Drochaimsire a thuar
- an t-athrú a thuar, agus an t-athrú tuartha leochaileachta á chur san áireamh
- Measúnú Riosca a dhéanamh ar gach guais bunaithe ar an méid a tuaradh

TARLÚINTÍ ADHAIMSIRE I GCONTAE CHORCAÍ 1985–2022

Léirítear sa phíchart thíos na tarlúintí adhaimsire i gContae Chorcaí ón mbliain 1985 go dtí an lá atá inniu ann.



Léaráid 3.9: Tarlúintí Adhaimsire i gContae Chorcaí 1985 – 2023

Is fiú a lua go raibh tonn teasa ann trí huairé ó bhí 2018 ann.

Tugtar cuntas sa tábla thíos ar thionchair theagmhais drochaimsire na ndéich mbliana atá díreach imithe tharainn:

TEAGMHAS AIMSIRE	DÁTA	TIONCHAIR
Tonn Teasa	Lúnasa 2022	Teochtaí arda ar ráillí iarnróid. Dromchlaí bóthair curtha as a riocht ar fud an Chontae.
Stoirm Eunice	Feabhra 2022	Dúnadh thart ar 17 gcinn d'oifigí comhairle & láithreáin chonláiste mar gheall ar an mbaol ó stoirmeacha. Tharla thart ar 22 theagmhas de chrainn ag titim agus de chur isteach ar bhóithre. An séideán is treise taifeadta ag Rinn an Róistigh, Co. Chorcaí agus é 137 gciliméadar in aghaidh na huairé (74 kt).
Stoirm Bharra	Nollaig 2021	Tháinig tuilte taoide isteach i 23 áitreabh i mBeanntraí. Breis agus 3,000 bristeach cumhachta, na céadta tithe buailte ag cur isteach ar sholáthar uisce.
Tonn Teasa	Lúnasa 2021	Cuireadh bratacha dearga ar foluain os cionn tránna ar fud an chontae mar gheall ar Smugairlí an tseoil a bheith san uisce. Is speicis ionrach é seo a bhfuil cealga aige a d'fhéadfadh a bheith marfach.
Gaotha arda & báisteach throm	Deireadh Fómhair 2020	Cuireadh 15 ionad réadmhaoine i mBeanntraí faoi uisce nuair a tharla gaotha arda, báisteach throm, agus maidhm cois cósta.
Stoirm Ellen	Lúnasa 2020	Thuairiscigh BSL go raibh gearradh cumhachta i 40,000 áitreabh i gCorcaigh, lena n-áirítear an Scoil, Beanntraí, an Sciobairín, Cloich na Coillte, Dún Mánmhaí. Rinneadh dochar do bháid agus do shaoráidí sa Mhuirín nua i gCóbh i gCuan Chorcaí.
Stoirm Phroinsias	Lúnasa 2020	Thit báisteach throm agus d'éirigh bóithre contúirteach mar gheall ar smionagar agus tuile dromch-la orthu chomh maith le baol ó chrainn leagtha.
Tuilte i Ros Ó gCairbre	Lúnasa 2020	Thit 230 milliméadar báistí le linn tuilte Ros Ó gCairbre na bliana 2020 (an méid is airde a taifeadh ó bhí 1961 ann). Rinneadh damáiste do bhóithre agus do thithe.
Stoirm Atiyah	Nollaig 2019	Ba é 91 ciliméadar in aghaidh na huairé an buaic-luas leanúnach is mó a taifeadh agus tharla sé sin in Inis Arcáin. Dúnadh bóithre mar gheall ar chrainn leagtha orthu chomh maith le smionagar eile orthu. Cuireadh eiltí ar ceal ag Aerfort Chorcaí.
Tonn Teasa	Iúil 2018	Teochtaí arda & dálaí triomaigh. Taifeadh 30.1°C ag Páirc an Mhúraigh. An samhradh is tirime a taifeadh le 56 bliain.
Stoirm Emma & an t-Arracht ón Oirthear	Mar-2018	Cuireadh as an líonra iompair; shiob an sneachta go domhain ar bhóithre agus b'éigean carranna a thréigean dá bharr. Taifeadh 15 cheintiméadar de shneachta ag Aerfort Chorcaí agus bhí iostocht -7 oC ann ar an 1 Márta.
Stoirm Eleanor	Jan-2018	Bhí cearnóg bhaile Bheanntraí faoi thuilte cósta de bharr gaotha fórsa stoirme.
Spéirling Ophelia	Deireadh Fómhair 2017	Taifeadh luasanna gaoithe suas le 156 km/uir ag Rinn an Róistigh, rinneadh dochar mór d'fhoirgnimh agus do bhonneagar ar fud Chontae Chorcaí agus cuireadh isteach go mór ar líonraí iompair, fuinnimh agus cumarsáide.
Teochtaí faoi bhun an reophointe	Nollaig 2010	Taifeadh teochtaí chomh híseal le -7.2°C. Dúnadh gnólachtaí go fada fairsing agus rinneadh dochar mór do líonraí agus do bhonneagar uisce agus fuinnimh.

Tábla 3.13: *Tarlúintí Adhairsire i gContae Chorcaí 2010 – 2023*

GUAISEACHA AERÁIDE – MINICÍOCHT NA DTEAGMHAS:

Léirítear sa chairt thíos minicíocht na guaise do gach teagmhas aimsire thuasluaite.




Fig 3.10: *Minicíocht na dTeagmhas Drochairsire i gContae Chorcaí 1985–2022*

Léirítear minicíocht gach Guaise Aeráide sa tábla achomair thíos.

CINEÁL GUAISE	MINICÍOCHT	
Tonn Teasa	Coitianta	Uair amháin gach tréimhse 2 -10 mbliana
Triomach	Ó am go chéile	Uair amháin gach tréimhse 10 -100 bliain
Seal Fuar	Ó am go chéile	Uair amháin gach tréimhse 10 -100 bliain
Sneachta Trom	Ó am go chéile	Uair amháin gach tréimhse 10 -100 bliain
Drochstoirmeacha Gaoithe	Go minic	Uair amháin gach tréimhse 1 -2 bhliain
Tuille Chósta	Coitianta	Uair amháin gach tréimhse 2 -10 mbliana
Creimeadh Cósta	Coitianta	Uair amháin gach tréimhse 2 -10 mbliana
Tuille Bháistiúil	Ó am go chéile	Uair amháin gach tréimhse 10 -100 bliain
Tuille Abhann	Coitianta	Uair amháin gach tréimhse 2 -10 mbliana
Tuille Screamhuisce	Annamh	Níos lú na uair amháin gach 100 bliain

Tábla 3.14: Minicíocht na nGuaiseacha Aeráide

Tógadh an Rangú Minicíochta a úsáideadh thuas as na Treoirínte maidir le Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide - Iarscríbhinn Theicniúil B.

GUAISEACHA AERÁIDE - NEAMHCHOSAINT, LEOCHAILEACHT AGUS TIONCHAIR

Nuair a bhí an taifeadadh ar ghuaiseacha aeráide curtha i gcrích, rinneadh an Neamhchosaint, an Leochaileacht agus na Tionchair a bhain leis na teagmhais seo i gContae Chorcaí a mheas. Tugtar roinnt samplaí díobh seo thíos:

- Thuairiscigh BSL gur fágadh thart ar 40k áitreabh gan aon chumhacht le linn Stoirm Ellen i mí Lúnasa 2020.
- Ba iad tuilte cois cósta mhí Dheireadh Fómhair na bliana 2020 na cinn ba mheasa le 6 bliana. Beantraí agus Eochail ba mhó a bhí thíos leis, agus d'fhreastail seirbhísí dóiteáin na comhairle ar roinnt mhaith bóithre dúnta.
- Thit 230mm báistí ar Ros ó gCairbre i mí Lúnasa 2021, an méid báistí is mó a taifeadadh ó bhí 1961 ann. Tharla tuilte i 15 theach, dúnadh cuid den phríomhbhóthar N71 agus rinneadh an-damáiste do dhromchlaí bóithre mar thoradh air seo.
- Bhí seirbhís Dóiteáin Chontae Chorcaí tar éis dul i ngleic le loscadh sléibhe 10 n-uaire cheana faoi thús mhí Feabhra na bliana 2022. Triomach i mí Eanáir ba chúis leis sin.

GUAISEACHA AERÁIDE – PRÓISEAS UM MEASÚNÚ TIONCHAIR RIOSCA

Léirítear thíos an próiseas a úsáidtear chun teacht ar an neamhchosaint, ar an leochaileacht, ar na rioscaí agus ar na tionchair a bhaineann leis na Guaiseacha Aeráide a aithníodh. Is í an Ghuais a bhaineann le Tuilte Cois Cósta a léirítear sa chás seo.

Aithníodh cuid d'fhoirgnimh Chomhairle Contae Chorcaí mar fhoirgnimh atá i mbaol ó thuilte cois cósta. Measadh go mbainfeadh an baol is láidre ón nguais seo le foirgnimh nach raib a gcóras draenála maith a dhóthain. Dá mbeadh na foirgnimh seo buailte ag tuilte, d'fhéadfadh sé cur isteach ar chumas Chomhairle Contae Chorcaí a cuid seirbhísí a sholáthar.




Fig 3.11: An Próiseas Measúnaithe Riosca maidir le Guaiseacha Aeráide

Úsáideadh an próiseas céanna i gcás gach aon cheann de na guaiseacha aeráide a aithníodh. Léirítear sa tábla seo a leanas tionchair na nguaiseacha seo ar an gComhairle maidir lena cuid seirbhísí a sholáthar mar is gnách.

TIONCHAIR NA RIOSCAÍ REATHA A BHAINNEAN LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE AR SHOLÁTHAR SEIRBHÍSE NA COMHAIRLE

Glactar leis go mbeidh tionchar ag na guaiseacha aeráide a aithníodh thuas ar sholáthar seirbhísí agus feidhmeanna na Comhairle.

Rinneadh an measúnú ar Thionchar na nguaiseacha aeráide ar sheirbhísí na Comhairle i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos i ndoiciméad CARO 'Iarscríbhinn Theicniúil B': Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide

Tugadh catagóir tionchair do gach réimse soláthair seirbhíse mar a mhínítear thíos.

GUAIS	SEIRBHÍSE NA COMHAIRLE											
	SEIRBHÍSE GNÓ	BÓITHRE, COSÁIN, DROICHID:	STOC FOIRGNEAMH	BONNEAGAR POBAIL	OIDHREAGHT CHULTURTHA	UISCE STOIRME / SÉARACHAS	FUIOLLUISCE	SOLÁTHAR UISCE	CÁILÍOCHT UISCE	BITHÉAGSÚLACHT	FORBAIRT POBAIL	FREAGAIRT ÉIGE-ANDÁLA
Tonn Teasa	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Mion.	0	0	0	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.
Triomach	0	0	0	0	0	0	0	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Meas.
Seal Fuar	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	Mion.	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	Mion.	Meas.	Meas.
Sneachta Trom	Meas.	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.	0	0	Mion.	Mion.	0	Mion.	Meas.
Droch-stoirmeacha Gaoithe	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	Mion.	0	0	Mion.	Meas.	Meas.	Meas.
Tuile Chósta	Mion.	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	0	Mion.	Meas.	Meas.
Creimeadh Cósta	0	Mion.	0	Mion.	Meas.	0	0	0	0	Meas.	Mion.	Mion.
Tuile Bháistiúil	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.
Tuile Abhann	Mion.	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Meas.
Tuile Scream-huisce	0	Mion.	0	0	0	0	0	0	0	0	0	Mion.

Tábla 3.15: Tionchair na nGuaiseacha Aeráide ar Sholáthar Sheirbhísí na Comhairle

TIONCHAR	SIOMBAIL	CUR SÍOS
Measartha	Meas.	Laghdú suntasach ar sholáthar seirbhísí ag leibhéal an phobail.
Mionchúiseach	Mion.	Meath ar sheirbhísí ó am go chéile ach thabharfá faoi deara é.
Gan Tionchar ar bith	0	Gan Tionchar ar bith ar sholáthar seirbhísí

Tábla 3.16: Cur Síos ar Chatagóirí Tionchair

DÉINE FHORIOMLÁN NA NGUAISEACHA AERÁIDE AR AN GCOMHAIRLE MAIDIR LE PRÍOMHRÉIMSÍ RIOSCA

Rinneadh déine fhoriomlán na nguaiseacha aeráide ar an gComhairle i bpríomhréimsí riosca a ríomh tar éis measúnú a dhéanamh ar thionchar na nguaiseacha sin ar an gComhairle i dtaca le neamhchosaint, leochaileacht agus soláthar seirbhíse. Tá Scór Measúnaithe Riosca na dtionchar a aithníodh leagtha amach thíos.

GUAIS	RÉIMSÍ RIOSCA								
	FREQUENCY	ASSETS	HEALTH AND WELL-BEING	ENVIRONMENT	SOCIAL	CULTURAL HERITAGE	FINANCIAL	REPUTATIONAL	OVERALL IMPACT SCORE
Tonn Teasa	Coitianta	Meas.	Mion.	Meas.	Beag	Mion.	Beag	Beag	1.9
Triomach	Ó am go chéile	Beag	Beag	Meas.	Mion.	Mion.	Beag	Beag	1.6
Seal Fuar	Ó am go chéile	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Meas.	Mion.	2.4
Sneachta Trom	Ó am go chéile	Meas.	Meas.	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Mion.	2.6
Drochstoirmeacha Gaoithe	Go minic	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Meas.	Mion.	2.4
Tuile Chósta	Coitianta	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Meas.	2.4
Creimeadh Cósta	Coitianta	Mion.	Beag	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	2
Tuile Bháistiúil	Ó am go chéile	Mion.	Mion.	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	2.1
Tuile Abhann	Coitianta	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Meas.	2.4
Tuile Screamhúisce	Annamh	Mion.	0	0	Beag	0	Beag	0	0.6

Tábla 3.17: Tionchair Fhoriomlána na Rioscaí Reatha Aeráide ar Phríomhréimsí i gComhairle Contae Chorcaí

TIONCHAR	SIOMBAIL	CUR SÍOS
Measartha	Meas.	Brú damanta ar sholáthar seirbhíse. Laghdú suntasach ar sholáthar seirbhíse ag leibhéal an phobail.
Mionchúiseach	Mion.	Meath ar sheirbhíse ó am go chéile ach thabharfá faoi deara é.
Fánach	Beag	Fíoraítear an ghuais ach ní chuirtear isteach ar sholáthar seirbhíse
Gan Tionchar ar bith	0	Gan Tionchar ar bith ar sholáthar seirbhíse

Tábla 3.18: Cur Síos ar Chatagóirí Tionchair

MAITRÍS DE THIONCHAIR REATHA AN ATHRAITHE AERÁIDE

Is ar mhaithe le léiriú a thabhairt ar mheasúnú thionchair an athraithe aeráide ar Chomhairle Contae Chorcaí a forbraíodh maitrís de thionchair reatha an athraithe aeráide ina leagtar amach minicíocht gach guaise aeráide agus tionchair rioscaí reatha an athraithe aeráide. Leagtar amach sa mhaitrís an riosca reatha a bhaineann leis na guaiseacha a aithníodh laistigh de Chontae Chorcaí. Guaiseacha a tharlaíonn níos minice, déantar iad a bhreacadh níos gaire don taobh deas den chairt. Guaiseacha a mbíonn tionchar níos mó ar an gContae acu, déantar iad a bhreacadh níos gaire do bharr na cairte.

MEASÚNACHT AR THIONCHAIR REATHA AR AN AERÁID




Fig 3.12: Measúnú ar Thionchair Aeráide Reatha

Aithníodh sa mheasúnú seo na guaiseacha aeráide a raibh an tionchar foriomlán ab airde acu ar an údarás áitiúil, agus ba iad sin drochstoirmeacha gaoithe, sneachta trom, tuilte cois cósta agus tuilte abhann. Bhí ar an údarás áitiúil déileáil le drochstoirmeacha gaoithe níos minice ná le haon ghuaiseacha eile.

Ba ar bhonn aonair a rinneadh measúnú ar ghuaiseacha chun críocha an MRAÁ seo, ach is minic a tharlaíonn guaiseacha éagsúla ag an am céanna. Tarlaíonn sé seo go háirithe i dtimpeallachtaí inbhir i gContae Chorcaí (m.sh. Beantraí) áit a dtarlaíonn tuilte báistiúla, abhann agus cósta ag an am céanna.

ATHRÚ TUARtha, FAOIN MBLIAIN 2050, AR GHUAISEACHA AERÁIDE - CONTAE CHORCAÍ

Rinneadh cásanna tuartha don aeráid dhomhanda a fhorbairt bunaithe ar leibhéal na n-astaíochtaí carbóin, mar dá mhéad iad na hastaíochtaí is ea is mó iad tionchair an athraithe aeráide. Meastar go mbeidh na hathruithe ar aeráid Chontae Chorcaí ar aon dul leis na réamh-mheastacháin dhomhanda seo.

Féach thíos chun forléargas a fháil ar na hathruithe réamh-mheasta ar mhinicíocht agus ar dhéine na nguaiseacha aeráide i gContae Chorcaí faoin mbliain 2050.

GUAIS	AN TATHRÚ ATÁ TUARtha	AN TATHRÚ AR MHINICÍOCHT ATÁ TUARtha
Tonnta teasa	<ul style="list-style-type: none"> Tugann réamh-mheastacháin le fios go dtiocfaidh méadú foriomlán idir 1.1 agus 1.5°C ar an meánteocht i gContae Chorcaí. Tugann réamh-mheastacháin le fios (i gcás go leanfar de líon mór astaíochtaí a chur amach) go mbeidh tonnta teasa ann níos minice (meánleibhéal íseal) faoi lár an chéid agus go dtarlóidh siad go bliantúil, geall leis, i roinnt áiteanna i gContae Chorcaí. 	Méadú
Triomach	Meastar go dtiocfaidh laghdú idir 5 agus 15% ar an méid báistí a thiteann i rith an tsamhraidh amach anseo i gcomparáid leis an méid a thit le linn na tréimhse bonnlíne (1981 go 2000), agus go mbeidh dálaí triomaigh ann níos minice dá bharr sin.	Méadú
Seal Fuar	•Táthar á thuar go dtiocfaidh laghdú ar líon na laethanta a mbeidh sioc, leac oighir agus sneachta ann amach anseo sa tréimhse 2041-2060 i gcomparáid leis an tréimhse bhonnlíne (1981 go 2000) mar gheall ar theochtaí a bheith ag dul in airde	Laghdú
Sneachta Trom	•Meastar go dtitfidh i bhfad níos lú sneachta sa réigiún gach bliain faoi lár an chéid.	Laghdú
Drochstoirmeacha Gaoithe	Is doiligh líon na stoirmeacha a bheith ann a thuar. Léiríonn réamh-mheastacháin go mbeidh meánluas na gaoithe faoi lár an chéid mórán mar an gcéanna le meánluas gaoithe na linne seo, ach táthar á thuar go dtiocfaidh méadú ar stoirmeacha níos déine, rud atá annamh faoi láthair.	Gan Athrú
Tuilte Cois Cósta	•I gcás go leanfar de líon mór astaíochtaí a chur amach, tugann réamh-mheastacháin le fios go dtiocfaidh méadú suas le 0.26 méadar ar leibhéal na mara faoin mbliain 2050 agus beidh níos mó tuilte cois cósta i gContae Chorcaí dá bharr.	Méadú
Creimeadh Cósta	•Tá baint láidir ag leibhéal mara atá ag ardú le méadú ar chreimeadh cósta agus tagann méadú ar bhaol tuilte i gceantair chósta mar thoradh air sin.	Méadú
Tuilte Bháistiúil	•Tugann réamh-mheastacháin le fios go mbeidh sé ina dhíle bháistí níos minice (frasaíocht > 30 milliméadar / lá) i gContae Chorcaí agus tá méadú suas le 52% á thuar do roinnt limistéar. Is dóichí ná a mhalairt go mbeidh níos mó tuilte abhann agus tuilte báistiúil mar thoradh air seo.	Méadú
Tuilte Abhann		Méadú
Tuilte Screamhuisce	•Níl fáil faoi láthair ar aon réamh-mheastacháin ar athruithe ar thuilte screamhuisce, agus tá éiginnteacht ann dá réir sin faoin athrú ar a mhíne a bheidh tuilte screamhuisce ann amach anseo.	Gan Athrú

Tábla 3.19: Réamh-Mheastacháin Aeráide do Chontae Chorcaí faoin mbliain 2050.

DÉINE FHORIOMLÁN NA NGUAISEACHA AERÁIDE (FAOI LÁTHAIR & TUARTHA) AR AN GCOMHAIRLE I BPRÍOMHRÉIMSÍ RIOSCA

Táthar á thuar go dtiocfaidh méadú 66,000 ar dhaonra Chontae Chorcaí faoin mbliain 2031, agus déantar réamh-mheastacháin maidir le rioscaí aeráide amach anseo a mheas in éineacht leis na hathruithe atá á dtuar maidir leis an daonra agus le forbairt shocheacnamaíoch.

Léirítear sa tábla thíos Déine na dTionchar, (faoi láthair agus amach anseo (faoi 2050)), ar an gComhairle i bpríomhréimsí riosca. Tugtar measúnú sa tábla ar thionchar gach guaise aeráide, idir thionchar atá ann faoi láthair (F.L.) agus thionchar a mheastar a bheith ann amach anseo (A.A.)

GUAIS	RÉIMSÍ RIOSCA													
	SÓCMHAINNÍ		SLÁINTE & FOLLÁINE		TIMPEALLAGHT		SÓISIALTA		OIDHREAGHT CHULTÚRTHA		AIRGEADAIS		CLÚ	
	F.L.	A.A.	F.L.	A.A.	F.L.	A.A.	F.L.	A.A.	F.L.	A.A.	F.L.	A.A.	F.L.	A.A.
Tonn Teasa	Meas.	Mór	Mion.	Meas.	Meas.	Mór	Beag	Mion.	Mion.	Meas.	Beag	Mion.	Beag	Mion.
Triomach	Beag	Beag	Beag	Mion.	Meas.	Mór	Mion.	Mion.	Mion.	Meas.	Beag	Mion.	Beag	Mion.
Seal Fuar	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.
Sneachta Trom	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.
Droch-stoirmea-cha Gaoithe	Meas.	Meas.	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Mion.	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.
Tuille Chósta	Meas.	Mór	Meas.	Mór	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Meas.	Mór
Creimeadh Cósta	Mion.	Meas.	Beag	Beag	Meas.	Meas.	Mion.	Mion.	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Meas.	Meas.
Tuille Bháis-tiúil	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Meas.	Mór	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.
Tuille Abhann	Meas.	Mór	Meas.	Mór	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Mion.	Meas.	Mion.	Mór
Tuille Screamhu-isce	Mion.	Mion.	0	0	0	0	Beag	Beag	0	0	Beag	Beag	0	0

Tábla 3.20: Déine fhoriomlán Thionchar na Rioscaí Aeráide (faoi láthair agus amach anseo (faoi 2050)) ar Chomhairle Contae Chorcaí i bPríomhréimsí Riosca

TIONCHAR	SIOMBAIL	CUR SÍOS
Tubaisteach	Tub.	Teip fhorleathan ar sheirbhísí - seirbhísí nach bhfuil in ann déileáil le tionchair chomh mór sin.
Mór	Mór	Laghdú suntasach/forleathan tagtha ar sholáthar seirbhísí cheana féin agus an baol ann go mbeidh teip fhoriomlán ar sheirbhísí go luath.
Measartha	Meas.	Brú damanta ar sholáthar seirbhísí. Laghdú suntasach ar sholáthar seirbhísí ag leibhéal an phobail.
Mionchúiseach	Mion.	Meath ar sheirbhísí ó am go chéile ach thabharfá faoi deara é.
Fánach	Beag	Fíoraítear an ghuais ach ní chuirtear isteach ar sholáthar seirbhísí
0	0	Gan Tionchar ar bith ar sholáthar seirbhísí

Tábla 3.21: Cur Síos ar Chatagóirí Tionchair

RIOSCAÍ TUARtha I GCOMPARÁID LE RIOSCAÍ REATHA

Taispeántar sa mhastrís de rioscaí thíos an t-athrú réamh-mheasta ar rioscaí amach anseo (faoi 2050). Léiríonn an ciorcal (marcóir) folamh an riosca reatha agus léiríonn an ciorcal atá líonta isteach an riosca amach anseo. Léiríonn an líne poncanna an t-athrú idir an riosca reatha agus an riosca amach anseo. Tabhair do d'aire gurbh ar bhonn aonair a rinneadh measúnú ar ghuaiseacha chun críocha an MRAÁ seo, ach is minic a tharlaíonn guaiseacha éagsúla ag an am céanna.




Fig 3.13: Maitrís de Rioscaí an Athraithe Aeráide, idir Rioscaí Reatha agus Rioscaí Amach Anseo

Meastar go dtiocfaidh méadú amach anseo ar an mbaol a bhaineann le guaiseacha reatha amhail tuilte abhann agus cósta agus creimeadh cósta mar gheall ar athruithe ar mhinicíocht na nguaiseacha de dheasca an athraithe aeráide agus mar gheall ar athruithe ar thionchar na nguaiseacha de dheasca athruithe ar neamhchosaint agus leochaileacht.

Cé go mbíonn tonnta teasa, triomach agus tuile bháistiúil i gContae Chorcaí faoi láthair, meastar go dtarlóidh siad níos minice amach anseo mar gheall ar an athrú aeráide agus go mbeidh tionchar níos mó acu ar Chontae Chorcaí amach anseo.

Cé go meastar nach dtiocfaidh aon athrú ar líon agus ar dhéine na drochstoirmeacha gaoithe amach anseo, beidh baol ann i gcónaí go dtarlódh teagmhais den sórt seo i gContae Chorcaí.

Ní thiocfaidh athrú ar chur isteach ná ar líon na dtuilte screamhuisce amach anseo ach oiread, rud a fhágann nach dócha go dtarlóidís rómhinic amach anseo.

Tá an chuma ar an scéal go mbeidh baol ann i gcónaí ó shneachta trom agus ó thréimhsí fuara i gContae Chorcaí, ach, é sin ráite, ós rud é gur dócha nach dtarlóidh a oiread sin de theagmhais ghuaise amach anseo, seans maith mar sin nach mbeidh an oiread sin díobh ag tarlú agus go mbeidh riosca níos lú ann dá bharr.

4 RAON PHLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE



RÉAMHÁ

Bunaithe ar an mbonn fianaise suntasach atá le fáil i gcaibidil 3, déantar cur síos sa chaibidil seo ar an gcreat gníomhartha ar son na haeráide laistigh de struchtúr sainithe lena n-áirítear:

- **Spríocanna:** Tá na spríocanna sonraithe i gcomhthéacs téamaí agus is ionann iad agus socrú struchtúrtha de chuspóirí agus gníomhaíochtaí laistigh de ghníomhaíochtaí maolaithe agus oiriúnaithe. Baineann na spríocanna seo le comhthéacs ar leith agus tacaíonn siad le gníomhaíochtaí saincheaptha a bhfuil sé mar aidhm leo freagairt do shaincheistanna áitiúla.
- **Cuspóirí Uileghabhálacha:** Tacaíonn na cuspóirí le soláthar na spríocanna agus leis na gníomhaíochtaí a chur i láthair. Níl sé beartaithe go mbeidh na cuspóirí intomhaiste, seachas sin tá sé beartaithe go mbeidh siad in úsáid chun príomhréimsí ginearálta a shainiú, a bhfuil sé beartaithe go mbeidh gníomhartha aeráide intomhaiste bunaithe orthu.
- **Gníomhartha:** Tá na gníomhartha sainithe agus intomhaiste agus is é atá mar aidhm leo na cuspóirí uileghabhálacha a chomhlíonadh.

Cabhraíonn gach leibhéal leis na gníomhartha aeráide laistigh den chreat seo a mhúnlú agus tacú leo. Tá an creat mar bhonn leis an gcur chun feidhme agus leis na sásraí tuairiscithe a theastaíonn thar thréimhse an phlean cúig bliana.

Ullmhófar clár feidhmithe bliantúil don chúig bliana ionas go mbeidh an plean seo ailínithe leis an bpróiseas buiséadach bliantúil laistigh den Chomhairle. Chomh maith leis sin, tacóidh sé le plean dinimiciúil a bheidh ag dul in oiriúint do bheartas náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta. Beidh tuilleadh sonraí agus príomhtháscairí feidhmíochta do gach bliain san áireamh sna cláir feidhmithe seo.

RÓL NA COMHAIRLE

Chomh fada is a bhaineann leis an athrú aeráide, tá ról rithábachtach ag Comhairle Contae Chorcaí sa mhéid is go n-éileoidh an t-aistriú chuig sochaí aeráidneodrach athruithe sa tsochaí agus sa gheilleagar lena n-áirítear an timpeallacht thógtha, iompar, dramhail, bithéagsúlacht agus neart eile. Éileoidh sé seo iarracht chomhoibríoch ón rialtas áitiúil agus láir, gnóthaí, pobail agus daoine aonair. Chomh maith leis sin, éileoidh sé athruithe ar iompar daoine aonair lena n-áirítear modhanna oibre, modhanna chun tithe a théamh, modhanna taistil, modhanna táirgthe bia, modhanna tomhaltais earraí agus seirbhísí, agus conas a bhainistimid ár ndramhail.

Tá ról ag Comhairle Contae Chorcaí mar cheannaire pobail, dea-shampla a thabhairt trí ghlacadh lena beartais agus pleananna féin chun athrú a chinntiú, mar aon le daoine eile a spreagadh agus tionchar a imirt orthu. Chuige sin, tá ról againn chomh fada is a bhaineann lenár lorg carbóin féin a laghdú faid is atá an fhaisnéis agus na hacmhainní á gcur ar fáil againn chun cabhrú le cónaitheoirí a lorg carbóin féin a laghdú, is cuma más lorg pearsanta, baile nó iompair atá i gceist. Os a choinne sin, tá ról níos ginearálta ag an gComhairle chomh fada is a bhaineann le tionchar a imirt ar an bpobal gnó agus comhoibriú le páirtithe leasmhara, údarais áitiúla eile agus earnálacha eile chun na spríocanna sin a chomhlíonadh.

De bhrí go bhfuil earnálacha eile freagrach as go leor de na hathruithe a theastaíonn chun neodracht carbóin a chinntiú (lena n-áirítear na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus earnálacha agus daoine eile), is ról díreach agus indíreach araon a bheidh ag an gComhairle:

- Gníomhartha a **dhéanamh** sa chás gur féidir leis an gComhairle tacú le toradh sainithe.
- **Tionchar a imirt ar, comhordú a dhéanamh ar, éascú agus tacú le** gníomhartha nach bhfuil an Chomhairle freagrach astu.

Ciallaíonn sé sin go mbeidh béim inmheánach (eagraíochtúil) agus béim sheachtrach (pobal) á leagan ag Comhairle Contae Chorcaí ar athléimneacht a fhorbairt i gcoinne thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide ar na bealaí seo a leanas:

Ról Díreach: Cuirfidh an Chomhairle obair i gcrích chun a hastaíochtaí gás ceaptha teasa féin óna sócmhainní féin a laghdú. Cabhróidh an obair sin chun cur le heolas agus taithí shuntasach Chomhairle Contae Chorcaí ar na timpeallachtaí nádúrtha agus tógtha laistigh dá réimsí feidhme. Cuirtear san áireamh an rannpháirtíocht atá bunaithe cheana féin i mbearta gníomhaithe ar son na haeráide, lena n-áirítear samplaí cosúil le: freagairt éigeandála do theagmhais adhairsire, bearta maolaithe tuilte, soláthar bonneagair, tacú leis an aistriú chuig iompar inbhuanaithe, an dúlra a chosaint, laghdú/éifeachtúlacht fuinnimh, bithéagsúlacht agus aisfheistithe tithíochta do thithíocht shóisialta.

Tionchar a Imirt go hIndíreach: Cuirfidh an Chomhairle obair i gcrích chun cabhrú leis an athrú ollmhór agus le gníomhú intomhaiste ar son na haeráide i gContae Chorcaí, trí cheannaireacht, dea-shampla agus tacú le gníomhaíocht ag leibhéal áitiúil. Tá an ghné seo d'fhorbairt pobal agus tionchar a imirt orthu bunaithe ar dhaoine a chumasú chun an acmhainn atá acu an tsochaí a bhfuil siad páirteach inti a mhúnlú. Cabhraíonn an obair seo le grúpaí agus pobail riachtanais agus tuairimí a roinnt agus tionchar a imirt ar na próisis atá mar bhonn lena saol laethúil, agus ag an am céanna a chur san áireamh go bhfuil níos mó deiseanna ag grúpaí agus daoine aonair áirithe páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí i gcomparáid le grúpaí agus daoine aonair eile. Beidh buntáistí praiticiúla na forbartha seo ag eascairt as tuairimí, iompar agus cleachtais daoine áitiúla a athrú, tairbhe a bhaint as scileanna atá ar fáil cheana féin agus scileanna nua, líonraí a fheabhsú, smaoinemh ar fhadhbanna ar bhealach difriúil agus sócmhainní pobail a úsáid ar bhealaí nua.

Tá an tacar prionsabal seo bunaithe ar na spriocanna agus cuspóirí uileghabhálacha a bhfuil cur síos déanta orthu sa chaibidil seo:

- Cinnteoidimid go bhfuil 'aistriú cóir' ag croílár ár gcuir chuige agus go bhfuil gach duine á chur san áireamh, idir óg agus aosta, agus daoine leochaileacha.
- Scrúdóimid deiseanna oibriú i gcomhpháirt le nó i gcomhar lena chéile ar thionscnaimh ghníomhaithe ar son na haeráide sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus i ngach earnáil, agus le grúpaí pobail agus ENRanna.
- Beidh ár ngníomhartha ailínithe leis na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe (<https://sdgs.un.org/goals>) go háirithe sprioc 13 maidir leis an nGníomhú ar son na hAeráide.
- Beimid ag foghlaim ó dhea-chleachtas, beidh tionscadail fíolótacha á reáchtáil againn agus déanfaimid monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn.

Mar chuid den obair seo, tá Crios Dícharbónaithe (CD) roghnaithe ag an gComhairle laistigh de limistéar an údaráis áitiúil a bheidh in úsáid mar ionad tástála do bhearta a bhaineann le maolú agus oiriúnú an athraithe aeráide agus le bithéagsúlacht. Sainithneoidh an CD tionscadail agus reáchtálfar iad ar bhonn píolótach, tionscadail a d'fhéadfadh cabhrú chun an Sprioc Náisiúnta Aeráide a chomhlíonadh agus a bheidh mar bhonn le tionscadail agus tionscnaimh rathúla eile in áiteanna eile sa Chontae. Tá cur síos déanta ar an méid sin i gcaibidil 5.

4.1 COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ - CÉN EÁTH?

Tá údarás áitiúla ag feidhmiú mar cheannaire pobail, tá taithí acu ar chomhpháirtíochtaí agus ar chaidrimh a bhfuil páirtithe leasmhara éagsúla páirteach iontu, atá riachtanach chun déileáil le riachtanais chasta, a eagrú. Tá ról lárnach ag an earnáil seo sna hiarrachtaí a chinntiú gur féidir an t-athrú aeráide a leabú go héifeachtach i straitéisí comhfhobartha áite; forbairt leanúnach an Chontae mar áit inbhuanaithe le maireachtáil agus oibriú inti, cuairt a thabhairt uirthi agus infheistiú inti a chinntiú.

Beidh go leor eagraíochtaí náisiúnta agus rann rialtais atá ag iarraidh eolas maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide a roinnt le pobail agus gnóthaí ag brath ar údarás áitiúla de bhrí gurb é seo an earnáil is oiriúnaí chun tacú le rannpháirtíocht straitéiseach, lánbhri agus chomhsheasmhach. Ciallaíonn eolas áitiúil agus sainchúram oibríochtúil leathan Chomhairle Contae Chorcaí, trí na seirbhísí éagsúla atá á soláthar aici, go bhfuil cumas ar leith aici bagairtí criticiúla a mhaolú cosúil le teagmhais aimsire, móréigeandálaí agus paidéim Covid-19. Tá cur síos le fáil thíos ar an mbealach a bhfuil an Chomhairle oiriúnach don ról seo sa phobal.

4.1.1 NAISC LE POBAIL

Tá dlúthnaisc bunaithe ag Comhairle Contae Chorcaí le daoine a bhfuil cónaí orthu, atá ag obair agus i mbun staidéir ina limistéir riaracháin, mar aon leis na gnóthaí, feirmeoirí, eagraíochtaí pobail agus spóirt, ollscoileanna, coláistí, scoileanna, eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, teaghlaigh aonair agus earnálacha eile. Cheana féin, tá raon seirbhísí forbartha socheacnamaíocha agus pobail á soláthar ag Comhairle Contae Chorcaí agus tá ar chumas na Comhairle Aistriú Cóir a chumasú agus tacú leis, bealaí agus modhanna a shainathint chun tabhairt faoin ngníomhú ar son na haeráide. Tá taithí ag Comhairle Contae Chorcaí, mar cheannaire pobail, ar chomhpháirtíochtaí a bhunú idir páirtithe leasmhara éagsúla, líonraí a bhunú agus dul i bhfeidhm ar phobail áitiúla.

4.1.2 CEANNAIREACHT

Tá ar chumas Chomhairle Contae Chorcaí an pobal a threorú, comhpháirtíochtaí a bhunú in earnálacha éagsúla, agus líonraí agus glacadóirí luatha a shainathint, ar féidir linn foghlaim uathu. Trí úsáid a bhaint as struchtúir agus próisis atá bunaithe cheana féin, is féidir le Comhairle Contae Chorcaí cabhrú le guth comhchoiteann don ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt. Is féidir é sin a dhéanamh trína hionadaithe feidhmiúcháin agus tofa, na líonraí rannpháirtíochta pobail, na coistí um beartais straitéiseacha agus trí chomhoibriú le heagraíochtaí, grúpaí pobail agus earnálacha seachtracha.

4.1.3 ACMHAINN

Tá an acmhainn ag an gComhairle seirbhísí agus rialacháin údarás áitiúil a dhearadh agus a fhorfheidhmiú chun déileáil leis na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an ngníomhú ar son na haeráide. San áireamh anseo tá na sócmhainní agus deiseanna straitéiseacha atá ar fáil cheana féin a thuiscint, acmhainní agus maoiniú a spriocdhíriú áit ar gá agus áit a bhfuil a leithéid ar fáil, eagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus deonacha a spreagadh, agus maoiniú a chur ar fáil chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide.

4.1.4 CUMHACHTÚ

Tá an acmhainn ag Comhairle Contae Chorcaí pobail a chumhachtú trí úsáid a bhaint as an líonra ginearálta d'acmhainní forbartha pobail, acmhainní timpeallachta, bithéagsúlachta, ealaíon, oidhreachta, gnó ghlais agus ghníomhú ar son na haeráide. Tá cainéil bunaithe ag Comhairle Contae Chorcaí chun tacú le plé, breithniú agus rannpháirtíocht lánbhri le pobail cosúil leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) agus le líonraí leabharlainne, saoráidí pobail eile, líonraí bailte slachtmhara agus imeachtaí cruthaitheacha agus cultúrtha.

4.1.5 COMHFHORBAIRT ÁITE

Is éard atá i gceist le comhfhorbairt áite an próiseas a bhaineann le háiteanna ar ardchaighdeán a chruthú, áiteanna a mbíonn daoine ag iarraidh maireachtáil iontu, oibriú iontu, a bheith ag súgradh agus ag foghlaim iontu. Is dúshlán suntasach é dul in oiriúint don athrú aeráide agus tá deis ag Comhairle Contae Chorcaí deiseanna agus féidearthachtaí nuálacha a shainaithint, an Contae a athshamhlú mar áit atá athléimneach agus inbhuanaithe, áit atá ag freastal níos fearr ar an bpobal, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eile. Tá sé beartaithe againn an méid sin a dhéanamh trí phleananna a fhorbairt agus pleananna atá forbartha cheana féin a chur i bhfeidhm, cosúil leis an bPlean Forbartha Contae, an Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail, na Pleananna um Pailneoirí, agus pleananna eile nach iad, agus tá agus beidh an gníomhú ar son na haeráide á chomhtháthú sna pleananna agus próisis seo.

4.1.6 TAIGHDE, CIALLAGUS FOGHLAIM

Baineann Comhairle Contae Chorcaí tairbhe as cuir chuige éagsúla maidir le foghlaim, monatóireacht agus meastóireacht. Trí struchtúir atá bunaithe cheana féin cosúil le CAROnna, LRPanna, Cuideachtaí Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁna), Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) agus comhairliúchán agus rannpháirtíocht reachtúil agus neamhreachtúil eile, is féidir le Comhairle Contae Chorcaí smaointe a fhoinsiú agus a mhalartú, mar aon le comhoibriú a spreagadh.

Tá an Chomhairle airdeallach ar an méid oibre atá á déanamh sa Chontae cheana féin, idir obair atá á déanamh ag an gComhairle agus ag eagraíochtaí eile agus tá samplaí den obair seo le fáil in Aguisín 2. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhpháirt leis na tionscnaimh seo agus le tionscnaimh eile nach iad, agus tacóidh an Chomhairle le agus spreagfaidh sí a leithéid de thionscnaimh tríd an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

4.2 RIALACHAS

Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí roinnt ról agus dualgas i bhfeidhm chun an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo a sholáthar agus a chur chun feidhme go héifeachtach. San áireamh anseo tá réimsí a bhfuil sainordú iomlán ag Comhairle Contae Chorcaí maidir leo agus réimsí inar féidir leis tionchar a imirt ar bhealach níos ginearálta chun lántairbhe a bhaint as agus chun tacú le hiarrachtaí gníomhaithe ar son na haeráide páirtithe leasmhara eile. San áireamh anseo tá ról comhordúcháin agus éascaithe, mar aon le ról tacaíochta níos ginearálta maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide.

De bhíri gur dúshlán é an Gníomhú ar son na hAeráide a bhaineann le raon iomlán fheidhmeanna agus ghníomhaíochtaí na Comhairle, tacóidh Comhairle Contae Chorcaí le cur chuige ildisciplíneach chun tacú leis an athrú ar son na haeráide, a bheidh á sholáthar trí struchtúr rialachais a bheidh sainmhínithe go soiléir. Úsáidfear struchtúir rialachais atá bunaithe cheana féin agus forbrófar struchtúir nua, más gá. Beidh ceannaireacht, tiomantas agus cuntasacht láidir ó Chomhairle Contae Chorcaí ag tacú leis an struchtúr rialachais. Beidh pleananna, beartais agus straitéisí uile na Comhairle ailínithe leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Cinnteoidh an Chomhairle go bhfanfaidh an plean seo ag teacht le pleananna ardleibhéil eile (i.e., an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide don tír seo agus an Creat Náisiúnta Pleanála) agus le cláir eile. Cuirfear an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide don tír seo san áireamh agus cláir bhliantúla fheidhmithe á bhforbairt. Beidh ról bunúsach ag creataí monatóireachta agus tuairiscithe inmheánacha agus seachtracha níos láidre i ndáil le cuntasacht agus cur chun feidhme leanúnach.

FÍS & MISEAN

Seo a leanas an Físraiteas atá molta do Chomhairle Contae Chorcaí

“A bheith ag feidhmiú mar eagraíocht aeráid-díonach agus ísealcharbóin a spreagann, a threoraíonn agus a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide atá uaillmhianach agus cóir ar fud an chontae”

Tá ár bhfís ailínithe leis na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe agus Aistriú Cóir a sholáthar do phobal Chontae Chorcaí. Tugtar gealltanas san fhís go mbeidh Comhairle Contae Chorcaí ag feidhmiú de réir nádúr idirnasctha Ghéarchéim an Athraithe Aeráide agus na Géarchéime Bithéagsúlachta.

Ainneoin go sonraítear i bhFísraiteas Chomhairle Contae Chorcaí na réimsí ar mhaith leis an gComhairle a threorú sa Chontae, tá a físráiteas bunaithe ar an aidhm atá ann gníomhú ar son na haeráide éifeachtach a sholáthar agus a phríomshruathú i ndáil le gach seirbhís agus feidhm. Cabhraíonn an físráiteas seo atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí chun ionadaithe agus páirtithe leasmhara Chomhairle Contae Chorcaí a threorú chun a gcuid oibre a chomhordú ar mhaithe le fíis atá sainmhínithe.

Is é seo a leanas Misean Chomhairle Contae Chorcaí:

“Dea-shampla a thabhairt, tacú le gníomhú ar son na haeráide agus é a spreagadh i measc a saoránach d’fhonn a chinntiú gur áit mhealltach, iomaíoch agus inbhuanaithe í Corcaigh chun cónaí inti, cuairt a thabhairt uirthi agus gnó a dhéanamh inti”

Tugtar gealltanas sa phlean seo maidir le fíis agus misean don chontae trí chéile mar aon le gealltanas soiléir maidir le cur chun feidhme. Tá luach luaithe le agus tacaítear le huailmhian agus nuálaíocht san fhís agus is ionann í agus gealltanas maidir le hullmhacht don athrú a dhéanfar amach anseo.

MAOINIÚ A AIMSÍÚ

Tugtar gealltanas sa phlean seo go mbeidh an Chomhairle ag lorg maoinithe ó fhoinsí inmheánacha, foinsí seachtracha (cosúil le náisiúnta agus ón AE) agus foinsí príobháideacha, cosúil le conarthaí feidhmíochta fuinnimh (CFFanna) le conraitheoirí tríú páirtí (Cuideachta Seirbhísí Fuinnimh/ESCO).

Tá ualach suntasach airgeadais luaite le gníomhú ar son na haeráide éifeachtach agus tá sé riachtanach go n-úsáidtear foinsí airgeadais teoranta ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir agus go bhfuil an gníomhú ar son na haeráide ag croílár an bhreithnithe maidir le cinntí airgeadais, i ndáil le maoiniú a aimsiú agus a chinntiú go bhfuil buiséid ailínithe go hiomlán chun tacú le gníomhú tosaíochta. Gach bliain ullmhóidh an Chomhairle Clár Feidhmithe bliantúil a bheidh dírithe ar chuspóirí aeráide an phlean seo. Ar an tsli seo, cinnteofar go mbeidh an clár feidhmithe á ailíniú leis an bpróiseas buiséadach bliantúil laistigh den Chomhairle, ionas gur féidir maoiniú le haghaidh ghníomhaíochtaí ar son na haeráide a lorg.

ACMHAINN FOIRNE

Tá ról lárnach ag ár bhfoireann i rath an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo agus geallaimid cabhrú leis an bhfoireann, i ngach réimse seirbhíse, ionas go bhfuil siad oilte agus in ann déileáil le hathruithe tapa agus in ann gníomhú chun breithniúcháin maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide a chomhtháthú ina gcuid oibre. Tá sé mar aidhm againn foireann eolasach, forásach agus éifeachtach a bheith againn chun tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide.

SOLÁTHAR GLAS

Cuspóir tábhachtach den phlean seo é soláthar glas. Is próiseas é Soláthar Poiblí Glas (SPG) trína ndéanann údaráis phoiblí iarracht earraí, seirbhísí nó oibreacha a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu a aimsiú. Glactar le SPG mar ghné riachtanach den bheartas a bhaineann le cuspóirí an bheartais comhshaoil a chomhlíonadh. Tá cuntais cheannaigh bhliantúla eárnáil phoiblí Rialtas na hÉireann freagrach as 10% - 12% de OTI na hÉireann, gné shuntasach de ghníomhaíocht agus d'éileamh geilleagrach. Ciallaíonn sé sin gur féidir le hearnáil phoiblí na hÉireann tionchar suntasach a imirt chun soláthar earraí, seirbhísí agus oibreacha sa mhargadh atá níos éifeachtaí ó thaobh acmhainní de agus nach bhfuil freagrach as na leibhéil truaillithe chéanna a spreagadh.

I dteannta le soláthar glas, ceanglas is ea nach mór do chonraitheoirí, atá ag obair don Chomhairle, aon charbón conraithe a eascraíonn as tionscadail neamhchaipitil a thuirisciú.

RANPHÁIRTÍOCHT PÁIRTITHE LEASMHARA

Tá roinnt eagraíochtaí ag obair ar a bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide féin lena n-áirítear údaráis áitiúla eile, ENRanna, grúpaí líonraí gnó agus pobail agus gníomhaireachtaí stáit eile. Tá an gníomhú ar son na haeráide casta agus tacóidh rannpháirtíocht agus comhoibriú le páirtithe leasmhara eile, sa chás go bhfuil an obair chéanna á déanamh nó go mbíonn tionchar ag gníomh amháin ar ghníomh eile, linn ár gcuspóirí maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, comhoibreoidh Comhairle Contae Chorcaí le húdaráis áitiúla in aice láimhe ar bhearta maolaithe agus oiriúnaithe maidir le gníomhú ar son na haeráide.

COMHAIRLEOIRÍ

Tá feidhm na gcomhaltaí tofa ag croílár an daonlathais áitiúil agus soláthar gníomhaíochtaí atá dírithe ar an bpobal. Is deis í tacú le comhairleoirí a ról a chomhlíonadh chun gníomhaíochtaí a chomhtháthú a bhaineann le feidhmeanna éagsúla an údaráis áitiúil.

PRIONSABAIL RIALACHAIS CHOMHSHAOIL

Cuirfear na Prionsabail Rialachais Chomhshaoil seo a leanas i bhfeidhm le bheith mar bonn ag Gníomhú ar son na hAeráide.

TAG	PRIONSABAIL RIALACHAIS CHOMHSHAOIL
EG1	Tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn a thacaíonn le comhthairbhí comhshaoil agus a uasmhéadaíonn, amhail cosaint agus feabhsú na bitheagsúlachta; feabhas ar cháilíocht an aeir, an uisce nó na hithreach; nó luach feabhsaithe áineasa, taitneamhachta agus oidhreachtachta cultúrtha, lena chinntiú go mbainfear tairbhí buana amach.
EG2	A bheith ag tacú le tionscadail agus tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide nó iad a éascú a fhéachann le feabhsuithe a dhéanamh ar struchtúr, bainistíocht agus sláinte na hithreach trí charbón orgánach na hithreach a mhéadú - rud a chruthóidh na comhthairbhí comhshaoil le hathléimneacht tuilte a fheabhsú trí acmhainn coineála uisce ithreacha a fheabhsú agus trí leibhéal ceapadh gás ceaptha teasa a bhaineann le feidhmeanna úsáide talún a mhéadú.
EG3	A chinntiú go ndéantar an fhorbairt go léir a bhfuil gníomhú ar son na haeráide mar bhonn agus mar thaca léi a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhealach a bhreithneoidh an acmhainn maidir le comhthairbhí comhshaoil, tionchair fhéideartha chomhshaoil agus ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil go cuí.
EG4	Déanfar tionscadail cosanta ar thuilte nó oibreacha cothabhála gaolmhara a fhaigheann tacaíocht ó ghníomhaíochtaí plean ar bhealach a chuireann comhthairbhí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide chun cinn, agus beidh aird chúí acu ar ghnáthoga agus speicis neamhchoitianta, chosanta nó thábhachtacha a chosaint agus a fheabhsú.
EG5	A chinntiú go ndéantar tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide ar bhealach a chuireann comhthairbhí oidhreachtachta cultúrtha gníomhaíochta aeráide chun cinn, agus nach ndéantar damáiste fisiciúil neamhúdaráithe do ghnéithe cultúrtha, seandálaíochta nó ailtireachta dá bharr, nó nach ndéantar athrú neamhúdaráithe nó míchuí ar chomhthéacs na ngnéithe oidhreachtachta cultúrtha íogaire.
EG6	A chinntiú go gcuirtear tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide i gcrích ar bhealach a chuireann comhthairbhí cáilíochta uisce maidir le gníomhú ar son na haeráide chun cinn, agus a thagann le forálacha na Treorach Réime Uisce agus an Phlean Bainistíochta Abhantraí ábhartha.
EG7	Tionscadail um ar son na haeráide a chur chun cinn a thacaíonn le crainn chosanta, fála sceach agus gnáthoga eile amhail bogaigh, criosanna tuile a chuireann le bonneagar glas.
EG8	A bheith ag tacú le deiseanna chun nascacht éiceolaíoch gnáthóg agus láithreán neamh-ainmnithe a fheabhsú chun athléimneacht agus feidhmiú foriomlán an éiceachórais a fheabhsú agus tacú le gníomhú ar son na haeráide laistigh den chontae ag an am céanna.
EG9	A chinntiú go bhfuil gach tionscadal a dtacaíonn an chomhairle leo tar éis na réamhchúraimí riachtanacha a ghlacadh chun speicis ionracha a shainaithint agus a bhainistiú, go háirithe maidir le speicis Sceideal III. Ní thacófar le haon tionscadal forbartha um ghníomhú ar son na haeráide ar dóigh dó a bheith ina chúis le leathadh speiceas ionrach atá liostaithe i Sceideal III.
EG10	A bheith ag tacú le deiseanna chun tacú le hathchóiriú, athshlánú agus cothabháil tuilte portaigh agus spriocanna aeráide a bhaint amach ag an am céanna trí na gníomhartha aeráide a chur i bhfeidhm laistigh den phlean.

Tugtar treoir d'Éirinn sna trí cinn déag de 'Theachtaireachtaí Barrthábhachtacha d'Éirinn' sa Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil (SOER), 2020 de chuid an GCC. Baineann an treoir seo lena cuspóirí fadtéarmacha forbartha inbhuanaithe agus comhshaoil a bhaint amach. Tá an GCC ag ullmhú an chéad leagan eile de thuarascáil SOER faoi láthair, agus tá sé sin le foilsiú sa bhliain 2024. Cuirfidh Comhairle Contae Chorcaí aon mholtaí ábhartha i dtuarascáil SOER 2024 san áireamh, a luaithe a fhoilseofar é, agus an Plean á chur i bhfeidhm acu i rith a shaolré.

4.2.1 SPRIOC AGUS CUSPÓIRÍ RIALACHAIS:

Cuirfidh na struchtúir rialachais riachtanacha ar chumas Chomhairle Contae Chorcaí a ról a chomhlíonadh, i ndáil le rialachas, chun an méid seo a leanas a dhéanamh::

Spríoc 4.2.1- Ról Lárnach a bheith ag an Athrú Aeráide in Obair na Comhairle

Mar a míníodh sa rannóg roimhe seo, tá roinnt cuspóirí ag Comhairle Contae Chorcaí i ndáil leis an spríoc seo a chomhlíonadh agus tá eolas níos mionsonraithe maidir leo seo le fáil thíos, lena n-áirítear na gníomhartha gaolmhara.

Cuspóir 4.2.1.1 Tugaimid gealltanais i ndáil le fíis agus misean soiléir maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide don chontae ar fad

UIMH	GNÍOMH
4.2.1.1.1	Beidh pleannanna uile na Comhairle ag teacht le fíis agus misean an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Cuspóir 4.2.1.2 Geallaimid úsáid a bhaint as struchtúir inmheánacha atá ar fáil cheana féin chun críche an ghníomhaithe ar son na haeráide a ailíniú agus a chomhtháthú i gComhairle Contae Chorcaí agus struchtúir nua a fhorbairt, más gá

UIMH.	GNÍOMH
4.2.1.2.1	Fanfaidh an struchtúr inmheánach atá ann cheana féin d'fhorbairt an phlean seo i bhfeidhm ar dtús agus déanfar é a oiriúntú ar feadh shaolré an phlean chun freagairt do dhúshlán nua de réir mar a thagann siad aníos. Cothóidh an struchtúr seo comhoibriú idir-rannach chun a chinntiú go ndéantar tuairisciú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le 'monatóireacht ar chur chun feidhme' gníomhartha an phlean chun an phlean seo a chur i gcrích. Seo a leanas an struchtúr: 1. Grúpa Stiúrtha déanta de bhainistíocht shinsearach ardleibhéal, faoi chathaoirleacht an Phríomhfheidhmeannaigh, arb é is cuspóir dó na spríocanna foriomlána a leagan síos maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a sheachadadh, lena n-áirítear buiséid agus acmhainní. Tagann an grúpa seo le chéile 1-2 uair sa bhliain. 2. Grúpa Oibriúcháin atá faoi chathaoirleacht an Bhainisteora Rannáin atá freagrach as an Stiúrtóireacht Comhshaoil. Is grúpa bainistíochta sinsearaí é seo freisin agus tuairiscíonn sé don Ghrúpa Stiúrtha. Is é cuspóir an ghrúpa seo a chinntiú go dtugann na stiúrtóireachtaí faoi na gníomhartha aonair agus sonraigh a áirítear sa Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, coinbhleachtaí a laghdú agus tógáil ar shineirgí. Tagann an grúpa seo le chéile 2-4 huair sa bhliain. 3. Grúpa Forfeidhmíthe, a chuimseoidh ionadaí ó gach stiúrtóireacht agus feidhm, atá comhdhéanta de mheánbhainistíocht a dhéanann athbhreithniú ar lóistíocht agus ar chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí aonair ó lá go lá. Beidh an Comhordaitheoir Gníomhaithe ar son na hAeráide ina chathaoirleach ar an ngrúpa seo agus tiocfaidh sé le chéile de réir mar is gá agus uair sa ráithe ar a laghad.
4.2.1.2.2	Tacú leis an bhfoireann comhordúcháin maidir leis an Aeráid maidir le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na Comhairle.
4.2.1.2.3	A chinntiú go ndéantar gníomhartha ábhartha ón bPlean Gníomhaithe ábhartha ar son na hAeráide seo a ionchorprú i bpleananna, straitéisí agus beartais uile na Comhairle, lena n-áirítear pleananna oibre rannóige, pleananna foirne agus clár oibre cruinnithe foirne.
4.2.1.2.4	Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ionchorprú i ngrúpaí, líonraí, fóraim agus ardáin rannpháirteachais le páirtithe leasmhara atá ann cheana.
4.2.1.2.5	Leanfar den chumarsáid agus den chomhoibriú le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus neartófar iad.
4.2.1.2.6	Déanfar plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide a thuairisciú agus chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ar bhealach comhordaithe ar fud phríosís agus ardáin cumarsáide na comhairle.
4.2.1.2.7	Le tacaíocht ón Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide, déanfaidh an Chomhairle faireachán ar fhorbairtí beartais Eorpacha agus náisiúnta agus ionchorpróidh sí de réir mar is cuí a bhaineann le cur chuige na Comhairle maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.

Cuspóir 4.2.1.3: Geallaimid maoiniú a lorg don ghníomhú ar son na haeráide ó fhoinsí seachtracha agus inmheánacha

UIMH.	GNÍOMH
4.2.1.3.1	Chun an plean cúig bliana seo a chur i gcrích, ullmhófar clár cur chun feidhme bliantúil lena fhaomhadh ag an ngrúpa stiúrtha um ghníomhú ar son na haeráide. Beidh an clár seo ag brath ar mhaoiniú seachtrach a bheith ar fáil (m.sh., náisiúnta, Eorpach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, SRL.) agus ar mhaoiniú agus acmhainní inmheánacha.
4.2.1.3.2	Tacú leis an gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide agus é a riaradh, arna mhaoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. A ligfidh do phobail iarratas a dhéanamh ar dheontais chun tionscadail aeráide a chumasú ar leibhéal áitiúil.
4.2.1.3.3	Leanúint ar aghaidh le soláthar deontas atá ann cheana do phobail agus gníomhú ar son na haeráide a dhéanamh mar chuid lárnach de na deontais seo.
4.2.1.3.4	Páirt a ghlacadh i dTionscadail Eorpacha chomhshaoil agus a bhaineann leis an aeráid arna maoiniú ag an AE, amhail tionscadal HYBES, agus na tairbhí a bhaineann leo a uasmhéadú.

Cuspóir 4.2.1.4 Geallaimid acmhainn ár bhfoirne a fheabhsú chun tacú le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide

UIMH.	GNÍOMH
4.2.1.4.1	Feasacht agus rannpháirteachas maidir le gníomhú ar son na haeráide a mhéadú i measc na foirne agus athrú dearfach iompraíochta a chur chun cinn. Go sonrach, feasacht agus tuiscint ar ról agus impleachtaí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo a chur chun cinn agus an cumas atá ag fostaithe na comhairle a oibríonn leis an bpobal go díreach a chothú chun "labhairt ar an aeráid."
4.2.1.4.2	Tacú le huasoiliúint agus athsciliú foirne chun feidhmí an ghnímh ar son na haeráide ina ról a chumasú.
4.2.1.4.3	Oibriú le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide chun oiliúint leanúnach ar ghníomhú ar son na haeráide a chinntiú don fhoireann.
4.2.1.4.4	Córais aiseolais leis an bhfoireann a neartú, chun cumarsáid agus smaointe níos fearr a spreagadh.
4.2.1.4.5	Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe cianoibre ag eatraimh oiriúnacha chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as spás, mar shampla trí dheasc a roinnt agus laghdú líon na n-oifigí.

Cuspóir 4.2.1.5: Geallaimid leanúint ar aghaidh leis an mBeartas Soláthair Ghlais

UIMH.	GNÍOMH
4.2.1.5.1	Leanúint ar aghaidh ag cur na straitéise náisiúnta um Sholáthar Poiblí Glas i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar Soláthar Glas a chur i bhfeidhm trí gach cuid de Chomhairle Contae Chorcaí. A chinntiú go leanann soláthar na n-oibreacha/seirbhísí go léir ciorclán 20/2019 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
4.2.1.5.2	A chinntiú go dtugtar cuntas ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcinntiú airgeadais.
4.2.1.5.3	Éascóidh Rannóg Airgeadais Chomhairle Contae Chorcaí, monatóireacht agus tuairisciú ar chaiteachas ar ghníomhaíocht aeráide.

Cuspóir 4.2.1.6: Geallaimid go mbeidh ról lárnach ag an aeráid nuair a bheidh sócmhainní nua á n-ionadú agus á bhfáil agus nuair a bheidh sócmhainní atá ar fáil cheana féin á n-ionadú.

UIMH.	GNÍOMH
4.2.1.6.1	Athbhreithniú le déanamh ar shócmhainní reatha atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Chorcaí chun a mheas an féidir iad a laghdú nó a atheagrú d'fhonn astuithe carbóin a shábháil.
4.2.1.6.2	Ní mór go gcuirfí san áireamh in aon sócmhainní breise, nó in aon sócmhainní atá ann cheana ar gá a athsholáthar, an gá atá le hinbhuanaitheacht agus spriocanna 2030 agus 2050 maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Cuspóir 4.2.1.7: Geallaimid tacú le Rannpháirtíocht agus Comhoibriú Páirtithe Leasmhara

UIMH.	GNÍOMH
4.2.1.7.1	Tabhairt faoi mhapáil ar pháirtithe leasmhara le haghaidh rannpháirteachais leathnaithe agus chun comhoibriú go héifeachtach ar ghníomhú ar son na haeráide ar fud Chontae Chorcaí. Ról na gcomhpháirtithe straitéiseacha a mheas chun tionscadail áirithe a sheachadadh.
4.2.1.7.2	Comhoibriú agus a bheith ag oibriú le hearnálacha agus gníomhaireachtaí eile chun clár a sholáthar a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide, a neartaíonn agus a shlógann cumas an phobail.
4.2.1.7.3	Úsáid a bhaint as an gCrios Dicharbónaithe i Maigh Chromtha chun páirtithe leasmhara a mhealladh i ngníomhartha nuálacha, ag baint úsáide as tionscadail phiólótach atá deartha chun astaíochtaí a laghdú.
4.2.1.7.4	Uirlis GIS foinsé oiscailte a bhunú chun gníomh ar son na haeráide de chuid an phobail a mhapáil ar fud an Chontae, lena n-áirítear cur síos ar thionscadal, ar shuíomh agus ar dhul chun cinn chun an Chomhairle agus a páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi thionscadail sa Chontae agus faoi bhraislí, bearnaí, naisc.

Cuspóir 4.2.1.8: Geallaimid na creataí monatóireachta agus tuairiscithe a threisiú

UIMH.	GNÍOMH
4.2.1.8.1	Córas tuairiscithe agus monatóireachta a bhunú chun dul chun cinn gníomhartha ar son na haeráide a rianú agus tuairisciú go háitiúil agus go náisiúnta.
4.2.1.8.2	Leanúint ar aghaidh le teagmháil rialta Chomhairle Contae Chorcaí leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide ar an mBord Farráige Atlantach Theas agus tuarascálacha cuí ar dhul chun cinn a sholáthar.

Cuspóir 4.2.1.9: Tacóimid le comhairleoirí lena ról mar ionadaithe poiblí díriú ar an ngníomhú ar son na haeráide

UIMH.	GNÍOMH
4.2.1.9.1	Clár rannpháirteachais a chur i bhfeidhm chun comhairleoirí a chur ar an eolas faoi gníomhú ar son na haeráide agus an chomhshaoil d'fhonn eolas, muinín agus cumas a chothú chun 'labhairt ar an aeráid' ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal beartais.
4.2.1.9.2	Tacú leis an gclár oiliúna do chomhairleoirí atá á reáchtáil ag na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe rialachais an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide seo, déanfaimid scrúdú ar na gníomhaíochtaí bunaithe ar naoi dtéama, sa rannóg seo a leanas.

4.3 ASTAÍOCHTAÍ NA COMHAIRLE A BHFUIL FREAGRACHT IOMLÁN AR AN GCOMHAIRLE INA LEITH

Éilítear leis an Acht um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, ar chreat é freisin d'uaillmhian na hÉireann i leith na haeráide atá ceangailteach de réir dlí, go ndéanfaidh Comhairle Contae Chorcaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoin mbliain 2030 ón mbonnlíne mheánach 12016/2018 agus méadú 50% a bhaint amach in éifeachtúlacht fuinnimh ó bhonnlíne na bliana 2009. Tá trí fhoinsé astaíochtaí díreacha ag an gComhairle:-

- Leictreachas
- Fuinneamh Teirmeach (foirgnimh a théamh)
- Iompar (flít na Comhairle)

Ní mór go gcuirfí carbón ar conradh san áireamh i leith gach aon cheann de na catagóirí thuas. Is éard is carbón ar conradh ann ná an carbón a ghintear mar gheall ar an bhfuinneamh a úsáideann conraitheoir i dtionscadail neamhchaipitiúla le linn seirbhísí de chuid na comhairle a chur ar fáil. Is iad seo a leanas samplaí de charbón ar conradh:-

- An breosla a úsáideann conraitheoir fála ar an láthair, diomaite den bhreosla a úsáidtear ag taisteal chuig an láithreán nó ón láithreán.
- An fuinneamh a úsáidtear in ionad sonraí ar conradh ina stóráiltear sonraí de chuid na comhairle.
- An fuinneamh a úsáidtear chun comhaid pháipéir na comhairle a stóráil lasmuigh den láthair i saoráid tríú páirtí.
- An fuinneamh a úsáidtear ar an láthair ar jab cothabhála ar tharra agus smiotadh, diomaite den bhreosla a úsáidtear chun baill foirne, trealamh, nó ábhair a thabhairt chuig an láthair nó a bhaint den láthair.
- I gcás ina dtugtar linn snámha ar léas d'oibritheoir: an breosla a úsáidtear sa linn snámha.

Is samplaí d'fhoinsí carbóin nach foinsí carbóin ar conradh iad ná:-

- I gcás ina dtugtar aonad tionsclaíoch ar léas do chuideachta, nuair nach bhfuil seirbhís phoiblí le cur ar fáil.
- I gcás ina dtugtar foirgneamh ar léas do phobal, nuair nach bhfuil seirbhís phoiblí le cur ar fáil.

Ní áirítear leis na rialacha lena rialaítear ceanglais na comhairle i ndáil le hastaíochtaí carbóin sócmhainní ar fad na comhairle agus ní chuirtear na foinsí astaíochtaí seo a leanas san áireamh:-

- Stoc tithíochta sóisialta,
- Míleáiste na mball foirne agus iad ag úsáid a gcuid feithiclí féin,
- Oibreacha caipitiúla,
- Carbón leabaithe.

Chomh maith leis sin, ní chuirtear gach gníomh de chuid na comhairle lena laghdaítear astaíochtaí san áireamh sa choigilteas astaíochtaí gás ceaptha teasa a éilítear ar an gComhairle:-

- Coigilteas taistil mar gheall ar an mbeartas oibriú ón mbaile,
- Fuinneamh in-athnuaite a ghineann an chomhairle ach nach n-úsáidtear ar an láthair giniúna,
- Plandáil crann.
- An stoc tithíochta sóisialta a aisfheistiú chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú.

Le linn an clár forfheidhmithe a fhorbairt d'fhonn spriocanna na bliana 2030 a bhaint amach, ní mór an t-airgead agus acmhainní, mar aon leis an laghdú coibhneasta in astaíochta trí thionscadail a chur san áireamh. Agus an eangach leictreachais á glasú mar aon le hoibreacha de chuid na Comhairle atá faoi bhealach cheana féin, táthar ag tuar go mbainfear an sprioc leictreachais amach agus déanfar monatóireacht ar bhonn leanúnach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na heangaí lena chinntiú go mbainfear an sprioc amach. Sa réimse iompair, níl roghanna flít EV ar fáil le haghaidh gach cineál nó feidhm feithicle dár gcuid agus níl breoslaí astaíochtaí ísle ar fáil go forleathan, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé tarlú nach ndéanfar dul chun cinn suntasach sa laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhlíit ach ag tráth níos déanaí sna deich mbliana seachas é bheith á chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar feadh na deich mbliana. Beidh laghdú GHG teirmeach ina ghné lárnach de chlár oibre na comhairle sa ghearrthéarma agus cuirfear dlús lenár sprioc don bhliain 2030. Is trí sin a mbeifear in ann díriú níos láidre ar iompar níos gaire don bhliain 2030 de réir mar is féidir mar gheall ar fhorbairtí i réimse an fhlíit. Beidh an riachtanas maoinithe le go mbeadh an Chomhairle in ann comhlíonadh a bhaint amach ina riachtanas suntasach agus dá bharr sin, lorgófar maoiniú ó na foinsí seo a leanas chun cur le maoiniú díreach na comhairle:-

- Maoiniú ón Eoraip
Tugtar é seo trí mhaoiniú do thionscadail ar leith de ghnáth
- Maoiniú náisiúnta
Tugtar maoiniú trí scéimeanna deontais SEAI faoi láthair
- Maoiniú príobháideach

Faoi láthair, is trí “conradh feidhmíochta fuinnimh” a thabharfaí an maoiniú seo. Tá conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh ina cur chuige ‘íoc i leith na feidhmíochta’ i ndáil le teicneolaíochtaí fuinnimh a shuiteáil agus a fheidhmiú i do ghnó. Suiteálann conraitheoir oibreacha atá tíosach ar fhuinneamh agus tríd an gconradh, déantar coigilteas a chinntiú. Íocann an cliant an conraitheoir ón gcoigilteas seo i gcaitheamh roinnt blianta. Mura mbaintear an coigilteas amach, clúdaíonn an conraitheoir an difríocht. Conradh de chineál eile is ea Conradh Soláthair Fuinnimh Áitiúil (LESC). Déanann Cuideachta Seirbhísí Fuinnimh (ESCO) oibreacha a shuiteáil agus fuinneamh a sholáthar (leictreachas nó teas de ghnáth) chuig pointe ar leith i saoráid an chliant/óstaigh. Íoctar an ESCO as an méid fuinnimh a sholáthraítear i gcaitheamh théarma an chonartha. Sampla den chineál conartha seo ab ea conradh ina suiteálfadh conraitheoir eagar fótavoltach ar fhoirgneamh agus ina gceannódh an chomhairle an fuinneamh sin. D’fhonn an próiseas chun spriocanna na bliana 2030 a bhaint amach a bhainistiú, táthar ag moladh an clár forfheidhmithe a bhriseadh ina gclár forfheidhmithe bhliantúla nuair is féidir buiséid agus acmhainní, mar aon le forbairt náisiúnta i ndáil le deontais/maoiniú a chur san áireamh. Chomh maith leis sin, is trí chláir bhliantúla is féidir monatóireacht a dhéanamh ar bhonn rialta ar dhul chun cinn agus dul in oiriúint go mear do cheanglais chun spriocanna na bliana 2030 a bhaint amach.

Is trí SEAI, a bhfuil teacht acu ar chuntais leictreachais agus gáis, a dhéantar tuairisciú ar fheidhmíocht na comhairle, agus déantar sonraí a chur isteach i ndáil leis an úsáid bhreosla i dtéamh agus in oibríochtaí flít. Ós rud é go bhféadfadh astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le foinse breosla a bheith difriúil ó bhliain go bliain, déanann SEAI an fachtóir cuí a ríomh gach aon bhliain agus ar an gcaoi sin, na hastaíochtaí carbóin coibhneasta a ríomh i ndáil le gach aon chineál astaíochta.

Sprioc 4.3.1 – Spriocanna eárnála a bhaint amach i ndáil le GÁIS CEAPTHA TEASA ó úsáid dhíreach fuinnimh a laghdú agus éifeachtúlacht Fuinnimh

Cuspóir 4.3.1.1 - Laghdú 51% in astaíochtaí GÁS CEAPTHA TEASA ón mbonnlíne 2016/2018 atá mar thoradh ar úsáid leictreachais na comhairle

UIMH.	GNÍOMH
4.3.1.1.1	Measúnú a dhéanamh ar fhoinsí éilimh leictreachais, m.sh., foirgnimh, trealamh, srl, chun deiseanna a aithint chun deireadh a chur le héilimh.
4.3.1.1.2	Soilsiú a uasghrádú go soilsiú LED nuair is inmharthana ó thaobh airgeadais de, agus ag an am céanna a chinntiú go ndéantar na leibhéil lúmain agus an raon speictreach a chothabháil nó a laghdú/a rialú chun éifeachtaí ar bhithéagsúlacht a sheachaint.
4.3.1.1.3	Deiseanna d’fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a imscrúdú chun tionscadail don chlár cur chun feidhme bliantúil a shainiú, agus aird chuí á tabhairt ar chúrsaí pleanála agus ar chúrsaí cosanta comhshaoil.
4.3.1.1.4	Roghanna malartacha trealaimh níos éifeachtúla a chur in ionad trealaimh atá cheana féin nuair atá sé ar fáil agus inmharthana ó thaobh airgeadais de agus a chinntiú ag an am céanna go mbainistítear DTLL a ghintear mar thoradh ar an ngníomh seo go cuí.
4.3.1.1.5	Leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar fhorbairt sa teicneolaíocht agus sa trealamh a laghdaíonn idiú leictreachais chun tionscadail a shainiú don chlár cur chun feidhme bliantúil.
4.3.1.1.6	Sonraí a bhailiú ó gach conradh chun carbón conraithe a thuairisciú.

Objective 4.3.1.2 - 51% reduction in GREEN HOUSE GASES from the 2016/2018 baseline resulting from the council's thermal heating

UIMH.	GNÍOMH
4.3.1.2.1	Measúnú a dhéanamh ar fhoinsí éilimh téimh chun deiseanna a aithint chun deireadh a chur le héilimh.
4.3.1.2.2	Measúnú a dhéanamh ar dheiseanna chun roghanna in-athnuaite a chur in ionad úsáid na ndóiteoirí ola/gáis chun tionscadail a shainaithint don chlár cur chun feidhme bliantúil, ag féachaint go cuí do chúrsaí pleanála agus do chúrsaí cosanta comhshaoil.
4.3.1.2.3	Measúnú a dhéanamh ar dheiseanna chun insliú foirgníochta a uasghrádú chun tionscadail a shainaithint don chlár cur chun feidhme bliantúil; ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil amhail gabhdóirí áitiúla daonna, speicis faoi chosaint, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá atá le struchtúir faoi chosaint a chaomhnú go cuí.
4.3.1.2.4	Measúnú a dhéanamh ar dheiseanna chun aerdhíonacht foirgníochta a uasghrádú chun tionscadail a shainaithint don chlár cur chun feidhme bliantúil; ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil amhail gabhdóirí áitiúla daonna, speicis faoi chosaint, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá atá le struchtúir agus gnéithe faoi chosaint a chaomhnú go cuí.
4.3.1.2.5	Leanúint le monatóireacht a dhéanamh agus úsáid a bhaint as forbairtí i dteicneolaíocht agus i dtrealamh a laghdaíonn, a laghdaíonn/á thagann in ionad tomhaltas breoslaí iontaise chun tionscadail a shainaithint don chlár cur chun feidhme bliantúil.
4.3.1.2.6	Sonraí carbóin faoi chonradh a bhailiú ó gach conradh.

Objective 4.3.1.3 - 51% reduction in GREEN HOUSE GASES from the 2016/2018 baseline resulting from the council's transport use

NO.	ACTION
4.3.1.3.1	Measúnú a dhéanamh ar fhoinsí éilimh iompair chun deiseanna a aithint chun deireadh a chur le héilimh.
4.3.1.3.2	Measúnú a dhéanamh ar dheiseanna chun Feithiclí Leictreacha a chur in ionad feithiclí i gcás ina bhfuil roghanna eile ar fáil agus tomhaltas inmharthana ó thaobh airgeadais de chun tionscadail don chlár cur chun feidhme bliantúil a shainaithint, agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil fuinneamh/breosla a úsáidtear chun feithiclí leictreacha a chumhachtú foinsithe go hinbhuanaithe, agus go bhfuil cleachtais bhainistíochta iomchuí ré caite i bhfeidhm le haghaidh Feithiclí Leictreacha.
4.3.1.3.3	Measúnú a dhéanamh ar dheiseanna chun breoslaí astaíochtaí ísle a úsáid nuair atá siad ar fáil agus inmharthana ó thaobh airgeadais de chun tionscadail a shainaithint don chlár cur chun feidhm bliantúil, agus a chinntiú ag an am céanna go bhfaightear fuinneamh/breosla a úsáidtear chun feithiclí astaíochtaí ísle a chumhachtú go hinbhuanaithe.
4.3.1.3.4	Leanúint le monatóireacht agus úsáid a bhaint as forbairtí i dteicneolaíocht agus i dtrealamh a laghdaíonn idiú breosla iontaise chun tionscadail a shainaithint don chlár cur chun feidhme bliantúil.
4.3.1.3.5	Sonraí carbóin faoi chonradh a bhailiú ó gach conradh.

Objective 4.3.1.4 - 50% increase in energy efficiency from the 2009 baseline

NO.	ACTION
4.3.1.4.1	Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ar an eangach leictreach i ndáil le laghdú carbóin chun ranníocaíocht a ríomh.
4.3.1.4.2	Roghanna malartacha trealaimh níos éifeachtúla a chur in ionad trealaimh atá cheana féin nuair atá sé ar fáil agus inmharthana ó thaobh airgeadais de agus a chinntiú ag an am céanna go mbainistítear DTL a ghintear mar thoradh ar an ngníomh seo go cuí.
4.3.1.4.3	Leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí i dteicneolaíocht agus i dtrealamh a mhéadaíonn éifeachtúlacht fuinnimh.

4.4 RANNPHÁIRTÍOCHT SAORÁNACH AGUS CEANNAIREACHT POBAIL

Spríoc 4.4.1: An gníomhú ar son na haeráide a spreagadh i measc pobal áitiúil agus aistriú cóir a chinntiú.

Tá dlúthnasc idir Comhairle Contae Chorcaí agus na daoine atá ina gcónaí, ag obair agus i mbun staidéir ina limistéar riaracháin agus tá Comhairle Contae Chorcaí ag an túsline chomh fada is a bhaineann le rannpháirtíocht pobail. Tá an Chomhairle ag feidhmiú mar cheannaire pobail, tá tairbhí aici ar chomhpháirtíochtaí agus ar chaidrimh a bhfuil páirtithe leasmhara éagsúla páirteach iontu, atá riachtanach chun déileáil le riachtanais chasta, a eagrú. Sa phlean seo, geallann an Chomhairle an gníomhú ar son na haeráide a spreagadh i bpobail áitiúla, fad is atá iarracht á déanamh 'Aistriú Cóir' a chinntiú do phobail a d'fhéadfadh a bheith faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar thionscadail dícharbónaithe. Déanfar cur síos sa rannóg seo ar na cuspóirí ginearálta a bhaineann leis an spríoc seo, agus ar na gníomhaíochtaí. Beidh gníomhaíochtaí mionsonraithe le fáil sa phlean feidhmithe bliantúil

CUSPÓIRÍ UILEGHABHÁLACHA

Tá ról lárnach ag rannpháirtíocht saoránach agus forbairt acmhainne i ngníomhú ar son na haeráide a chinntiú laistigh de phobail. Tá neart buntáistí ag baint le comhghníomhaíocht pobail de bhri go bhféadfadh iarrachtaí saoránach oibriú le chéile chun dul i ngleic leis an athrú aeráide daoine eile a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí. Cinnteoidh na cuspóirí seo a leanas go n-oibríonn Comhairle Contae Chorcaí le pobail agus go gcuireann sí ar a gcumas gníomhú agus struchtúir, próisís agus líonraí atá bunaithe cheana féin agus atá feabhsaithe a úsáid.

Oibreoidh Comhairle Contae Chorcaí le pobail chun físeanna de bhailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe neodrach ó thaobh carbóin de a chomhchruthú. Úsáidfidh an Chomhairle samhlaíochtaí atá bunaithe cheana féin mar aon le scrúdú a dhéanamh ar shamhlaíochtaí, formáidí agus cainéil nua chun dlús a chur le plé, breithniú agus rannpháirtíocht lánbhri le pobail cosúil le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP), Pobail Fuinnimh Inmharthana (PFI), Bailte Slachtmhara agus bealaí eile nach iad. Tuigeann foireann Chomhairle Contae Chorcaí nach bhfuil na tionchair chéanna ag an athrú aeráide ar gach áit agus tá foireann na Comhairle airdeallach ar riachtanais na bpobal sa Chontae.

Rachaidh Comhairle Contae Chorcaí i mbun plé le raon leathan páirtithe leasmhara chun an phlean seo a sheachadadh lena n-áirítear eagraíochtaí pobail, ENRanna, údaráis áitiúla eile, grúpaí líonra, saoráidí oideachais agus comhlachtaí Rialtais. Chomh maith leis sin, cuirfidh an Chomhairle obair i gcrích trí struchtúir atá bunaithe cheana féin cosúil le hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA), LRPanna, Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (CFPÁna), Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) agus comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla eile chun dul i mbun comhairle, smaointe a mhalartú agus comhoibriú ar thionscadail. Gné riachtanach de sheachadadh an phlean seo é comhoibriú. Mar atá mínithe i gcaibidil 3 den phlean seo, tá an Chomhairle airdeallach ar na tionchair atá ag an athrú aeráide faoi láthair agus ar na tionchair atá ag dul i méid (e.g tuilte) i gContae Chorcaí, agus ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar phobail. Geallann an Chomhairle cúrsaí a phlé leis na pobail seo ar mhaithe lena n-athléimneacht chomh fada is a bhaineann leis na tionchair seo a mhéadú agus cur lena n-ullmhacht do theagmhais dhiúltacha aeráide.

Gné thábhachtach den phlean seo í feachtas maidir leis an athrú aeráide agus athrú iompraíochta a spreagadh. San áireamh ann beidh daoine éagsúla agus pobail a spreagadh chun athruithe a dhéanamh chun a lorg carbóin a laghdú agus a n-astaíochtaí carbóin a ísliú. Gach seans go mbeidh tionchar aige seo ar stíleanna maireachtála an phobail lena n-áirítear iompar agus cleachtais a bhaineann le conas a mhaireann daoine, conas a théann siad a gcuid tithe, a thaistealaíonn siad, a ithe siad, na rudaí a cheannaíonn siad agus conas a láimhseálann siad dramhaíl. Beidh ról lárnach in oideachas agus tacaíochtaí a bhaineann leis seo a sholáthar i ndáil le patrúin iompair a athrú. Gné lárnach eile den phlean seo é na daoine is leochaillí inár sochaí a chosaint agus cabhrú leo.

Baineann tábhacht le foghlaim ó dhea-chleachtas agus cuirfidh an Chomhairle taighde i gcrích a bheidh mar bhonn lena cuid oibre. Cuirfear tionscadail phiolótacha i gcrích agus beimid in ann foghlaim óna leithéid sin agus iad a mhacasamhlú. Taifeadfaimid léargas ónár dtionscadail ionas gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag forbairt.

Cuspóir 4.4.1.1 : Geallaimid tacú le Pobail chun fíis a chomhchruthú do Chontae ísealcharbóin ina bhfuil bithéagsúlacht shaibhir agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide

UIMH.	GNÍOMH
4.4.1.1.1	Tacú le pobail léargas ar ghníomhú ar son na haeráide a chomhchruthú trí oibriú le samhlacha/meicníochtaí pobail atá ann cheana (m.sh., Pobail Fuinnimh Inmharthana, SEAI, PPN srl) agus tacú le samhlacha nua freisin, nuair is cú.
4.4.1.1.2	Triail a dhéanamh ar thionscadal HYBES 'saotharlann bheo', arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach sa chrios dícharbónaithe; ag féachaint go hionchúil d'íogaireachtaí comhshaoil amháil gabhdóirí daonna íogaire, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá atá le struchtúir chosanta a chaomhnú go hionchúil.

Cuspóir 4.4.1.2 : Geallaimid eolas a roinnt le daoine agus feachtas a chruthú ina measc maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide agus tacóimid le rannpháirtíocht

UIMH.	GNÍOMH
4.4.1.2.1	Feachtas a thógáil faoin athrú aeráide i gContae Chorcaí, agus tuiscint air a chur chun cinn trí chumarsáid agus oideachas. Cuirfeadh straitéisí cumarsáide in oiriúint do lucht féachana/éisteachta ar leith agus d'fhéadfadh feachtais, cainteanna, díospóireachtaí, eolas ar líne, treoidhoiciméid, seimineáir ghréasáin, podchraoltaí, fiseán, raidió agus faisnéis a scaipeadh trí líonra leabharlanna Chontae Chorcaí (le 26 brainse) a bheith i gceist.
4.4.1.2.2	Naisc a fhorbairt le saoránaigh óga (m.sh., Comhairle na nÓg) lena gcomasú a n-ábhair imní faoin athrú aeráide a chur in iúl agus chun a bhfeachtas agus na gníomhartha is féidir leo a dhéanamh a fheabhsú.
4.4.1.2.3	Tabhairt ar dhaoine breacaosta a bheith páirteach i ngníomhú ar son na haeráide trí oibriú leis na líonraí Aoisbháula agus le Comhairle na nDaoine Breacaosta chun a chinntiú go músclaítear feachtas ar ghníomhú ar son na haeráide agus chun na gníomhartha is féidir leo a dhéanamh mar fhreagairt ar athrú aeráide a chur chun cinn agus a fheabhsú.
4.4.1.2.4	Rannpháirteachtas an phobail le gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn trí na healaíona a nascann le colún Éire Ildánach maidir le hathrú aeráide.
4.4.1.2.5	Idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile chun Ceannaireacht Aeráide Pobail a fhorbairt agus a chur chun cinn a dhéanfaidh: <ul style="list-style-type: none"> Eolas, muinín agus cumas bhaill an phobail a chothú chun gníomhú ar son na haeráide a thosú ina gcomharsanachtaí Cumas ceannairí pobail/gníomhairí an athraithe a chothú chun "labhairt ar an aeráid" ina líonraí 'Seaimpíní/laochra' a aithint agus aitheantas a thabhairt do ghníomhú ar son na haeráide de chuid an phobail atá ann cheana agus a bhfeachtais a mhéadú.
4.4.1.2.6	Tógáil ar mhí feachtas Chomhairle Contae Chorcaí "Make One Change: Cork County Cuts Carbon" (a thionscain an Chomhairle in 2022).
4.4.1.2.7	Leanúint ar aghaidh ag cur cláir scoileanna chun cinn ar nós Bratacha Glasa, Gairdíní Scoile, Litearthacht Aeráide.
4.4.1.2.8	Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le gníomhaireachtaí seachtacha agus le heagraíochtaí pobail chun tionscadail gníomhaithe ar son na haeráide a chumasú ar leibhéal an phobail.
4.4.1.2.9	Tacú agus oibriú le Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil chun freagairt phobail a spreagadh chun caomhnú uisce a spreagadh agus éifeachtúlacht úsáide uisce níos fearr sa phobal, i gcomhar le grúpaí pobail áitiúla.

Cuspóir 4.4.1.3: Geallaimid tacú le leithdháileadh chistí an Rialtais agus tacú le rannpháirtíocht ghníomhach sa ghníomhú ar son na haeráide ag leibhéal áitiúil.

UIMH.	GNÍOMH
4.4.1.3.1	Tacú le seachadadh tionscadal Gníomhaithe ar son na hAeráide Áitiúla a mhaoinítear tríd an gClár nua um Ghníomhú ar son na hAeráide Pobail (CCAP). Feidhmeoidh an Clár um Ghníomhú ar son na hAeráide Pobail faoi na téamaí seo a leanas. <ul style="list-style-type: none"> Baile / Pobal / Fuinneamh Taisteal • Bia agus Dramhaíl Siopadóireacht agus Athchúrsáil An Aeráid Áitiúil agus an Comhshaoil
4.4.1.3.2	A chinntiú gur ceist é an t-athrú aeráide i ndeontais phobail eile atá á riaradh ag an gComhairle.

4.4.1.4 Cuspóir: Geallaimid sonraí a bhailiú agus léargas a thaifeadadh

UIMH.	GNÍOMH
4.4.1.4.1	Taighde a dhéanamh ar shonraí maidir le gníomhú ar son na haeráide pobalbhunaithe sa Chontae agus a thiomnú agus iad a mhapaíl le tuairiscí. Modh atá inrochtana go héasca a chur ar bun le go mbeidh rochtain ag an bpobal air. Eolas a scaipeadh ar phobail Chontae Chorcaí chun gníomh áitiúil a chur chun cinn.
4.4.1.4.2	Léargas a fháil ó ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta chun bonn fianaise a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.
4.4.1.4.3	Taighde a dhéanamh agus foghlaim ó dhea-chleachtas in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

4.4.1.5 Objective: We commit to working for a Just Transition

UIMH.	GNÍOMH
4.4.1.5.1	Oibriú le páirtithe leasmhara chun príomhrioscaí agus príomh-spreagthaí d'aistriú cóir i gCorcaigh a thuiscint a thabharfaidh léargas agus moltaí chun an t-aistriú aeráide a thuiscint agus an tslí a dhéanamh ar dhóigh atá féarálte agus cothrom. Tacú le gníomhaíocht na bpáirtithe leasmhara agus cabhrú leo chun cabhrú leo siúd is leochaillí ó thaobh athraithe de. Cinnteoidh an gníomh seo go mbeidh Comhairle Contae Chorcaí gníomhach chun 'aistriú cóir' a chumasú agus sláinte agus folláine pobal ar fud Chontae Chorcaí a chosaint.

4.4.1.6 Cuspóir: Geallaimid cabhrú leis na daoine a bhfuil an tionchar is suntasaí ag tionchair aeráide a bhaineann leis an aimsir orthu

UIMH.	GNÍOMH
4.4.1.6.1	Oibriú le pobail lena chinntiú go bhfuil Ionaid Scíthe pobail i gcás daoine a bheith dlíáthrithe m.sh., de dheasca tuile.
4.4.1.6.2	Teimpléad a fhorbairt do phleananna éigeandála pobail chun cabhrú le pobail a bpleananna pobail éigeandála féin, a bhaineann go sonrach le suíomh, a ullmhú.

4.4.1.7 Cuspóir: Geallaimid cabhrú le hearnálacha sa tsochaí a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin

UIMH.	GNÍOMH
4.4.1.7.1	Oibriú le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus grúpaí pobail chun na bacainní agus na constaicí ar ghníomhú ar son na haeráide ag earnálacha áirithe den tsochaí a mheas agus chun cuir chuige nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt orthu seo m.sh., modhanna chun cabhrú le huasghrádú tithíochta do dhaoine scothaosta nó do dhaoine leochaileacha.

4.4.1.8 Cuspóir: Geallaimid tacú le Taisteal Gníomhach

UIMH.	GNÍOMH
4.4.1.8.1	Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Fhóiraim Iompair agus Soghluasteachta agus a bheith ag tacú leo.
4.4.1.8.2	Leanúint le cur i bhfeidhm 'bealaí sábháilte chun na scoile' agus glasbhealaí comharsanachta chun feabhas níos mó a chur ar bhonneagar taistil ghníomhaigh áitiúil; ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus cáilíocht aeir áitiúil.
4.4.1.8.3	Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag tacú leis na Bratacha Glasa an Taistil Ghníomhaigh; ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, an bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus cáilíocht aeir áitiúil.
4.4.1.8.4	Tacaigh le himeachtaí promóisin taistil ghníomhaigh de chuid páirtithe leasmhara m.sh., Mix Your Mode, Seachtain na Rothar srl.
4.4.1.8.5	Leanúint ar aghaidh ag spreagadh forbairt tionscnamh iompair inbhuanaithe ón mbun aníos agus ag dul i dteagmháil le pobail maidir le tionscnaimh nua, nuair is cuí; ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht aeir áitiúil srl.

4.4.1.9 Cuspóir: Geallaimid tacú le pobail neamhspleácha agus iad a spreagadh

NO.	ACTION
4.4.1.9.1	Tionscadail fáis pobail, cuibhrinn agus gairdíní pobail a chur chun cinn agus a bheith ag tacú leo, áit a bhfuil talamh oiriúnach ar fáil, mar bhealach inar féidir le pobail a gcuid bia féin a fhás agus mílte bia agus dramhail bia a laghdú.
4.4.1.9.2	An geilleagar ciorclach a chur chun cinn do phobail, lena n-áirítear dramhail a laghdú, a athúsáid agus a uaschúrsáil.
4.4.1.9.3	Pobail a spreagadh chun earraí a cheannach go háitiúil (chun na mílte bia a laghdú agus chun tacú leis an ngeilleagar áitiúil) agus oibriú le páirtithe leasmhara agus le pobail chun cur amú bia a laghdú.
4.4.1.9.4	Tús a chur le feachtas 'smaoinigh sula gceannaíonn tú' chun daoine a spreagadh chun an méid a theastaíonn uathu amháin a cheannach chun tomhaltas comhfhiosach a chur chun cinn.

4.5: BITHÉAGSÚLACHT, AN TIMPEALLACHT NÁDÚRTHA, OIHDREACT & ÚSÁID TALÚN, ATHRÚ AR ÚSÁID TALÚN AGUS FORAOISEACT (LULUCF)

Is iad spriocanna an téama seo ná an bithéagsúlacht a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú, agus ag an am céanna athléimneacht aeráide na timpeallachta nádúrtha a mhéadú, ár n-oidhreact a chaomhnú agus a chur chun cinn ar mhaithe le sochaí inbhuanaithe a chothú. Tá sé mar aidhm aige ról na bithéagsúlachta a fhorbairt i maolú agus oiriúnú aeráide, agus tacú le hobair i dtreo aisling de Chorcaigh ina bhfágfar luach ar an mbithéagsúlacht agus ina n-úsáidfear í go hinbhuanaithe, ionas go gcoinneofar seirbhísí agus tairbhí éiceachórais atá riachtanach do gach duine.

Is iad na spriocanna a bhaineann le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF) ná úsáid talún i gContae Chorcaí a thuiscint agus conas carbón a ghabháil agus a stóráil ar an mbealach is éifeachtaí agus bia agus fuinneamh níos fearr, níos glaise a tháirgeadh agus le gníomhaíochtaí LULUCF a cruthú a sheasfaidh an aimsir le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide.

Agus aghaidh a thabhairt ar an aidhm seo, tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta dá ról a chomhlíonadh maidir le ceannaireacht a léiriú trí bhearta fianaisebhunaithe a chur i bhfeidhm laistigh dá hoibríochtaí féin. Ar an taobh amuigh, tá ról ríthábhachtach ag an údarás áitiúil seo freisin chun éascú, comhordú agus comhoibriú le hiarracht na bpobal agus na bpáirtithe leasmhara, chun treoir a thabhairt agus tionchar a imirt trí sholáthar agus rialáil seirbhíse, agus chun feasacht agus rannpháirteachas maidir le gníomhú ar son na haeráide a mholadh agus a chur chun cinn. .

COMHTHÉACS AN CHÚLRA:

Cuimsíonn téama na bithéagsúlachta, na timpeallachta nádúrtha agus na hoidhreachta an iliomad gnéithe. Cuimsíonn an réimse gnéithe seo gnéithe fisiciúla nádúrtha ar nós aibhneacha, lochanna agus imeallbhoird; oidhreact seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha ar nós séadchomharthaí, struchtúir faoi chosaint, ceol agus traidisiún; chomh maith le hoidhreact nádúrtha, fiadhúlra agus éiceolaíocht.

Bíonn idirghaol casta leis an athrú aeráide mar thoradh ar charachtar leathan agus éagsúil an téama seo. Tá sé ríthábhachtach a thabhairt faoi deara, bíodh go bhfuilimid féin agus an domhan nádúrtha faoi bhagairt ag an ngéarchéim aeráide, go bhfuil cailleanas bithéagsúlachta féin ina bhagairt eiseach. Dá bhrí sin, tá ceist na bithéagsúlachta i gcomthéacs an athraithe aeráide ábhartha do gach téama den phlean seo. Mar sin féin, is laistigh den téama seo a scrúdófar gníomhartha ina bhfuil an Bithéagsúlacht mar phríomhfhócas.

Is í an bithéagsúlacht an líonra casta idirghaolmhar de bheatha ina gcuimsítear ár ndomhan nádúrtha ar fad. Cuimsíonn sé gach speiceas d'ainmhithe, plandaí, feithidí, agus microrgánach, agus cuimsíonn sé an éagsúlacht ghéiniteach a bhíonn ann laistigh de speicis, chomh maith leis na héiceachórais agus na gnáthóga casta ina maireann siad féin agus ina mairimid.

Bíonn daoine, fiadhúlra agus an geilleagar ag brath ar thimpeallacht nádúrtha shláintiúil do na seirbhísí éiceachórais a chuirtear ar fáil ann. Áirítear orthu sin aer glan agus uisce, bia agus pailniú, bainistiú dramhaíola agus cothaitheach, maolú nádúrtha ar thuilte, leigheas agus ábhair (amhail adhmaid agus snáithín), chomh maith le turasóireacht, caitheamh aimsire, taitneamhacht, cultúr agus folláine ghinearálta. Rud atá tábhachtach, tá an bithéagsúlacht in ann carbón a ionsú freisin. Ar fud an domhain agus go háitiúil, tá an iliomad brúnna – an t-athrú aeráide ina measc - ag cur laghdú as cuimse ar bithéagsúlacht agus ar cháilíocht an chomhshaoil nádúrtha, leis an ráta díothaithe speiceas domhanda deiceanna go dtí na céadta uair níos airde ná an meán le 10 milliún bliain anuas. Tá borradh ag teacht faoin ráta sin ar fad.

Is ann do na brúnna comhshaoil seo mar gheall ar thionchair dhaonna. In Éirinn, i measc na bpríomhchúiseanna le meath na bithéagsúlachta tá díghrádú na timpeallachta nádúrtha trí chailliúint gnáthóg agus ilroinnt ó úsáid talún an duine (amhail uirbiú, dianchleachtais talmhaíochta agus foraoiseachta); truailiú; speicis ionracha; agus róshaothrú (lena n-áirítear iascaireacht agus gearradh taitle portaigh). Tá an t-athrú aeráide ina thosca eile do mheath na bithéagsúlachta.

Is éard atá i gceist le Taisteal Gníomhach, dar leis an Roinn Iompair, 'taisteal le haghaidh cúis éigin trí do chuid fuinnimh féin a úsáid'. Glactar le siúl, rotháocht, taisteal faoi thiomáint rotha agus scútar gan inneall a úsáid chun dul chun na hoibre, na scoile nó na siopaí mar shampla, mar fhoirmeacha de Thaisteal Gníomhach. <https://www.gov.ie/en/publication/8321f-active-travel/>

Glactar leis go ginearálta go mbaineann tábhacht le gníomhaíocht ar mhaithe le sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte a chothabháil agus a fheabhsú. Tacóidh Comhairle Contae Chorcaí le Taisteal Gníomhach; feabhsóidh an Chomhairle an bonneagar do choisithe agus do rothaithe sa chontae. Déanfaidh foireann na Comhairle iarracht oibriú le heagraíochtaí eile cosúil le Gréasán Náisiúnta Raonta Rothar TII agus Cycleconnects an NTA mar chuid den phróiseas seo. Chomh maith leis sin, oibreoidh foireann na Comhairle le húdaráis ábhartha chun "Bealaí sábháilte chun na scoile" a fhorbairt más féidir.

Lorgóidh an Chomhairle maoiniú ó fhoinsí atá ar fáil, cosúil le Clár Taistil Ghníomhaigh NTA do thionscadail taistil ghníomhaigh.

FEITHICLÍ LEICTREACHA (EV)

In 2023 d'eisigh an Roinn Iompair An Straitéis maidir le Bonneagar Luchtaithe Feithiclé Leictreacha 2022-2025. Is ionann an straitéis seo agus bealach chun gréasán luchtaithe náisiúnta EV a fhorbairt agus tugtar aitheantas agus tacaíocht sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo don tábhacht a bhaineann le spriocanna ábhartha Náisiúnta agus Áitiúla d'Fheithiclé Leictreacha agus le beartais ghaolmhara maidir le spriocanna astaíochtaí iompair a bhaint amach.

Cabhróidh Comhairle Contae Chorcaí le forbairt an ghréasáin luchtaithe EV i gContae Chorcaí. Déanfar é seo trí cheanglais phleanála a bhaineann le forbairtí nua agus trí bheith ag obair le heagraíochtaí eile chun gréasán luchtaithe EV an chontae a fhorbairt.

TACÚ LE FÁS AN CHONTAE DE RÉIR DEISEANNA IOMPAIR

Úsáidfídh an Chomhairle acmhainn iompair an chontae, an acmhainn atá ann faoi láthair agus an acmhainn atá beartaithe a fhorbairt, chun forbairt Chontae Chorcaí a threorú.

CIANOBAIR

Is gné den chur chuige a bhaineann leis an ngá a bheith ag taisteal a sheachaint í cianobair.

Tacóidh an Chomhairle le gréasán d'Ionaid Fiontraíochta Pobail (Moil), i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara, chun tacú le cianoibrithe, gnólachtaí nuathionscanta, etc.

Laiastigh den Chomhairle, tá scrúdú le déanamh ar dheiseanna chun an méid taistil a dhéanann baill foirne a laghdú, ach an leibhéal seirbhíse a chothabháil ag an am céanna.

OIRIÚNÚ DON ATHRÚ AERÁIDE A BHAINNEAN LE BONNEAGAR IOMPAIR

Leagtar amach sa Phlean Oiriúnaithe don Earnáil Iompair (2019) go bhfuil gá le bearta oiriúnaithe don athrú aeráide a bhaineann le bonneagar agus gréasáin iompair a chur san áireamh agus a chur chun feidhme chun go mbeidh seirbhísí agus bonneagar a bhfuil dea-bhail air ar fáil ar bhonn leanúnach agus chun sócmhainní nua a chosaint ar iarmhairtí fadtéarmacha, agus déanfar soláthar fóna do riachtanais bhonneagair amach anseo sna sonraíochtaí dearaidh reatha d'fhonn an méid seo a chinntiú. Tugtar aitheantas sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo don tábhacht a bhaineann le hoiriúnú a dhéanamh ar phríomh-bhonneagar iompair i limistéar an Údaráis Áitiúil chun go mbeidh sé in ann déileáil le tionchar an athraithe aeráide (lena n-áirítear tarlúintí adhaimsire) agus tugtar aitheantas freisin don fhéidearthacht a bhaineann le ceisteanna oiriúnaithe córas iompair agus bonneagair chun go mbeidh buntáistí móra sineirgisteacha comhshaoil ann, amhail dícharbónú, bithéagsúlacht, lena n-áirítear trí réitigh oiriúnaithe nádúrghnaithe srl. Léifidh an Chomhairle an Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide le haghaidh Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla (2023), chun treoir agus modheolaíochtaí a fháil maidir le bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chosaint ar thionchar an athraithe aeráide amach anseo.

4.7.1 SPRIOC AGUS CUSPÓIRÍ IOMPAIR:

Spríoc: Córas iompair Chontae Chorcaí a aistriú go dtí córas ísealcharbóin

Cuspóir 4.7.1.1: Comhoibriú le pobail agus le páirtithe leasmhara chun iompar comhtháite a fhorbairt ar fud an chontae ar mhaithe le hastaíochtaí GCT a laghdú.

UIMH.	GNÍOMH
4.7.1.1.1	Comhoibriú le pobail agus le páirtithe leasmhara maidir le Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí (CMATS).
4.7.1.1.2	A bheith ag comhoibriú le pobail agus le páirtithe leasmhara maidir leis na Pleananna Iompair Áitiúla do bhaile de réir mar a fhorbraíonn an Chomhairle na pleananna.
4.7.1.1.3	A bheith ag comhoibriú le pobail agus le páirtithe leasmhara chun iompar Tuaithe Chontae Chorcaí a fhorbairt de réir straitéisí ábhartha amhail Éire a Nascadh – An Plean Soghluaisteachta Tuaithe.

Cuspóir 4.7.1.2: Tacú le Taisteal Gníomhach

UIMH.	GNÍOMH
4.7.1.2.1	Tionscadail taistil ghníomhaigh a fhorbairt ar fud an chontae ar féidir leo an t-athrú iompraíochta is mó a thabhairt i gcrích, agus aird á tabhairt ar iogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus cáilíocht aeir áitiúil, agus deiseanna chun réitigh dúlrbhunaithe a chur chun cinn.
4.7.1.2.2	Feabhsuithe ar bhóithre forbartha uirbí atá beartaithe chun eilimintí taistil Ghníomhacha a ionchorprú de réir mar is cuí, agus aird á tabhairt ar iogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus cáilíocht aeir áitiúil, agus deiseanna chun réitigh dúlrbhunaithe a chur chun cinn.
4.7.1.2.3	Leanúint d'fhorbairt leanúnach na nGlasbhealaí, amhail Glasbhealach Mhainistir na Corann - Eochaille, agus aird á tabhairt ar iogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus cáilíocht aeir áitiúil, agus deiseanna chun réitigh dúlrbhunaithe a chur chun cinn.
4.7.1.2.4	Oibriú le Páirtithe Leasmhara chun na buntáistí níos leithne a bhaineann le taisteal gníomhach a chur chun cinn.
4.7.1.2.5	Oibriú leis na húdaráis ábhartha maidir le "Bealaí Sábháilte chun na Scoile" a fhorbairt, ag féachaint d'iogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha agus cáilíocht aeir áitiúil, agus deiseanna chun réitigh dúlrbhunaithe a chur chun cinn.
4.7.1.2.6	Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú do thionscadail Taistil Ghníomhaigh.

Cuspóir 4.7.1.3: Tacú le Forbairt chun tairbhe a bhaint as acmhainn iompair

UIMH.	GNÍOMH
4.7.1.3.1	Fás a chur chun cinn in áiteanna a bhaineann tairbhe as acmhainn reatha d'iompar poiblí ardchaighdeán.
4.7.1.3.2	An daonra agus fás fostaíochta a ailíniú trí úsáid talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú, agus aird chuí á tabhairt ar iogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht aeir áitiúil.

Cuspóir 4.7.1.4: Tacú le húsáid a bhaint as Feithiclí Leictreacha / breoslaí astaíochtaí ísle

UIMH.	GNÍOMH
4.7.1.4.1	Oibriú leis na páirtithe leasmhara ábhartha i bhforbairt an líonra luchtaithe Feithiclí Leictreacha Náisiúnta atá beartaithe laistigh de Chontae Chorcaí, agus ag an am céanna an gá le riachtanais chosanta comhshaoil agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a mheas le linn tionscadal den sórt sin a chur chun cinn.
4.7.1.4.2	Dul i dteagmháil le ESB chun réimsí a shainnithint inar féidir leis an mbonneagar líonra leictreachais tacú le luchtú Feithiclí Leictreacha, agus ag an am céanna an gá atá le riachtanais chosanta an chomhshaoil a mheas, le linn tionscadail bhonneagair a dtacaítear leo, a chur chun cinn.
4.7.1.4.3	Idirchaidreamh a dhéanamh le Pobail chun feasacht a ardú ar dheontais Feithiclí Leictreacha, mar shampla iad siúd ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
4.7.1.4.4	Úsáid ríomhfheithiclí a chur chun cinn trí cheanglais maidir le pointí luchtaithe ríomhfheithiclí a sholáthar in iarratais phleanála, agus an gá le riachtanais maidir le cosaint an chomhshaoil agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a mheas le linn tionscadal den sórt sin a chur chun cinn ag an am céanna.
4.7.1.4.5	Úsáid breoslaí astaíochtaí ísle ó fhoinní inbhuanaithe a chur chun cinn.

Cuspóir 4.7.1.5: Tacú le cianobair

UIMH.	GNÍOMH
4.7.1.5.1	Tacú le líonra na nIonad Fiontar Pobail (Moil) atá ann cheana agus é a fhorbairt.
4.7.1.5.2	Foireann na Comhairle a spreagadh chun roghanna cruinnithe ar líne a úsáid in ionad cruinnithe ar an láthair nuair is féidir.

4.8 AN TIMPEALLACHT THÓGTHA (BONNEAGAR, FOIRGNIMH, TITHÍOCHT & OIDHREACTH)

RÉAMHRÁ

Cumhdaítear bonneagar, foirgnimh agus sócmhainní tithíochta sa Timpeallacht Thógtha. Tá ról barrthábhachtach ag CCC i ndáil le bonneagar a sholáthar, i ndáil le héifeachtúlacht agus laghdú fuinnimh, i ndáil le haisfheistithe do thithíocht shóisialta agus i ndáil le bearta chun tuilte a mhaolú.

Chomh maith leis sin, tá raon suntasach ag CCC chun:

- úsáid a bhaint as a cumhachtaí agus ionstraimí straitéiseacha agus rialála barrthábhachtacha chun tionchar a imirt ar astaíochtaí ó bhonneagar, foirgnimh, agus tithíocht shóisialta a laghdú agus a éascú agus chun dul in oiriúint do na héifeachtaí a bhaineann le haeráid atá ag athrú agus teacht aniar a fhorbairt ina leith sin.
- gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú isteach ina réimse leathan feidhmeanna amhail planáil spásúlachta, bonneagar, agus tithíocht shóisialta a chur ar fáil
- tionchar a imirt ar ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta lena n-oibríonn CCC ar bhonneagar a chur ar fáil agus a fheidhmiú chun tabhairt faoi bhearta um ghníomhú ar son na haeráide.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh CCC glacadh le ról níos leithne maidir le tionchar a imirt ar úinéirí agus oibrítheoirí foirgneamh a gcuid spriocanna féin a bhaint amach agus éascaíocht a dhéanamh orthu é sin a chur i gcrích mar aon le freagraí áitiúla a spreagadh agus a chur chun cinn. Leanfaidh CCC dá rannpháirtíocht réamhghníomhach maidir le baol tuilte a bhainistiú, maoiniú agus infheistíocht a fhoinsiú, mar aon le comhoibriú agus oibriú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile chun an soláthar tionscnamh agus bonneagair aeráide cuí a éascú agus a chumasú.

Aithníodh cúig sprioc bharrthábhachtacha maidir le Gníomhú ar son na hAeráide don Timpeallacht Thógtha:

- Tacú leis an aistriú fuinnimh chuig córas fuinnimh inbhuanaithe [Sprioc 4.8.1]
- Tacú le húsáid a bhaint as ábhar ísealcharbóin sa bhonneagar [Sprioc 4.8.2]
- Tacú leis an aistriú chuig foirgnimh ísealcharbóin/neodracha [Sprioc 4.8.3]
- Stoc tithíochta sóisialta Chomhairle Contae Chorcaí a aistriú chuig samhail oibriúcháin ísealcharbóin [Sprioc 4.8.4]
- Tacú leis an timpeallacht thógtha a chur in oiriúint don athrú aeráide [Sprioc 4.8.5]

Sprioc 4.8.1 Tacú leis an aistriú fuinnimh i dtreo córais fuinnimh inbhuanaithe.

Cuspóir 4.8.1.1 Tacú le bonneagar fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt.

UIMH.	GNÍOMH
4.8.1.1.1	A bheith ag tacú le tionscadail inbhuanaithe fuinnimh gaoithe amach ón gcósta ag láithreacha agus scálaí iomchuí & bonneagar gaolmhar a fhorbairt ag calafoirt chun na forbairtí sin a éascú i gcomhréir leis an CDP, agus ag an am céanna, an gá atá le riachtanais chosanta an chomhshaoil a mheas ag tús agus le linn tionscadal den sórt sin, a chur chun cinn.
4.8.1.1.2	Bonneagar giniúna, stórála agus dáileacháin fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn i gcomhréir leis an CDP laistigh den chontae, agus ag an am céanna, an gá atá le riachtanais chosanta an chomhshaoil a mheas ag tús agus le linn tionscadal den sórt sin, a chur chun cinn.

Objective 4.8.1.2 Support the development of district heating infrastructure.

UIMH.	GNÍOMH
4.8.1.2.1	Deiseanna a fhiosrú chun téamh ceantair a bhunú chun freastal ar shócmhainní na comhairle, lena n-áirítear tithe sóisialta sa chontae, ag cinntiú go dtugtar aird chuí ar chúrsaí planála agus ar chúrsaí cosanta comhshaoil.
4.8.1.2.2	A bheith ag tacú le páirtithe leasmhara ar mian leo córais téimh ceantair a fhorbairt, agus ag an am céanna an gá le riachtanais maidir le cosant an chomhshaoil a mheas ag tús agus le linn tionscadal den sórt sin a chur chun cinn.

Objective 4.8.1.3 Support the development of public electric vehicle charging infrastructure.

UIMH.	GNÍOMH
4.8.1.3.1	Tacú le beartas náisiúnta maidir le luchtú feithiclí leictreacha ag láithreacha nach láithreach intíre iad agus é a chur chun feidhme, ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, an bhithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht an aeir áitiúil.
4.8.1.3.2	Teagmháil a dhéanamh le ESB chun suíomhanna a shainiú inar féidir le bonneagar líonra leictreachais tacú le saoráidí luchtaithe feithiclí leictreacha, agus aird chuí a tabhairt ar íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht aeir áitiúil.
4.8.1.3.3	Beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le Luchtú Feithiclí Leictreacha mar chuid de bheartas níos leithne 'Taking in Charge', ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht aeir áitiúil.

Sprioc 4.8.2 Tacú le hábhar ísealcharbóin a úsáid sa bhonneagar.

Cuspóir 4.8.2.1 Deiseanna chun úsáid a bhaint as ábhar athchúrsáilte sa bhonneagar atá á fhorbairt ag an gcomhairle a aithint.

UIMH.	GNÍOMH
4.8.2.1.1	Imscrúdú a dhéanamh ar úsáid ábhair ísealcharbóin mhalartaigh i dtógáil bóithre.
4.8.2.1.2	Astaiochtair carbóin leabaithe a laghdú trí ábhar nuálach dromchla bóthair a úsáid.
4.8.2.1.3	Imscrúdú a dhéanamh ar bhonneagar eile ina bhféadfaí ábhar ísealcharbóin a úsáid amhail cosáin, droichid, timpealláin, limistéir thaitneamhachta, conairí áineasa, réimse poiblí, agus tionscadail tógála eile.

Sprioc 4.8.3 Tacú leis an aistriú chuig foirgnimh ísealcharbóin/neodracha.

Cuspóir 4.8.3.1 Cuidiú leis an gcreatlach tógála i bhfoirgnimh atá ann cheana a aisfheistiú

UIMH.	GNÍOMH
4.8.3.1.1	Coinneáil agus athúsáid an stoic foirgnimh atá ann cheana a chur chun cinn mar chéad rogha, agus aird chuí á tabhairt ar iogaireachtaí comhshaoil amhail gabhdóirí daonna áitiúla, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht; speicis chosanta, agus an gá atá le struchtúir chosanta a chosaint agus a chaomhnú go hiomchuí, i rith aon oibreacha iarfheistithe.
4.8.3.1.2	Tacú le soláthar faisnéise maidir le cabhair deontais do thithe agus do ghnólachtaí, agus an gá le riachtanais maidir le cosaint an chomhshaoil a mheas le linn tionscadal den sórt sin a chur chun cinn ag an am céanna.
4.8.3.1.3	Feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a spreagadh d'fhoirgnimh. Comhairle agus oideachas a chur ar ghnólachtaí, ar chónaitheoirí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, agus ag an am céanna an gá atá le tionscadail a chur chun cinn chun cloí le critéir ábhartha maidir le beartas planála um chosaint an chomhshaoil.

Cuspóir 4.8.3.2 Cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann foirgnimh nua na caighdeáin rialála reatha i leith na tógála.

UIMH.	GNÍOMH
4.8.3.2.1	Leanúint ar aghaidh lena chinntiú go gcomhlíonann foirgnimh nua na rialacháin tógála maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

Cuspóir 4.8.3.3 Giniúint fuinnimh in-athnuaite ar an láthair

UIMH.	GNÍOMH
4.8.3.3.1	Tacú le soláthar faisnéise maidir le cabhair deontais do ghiniúint in-athnuaite ar an láthair, agus an gá le ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a mheas le linn tionscadal den sórt sin a chur chun cinn ag an am céanna.
4.8.3.3.2	Suiteáil giniúint in-athnuaite ar an láthair a spreagadh, agus an gá le riachtanais maidir le cosaint an chomhshaoil a mheas le linn tionscadal den sórt sin a chur chun cinn ag an am céanna.

Sprioc 4.8.4 – Stoc tithíochta sóisialta Chomhairle Contae Chorcaí a aistriú chuig samhail ísealcharbóin

Cuspóir 4.8.4.1 Tacú le gníomhartha a bhaineann le tithe a aisfheistiú

UIMH.	GNÍOMH
4.8.4.1.1	Éiteas deartha a fhorbairt a mheasann gníomhú ar son na haeráide i bhforbairt foirgneamh nua ag Comhairle Contae Chorcaí nó thar a ceann. Breithneoidh an cur chuige seo raon roghanna deartha, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta d'úsáid ábhar ísealcharbóin, insliú fabraicí foirgnimh, díonta glasa, fótavoltach gréine, agus bailiú báistí, agus beartas, caighdeáin dearaidh agus treoirilinte an rialtais á gcur san áireamh. Tabharfar tacaíocht iomchuí don éiteas deartha do chomhthairbhí agus do cheanglais maidir le cosaint an chomhshaoil maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide.
4.8.4.1.2	Clár maoinithe bliantúil a ullmhú agus a chur chun feidhme le haghaidh iarfheistiú fuinnimh dhomhain ar sholáthar tithíochta na Comhairle atá ann cheana, ag féachaint go cuí d'iogaireachtaí comhshaoil amhail gabhdóirí áitiúla daonna, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht; speicis chosanta, agus an gá atá le struchtúir chosanta a chosaint agus a chaomhnú go cuí, le linn aon oibreacha iarfheistithe.
4.8.4.1.3	Deireadh a chur de réir a chéile le gach córas téimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise faoi 2030, ag féachaint go cuí d'iogaireachtaí comhshaoil amhail gabhdóirí áitiúla daonna, speicis chosanta a bhaineann le foirgnimh den sórt sin, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht.
4.8.4.1.4	Gach teach nua-fhaighte agus folamh a athchóiriú go rátáil fuinnimh B2 íosta, agus na foinsí téimh breosla iontaise uile bainte, ag féachaint go cuí d'iogaireachtaí comhshaoil amhail speicis faoi chosaint a bhaineann le foirgnimh den sórt sin, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht.
4.8.4.1.5	Oibriú i gcomhpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe forbartha, earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCT) lena chinntiú go ndéanfar na bearta a mholfaimid i seachadadh forbairtí nua tithíochta a ionchorprú freisin i dtograí forbartha ón earnáil CCT.
4.8.4.1.6	Tionscadal piolótach iarfheistithe um bhailiú báistí a réachtáil in eastát tithíochta de chuid na Comhairle atá ann cheana sa Chrios Dicharbónaithe, agus a chinntiú ag an am céanna go mbeidh aird chuí ag tionscadail ar iogaireachtaí comhshaoil áitiúla amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht agus láithreáin Eorpacha.

Cuspóir 4.8.4.2 - Luchtú EV – Féachaint chuige go seasfaidh eastáit tithíochta sóisialta an aimsir

UIMH.	GNÍOMH
4.8.4.2.1	Bonneagar faoi thalamh a shuiteáil roimh ré le haghaidh Luchtú feithiclí leictreacha in eastáit nua de thithe sóisialta, ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht aer áitiúil.
4.8.4.2.2	Measúnú a dhéanamh ar shaoráidí páirceála rothar le haghaidh eastáit de thithe sóisialta nua.
4.8.4.2.3	A chinntiú go bhfuil príomhcheangail leictreacha le gach teach sóisialta nua deartha chun iad a iarfheistiú go héasca le pointí luchtaithe feithiclí leictreacha.
4.8.4.2.4	Athbhreithniú a dhéanamh ar eastáit atá ann cheana chun suíomhanna féideartha a shainathint maidir le pointí luchtaithe feithiclí leictreacha comhchoiteanna agus páirceáil rothar a shuiteáil, ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht aer áitiúil.

Cuspóir 4.8.4.3 Feasacht Tionóntaí

UIMH.	GNÍOMH
4.8.4.3.1	Straitéis feasachta tionóntaí a fhorbairt maidir leis na buntáistí a bhaineann le hathrú iompraíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide ina dtithe.
4.8.4.3.2	Na buntáistí a bhaineann le fiántas agus bithéagsúlacht in eastáit tithíochta atá ann cheana a chur chun cinn.

Sprioc 4.8.5 - Tacú leis an timpeallacht thógtha a chur in oiriúint don athrú aeráide

Cuspóir 4.8.5.1 An tionchar atá ag róthéamh, reo, agus goath ard laistigh den ríocht phoiblí a laghdú

UIMH.	GNÍOMH
4.8.5.1.1	Deiseanna a fhiosrú chun tabhairt faoi bhearta oiriúnaithe aeráide mar chuid d'oibreacha réimse poiblí.
4.8.5.1.2	Oibriú le pobail chun bearta oiriúnaithe áitiúla a ghlacadh a laghdáil tionchair aimsire áitiúla agus déine, fad agus minicíocht á meas, ag féachaint go cuí don ghá atá le réitigh dúlrbhunaithe agus Córais Draenála Inbhuanaithe a chur chun cinn, agus íogaireachtaí comhshaoil, lena n-áirítear cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruchánacha agus éiceolaíocht uisceach.

Cuspóir 4.8.5.2 An tionchar atá ag tuille laistigh den ríocht phoiblí a laghdú

UIMH.	GNÍOMH
4.8.5.2.1	SUDS & cuir chuige dúlrbhunaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun uisce dromchla a bhainistiú agus aibhneacha a chosaint ó thruailléin ó rith chun srutha ó uisce bóthair agus moill a chur leis an méid uisce chun tuille a mhaolú do thionscail forbartha. A chinntiú go dtugtar aird chuí ar íogaireachtaí comhshaoil, lena n-áirítear cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruchánacha agus éiceolaíocht uisceach, i rith aon tionscadal forbartha a dtacaítear leo.
4.8.5.2.2	Pleanáil bainistíochta uisce báistí a dhéanamh do gach príomhbhaile. Cabhrú leis an Aonad um Beartas Pleanála le plean bainistíochta uisce báistí a fhorbairt do lonnaithe Uirbeacha, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le réitigh dúlrbhunaithe agus Córais Draenála Inbhuanaithe a chur chun cinn, agus íogaireachtaí comhshaoil, lena n-áirítear cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruchánacha agus éiceolaíocht uisceach.
4.8.5.2.3	Tacú le rolladh amach Scéimeanna Cosanta Tuille sa Chontae, lena n-áirítear iad siúd i gcomhpháirtíocht leis an OPW, mar a aithníodh tríd an gClár um Measúnú agus Bainistiú Riosca Tuille Dobharcheantair (CFRAMS) agus i Measúnú Straitéiseach Riosca Tuille an Chontae, ag féachaint go cuí don ghá atá le réitigh dhúlrbhunaithe agus Córais Draenála Inbhuanaithe, agus íogaireachtaí comhshaoil a chur chun cinn ag na láithreacha seo, lena n-áirítear cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, conairí bruchánacha agus éiceolaíocht uisceach.
4.8.5.2.4	Teimpléad a fhorbairt do phleananna bainistíochta uisce báistí i gceantair uirbeacha eile.
4.8.5.2.5	Cabhrú leis an Rannóg Pleanála le measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála lena chinntiú go mbeidh measúnuithe riosca tuile ag gach forbairt/iarratas pleanála nua laistigh den Chontae de réir an Phlean Forbartha Contae, an Chórais Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuile-Treoirilinte d'Údarás Phleanála (2009), riachtanais Chiorclán DECLG P12/2014 agus Threoir an AE maidir le Tuille.
4.8.5.2.6	Teimpléad de Phleananna Oiriúnaithe um Athrú Aeráide (SCCAP) - Scéim, a fhorbairt do scéimeanna cosanta tuile.
4.8.5.2.7	I rith shaolré oibríochtúil scéimeanna cosanta tuile, cinntigh go n-úsáideann aon nuashonrú agus/nó athsholáthar an teicneolaíocht agus/nó an dea-chleachtas is fearr atá ar fáil ó thaobh fuinnimh de, lena n-áirítear réitigh nuálacha nuair is inmhartana ó thaobh airgeadais de.
4.8.5.2.8	A chinntiú go leanann soláthar na n-oibreacha/seirbhísí go léir ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 20/2019: Úsáid Breithnithe Comhshaoil agus Sóisialta a chur chun cinn sa Soláthar Poiblí, treoir ó Roinn Airgeadais CCC, agus dea-chleachtas; i.e., go bhforbraítear dearraí ionas go laghdófar an tionchar ar an gcomhshaoil, agus go gcuirtear critéir chomhshaoil san áireamh sa phróiseas soláthair.

Cuspóir 4.8.5.3 An Tionchar atá ag an athrú aeráide ar an mbonneagar bóithre a laghdú.

UIMH.	GNÍOMH
4.8.5.3.1	Bonneagar droichid a mheas i gcomhréir le tionchair aeráide tuartha, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le gnáthóga agus speicis thábhachtacha agus láithreáin Eorpacha thábhachtacha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú go cuí, agus stádas caomhnaithe droichead cosanta.
4.8.5.3.2	Cothabháil agus athshlánú bóithre réigiúnacha agus áitiúla a dhéanamh i gcomhréir leis an doiciméad treorach maidir le hoiriúnú aeráide bóithre réigiúnacha agus áitiúla, ag féachaint go cuí d'íogaireachtaí comhshaoil, lena n-áirítear cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, conairí bruachánacha agus cáilíocht an aeir.
4.8.5.3.3	Measúnú leanúnach ar ábhar tógála bóithre chun oiriúnú do choinníollacha teochta ard agus íseal.

4.9 DRAMHAÍL SHOLADACH

Tá 'laghdaigh, athúsáid agus athchúrsáil' mar ghné lárnach de dhramhaíl a bhainistiú agus tugadh isteach roinnt tionscnaimh náisiúnta le blianta beaga anuas. Mar thoradh ar an bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach - Polasaí Náisiúnta Dramhaíola na hÉireann 2020-2025, ní dhírítear an oiread céanna airde ar dramhaíl a dhiúscairt agus ina ionad sin, breathnaítear ar an mbealach ina bhféadfaí tomhaltas acmhainní a laghdú, agus ina dhiaidh sin, ar an mbealach ina bhféadfaí iad a choinneáil in úsáid ar feadh tréimhse níos faide trí gheilleagar ciorclach a chruthú. Is éard is geilleagar ciorclach ná geilleagar ina n-úsáidtear acmhainní ar bhealach chomh héifeachtúil agus is féidir, ar athrú é ar an bpróiseas a bhí ina phróiseas líneach go traidisiúnta – earraí a úsáid agus iad a chaitheamh ar shiúl – chuig próiseas ciorclach ina ndéantar luach a choimeád agus a fháil ar ais laistigh den chóras.

Tá breis agus 200 beart sa phlean i réimsí dramhaíola amhaíl plaisteach agus pacáistiú, tógáil agus scartáil, dramhaíl bhardasach agus tráchtála agus tá ról lárnach ag údaráis áitiúla i ndáil lena bhfeidhmiú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile. Réimsí tábhachtacha chun gníomh a dhéanamh ina leith is ea: -

DRAMHAÍL Ó PHLAISTEACH AGUS Ó PHACÁISTIÚ

- Tugadh isteach Scéim nua Taisce agus Tugtha ar Ais le haghaidh buidéal phlaisteacha agus cannaí alúmanaim i mí na Samhna 2022 agus beidh an scéim ag feidhmiú faoi mhí Feabhra 2024.
- Trasuíodh Treoir maidir le Plaisteach Aonúsáide ina dlí i mí Iúil 2021 arbh é an phríomhfheidhm a bhí leis an treoir an tionchar atá ag táirgí plaisteacha a laghdú agus rinneadh earraí aonúsáide amhaíl sceana agus soip a thoirmeasc. Is é an sprioc atá leis laghdú a dhéanamh ar phlaistigh aonúsáide a bheith á gcur ar an margadh faoin mbliain 2026 agus beidh an pacáistiú ar fad in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoin mbliain 2030.
- Go dtí seo, d'éirigh le Scéimeanna Freagrachta Leathnaithe Táirgeora (EPR) faoi REPAK ó thaobh spriocanna a bhaint amach agus dramhaíl a atreorú ó láithreáin líonta talún. I measc na sruthanna dramhaíola ina bhfuil scéimeanna reatha EPR, tá Trealamh Dramhaíola Leictreach agus Leictreonach (WEEE), Cadhnaí, Feithiclí a bhfuil a ré caite (ELVanna), pacáistiú, boinn agus plaistigh feirme. Sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach Polasaí Náisiúnta Dramhaíola na hÉireann 2020-2025, leagtar amach nach mór go mbeadh an pacáistiú ar fad in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoin mbliain 2030.

DRAMHAÍL TÓGÁLA AGUS SCARTÁLA

- Is éard atá i gceist leis an bpróiseas Deireadh Dramhaíola (Rialachán 28) faoi Rialachán 28 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (an Treoir maidir le Dramhaíl), 2011 ná próiseas ina ndéantar ábhar a fháil ar ais ó dhramhaíl nó é a athchúrsáil ionas nach bhfuil sé ina dramhaíl a thuilleadh. Ní mór coinníollacha faoin reachtaíocht a chomhlíonadh sula mbronnfar stádas deireadh dramhaíola.
- Is é an EPA na cinnteoirí maidir le Rialachán 28 agus ghlac an EPA le saincheisteanna leis an gcóras reatha ar nós an tráth chun cinntí deireanacha a dhéanamh. Dá réir sin, thug an EPA faoi chomhairliúchán poiblí le gairid maidir le Dréacht-Chritéir Náisiúnta Deireadh Dramhaíola do Chumasáin Athchúrsáilte agus Dréacht-Chritéir Náisiúnta maidir le fotháirgí d'asfalt a bhaintear den láithreán atá le húsáid mar amháin i monarcha cosán asfalt athchúrsáilte chun meascáin biotúmanacha a mhonarú. Táthar ag súil go dtabharfar na critéir Náisiúnta chun críche i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2023.
- Is féidir stádas mar Fhotháirge (Rialachán 27) a bhaint amach in imthosca áirithe agus déantar é a rialú faoi Rialachán 27 de Rialachán 2011 (I.R. 126 de 2011) na gComhphobal Eorpach (an Treoir maidir le Dramhaíl). Tá feidhm leis nuair atá fuilleach ábhair le fáil ar láithreán agus nuair is féidir é a aistriú chuig láithreán ina bhfuil gá leis an ábhar seo, eg. nuair atá fuilleach barrithreach i láithreán tógála agus go dtugtar an bharrithir chuig láithreán ag a bhfuil cead pleanála agus ina bhfuil an t-ábhar seo ag teastáil.
- I mí Samhna na bliana 2021, d'fhoilsigh an EPA Treoirínte Dea-chleachtais maidir le pleananna bainistithe acmhainní agus dramhaíola (RWMP) do Thionscadail Tógála agus Scartála. Is é an príomhfheidhm atá leis na treoirínte ná dramhaíl a chosc agus acmhainní a choinneáil in úsáid ar feadh tréimhse níos faide. Téann na Treoirínte Dea-chleachtais in ionad na dTreoirínte Dea-chleachtais maidir le Pleananna Bainistithe Dramhaíola a Ullmhú do dhramhaíl Tógála agus Scartála a foilsíodh sa bhliain 2006

DRAMHAÍL BHARDASACH (TÍ AGUS TRÁCHTÁLA)

- Is é an dúshlán atá i gceist ná spriocanna athchúrsála a leagadh síos do dhramhaíl Bhardasach Sholadach (MSW) i gCreat-Treoir Dramhaíola an AE. Tá spriocanna dramhaíola le bheith ag 55% faoin mbliain 2025 agus le méadú suas le 65% faoin mbliain 2035. Chomh maith leis sin, faoin mbliain 2023, níl níos mó ná 10% de MSW le dul chuig láithreán líonta talún.
- Tháinig Rialacháin Bhreisithe maidir le Dramhaíl Tráchtála i bhfeidhm ar an 1 Iúil, 2023 ina n-éileofar ar chuideachtaí bailithe dramhaíola go mbeadh trí araid chaighdeánaithe acu le cur ar fáil dá gcustaiméirí tráchtála a chomhdhéanfar d'araid iarmharach, araid d'ábhar measctha tirim in-athchúrsáilte agus araid bhithdramhaíola agus gearradh airgid dreasaithe a thabhairt isteach do bhailiú dramhaíola san earnáil tráchtála. Trí fheabhas a chur ar scaradh dramhaíola san earnáil tráchtála, cuirfear le spriocanna athchúrsála.
- Táthar ag súil go laghdófar ar deireadh thiar an dramhaíl tráchtála atá á giniúint gach aon bhliain trí thobhach 20c ar thart ar 200 milliún cupán caife indiúscartha má bhíonn an leathadh amach chomh rathúil agus a bhí an tobhach ar mhálaí plaisteacha.

Bhí ról lárnach ag Comhairle Contae Chorcaí i ndáil le bainistiú dramhaíola ag féachaint don ordlathas dramhaíola trí láithreán conláiste cathrach agus ionad fág anseo a chur ar fáil agus trínár bhfoirne forfheidhmithe agus rialaithe dramhaíola freisin. Trí láithreáin chonláiste chathrach agus ionaid fág anseo, cuirtear rogha malartach ar bhailiú cholbha an chosáin ar fáil le go mbeifí in ann dramhaíl tí leithscartha a dhiúscairt mar is cuí. Tá na foirne rialaithe agus forfheidhmithe dramhaíola rithábhachtach lena chinntiú go gcloíonn oibritheoirí dramhaíola leis na caighdeáin agus go cuirtear deireadh le hoibritheoirí neamh-chomhlíontacha agus nach mbaineann siad an bonn ó oibritheoirí comhlíontacha.

Tá caitheamh bruscair agus dumpáil ina gcúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus screamhuisce truaillithe. Tá gníomh forfheidhmithe chun cosc a chur leis an gcleachtas seo rithábhachtach chun iad sin atá freagrach as na cleachtais seo a aithint agus smachtbhannaí a fhorchur chun deireadh a chur leis na cleachtais.

San am atá caite, ba iad láithreáin líonta talún an bealach le dramhaíl a dhiúscairt, bhí dhá aicme ag baint leo sin, láithreáin líonta talún ceadúnaithe a tógadh agus a feidhmíodh de réir caighdeáin réamhshocraithe, agus láithreáin líonta talún oidhreachta a bhí ina ndumpaí neamhbhainistithe i ndáiríre. Maidir le láithreáin líonta talún ceadúnaithe, tá cúig cinn sa chontae agus tá sé mar aidhm lena mbainistiú ar bhonn leanúnach a chinntiú go laghdaítear astaíochtaí a oiread agus is féidir agus go gcaitear go cuí leo de réir na gceanglas. Maidir le láithreáin líonta talún leagáide, is iad iniúchadh agus oibreacha chun a dtionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú na saincheisteanna a bhaineann leo.

Spríoc 4.9.1 – Dramhaíl sholadach agus na hastaíochtaí atá mar thoradh orthu a laghdú

Cuspóirí 4.9.1.1 – An Geilleagar Ciorclach a chur chun cinn agus tacú leis.

UIMH.	GNÍOMH
4.9.1.1.1	Oibriú le páirtithe leasmhara chun laghdú ar thomhaltas acmhainní nua a chur chun cinn agus a bheith ag tacú leis.
4.9.1.1.2	An scéim aisiócaíochta taisceadáin do bhuidéil phlaisteacha agus alúmanam a chur chun cinn agus a bheith ag tacú léi.
4.9.1.1.3	An treoir maidir le plaisteach aon úsáide a chur chun cinn agus a bheith ag tacú léi.
4.9.1.1.4	Na scéimeanna táirgeoirí freagrachta leathnaithe a chur chun cinn agus a bheith ag tacú leo.
4.9.1.1.5	Oibriú le páirtithe leasmhara chun úsáid chritéir deireadh saoil dramhaíola - Rialachán 28 a leathnú, i gcomhréir le forálacha an Achta um Bainistiú Dramhaíola.
4.9.1.1.6	Feidhmiú Rialachán 27 a chur chun cinn agus tacú leis trí rialáil táirgí chun diúscairt dramhaíola a laghdú, i gcomhréir le forálacha an Achta um Bainistiú Dramhaíola.
4.9.1.1.7	Oibriú le páirtithe leasmhara chun infhaighteacht agus úsáid diúscairt dramhaíola leithscartha a chinntiú.

Objectives 4.9.1.2 - Work with communities and stakeholders to eliminate littering and dumping.

UIMH.	GNÍOMH
4.9.1.2.1	Leanúint ar aghaidh leis an dúshlán frith-bhruscair chun feasacht a mhúscailt i bpobail.
4.9.1.2.2	Oibriú le páirtithe leasmhara maidir le hoideachas agus feasacht i ndáil le dramhaíl a dhiúscairt i gceart.
4.9.1.2.3	Oibriú le páirtithe leasmhara ar thosaíochtaí bliantúla forfheidhmithe dramhaíola.

Cuspóirí 4.9.1.3 - Astaíochtaí ó láithreáin líonta talún na Comhairle a laghdú

UIMH.	GNÍOMH
4.9.1.3.1	Láithreáin líonta talún dúnta a bhainistiú chun astaíochtaí a íoslaghdú, agus comhlíonadh na gceanglas maidir le cosaint an chomhshaoil a bhaineann le láithreáin líonta talún dúnta a chur chun cinn ag an am céanna.
4.9.1.3.2	Oibriú le páirtithe leasmhara chun láithreáin líonta talún stairiúla a leigheas agus a bhainistiú, agus comhlíonadh na gceanglas maidir le cosaint an chomhshaoil a bhaineann le láithreáin líonta talún dúnta a chur chun cinn ag an am céanna.
4.9.1.3.3	Oibriú le páirtithe leasmhara chun astaíochtaí ó chóireáil láisteáit a laghdú, ag féachaint go cuí do chúrsaí pleanála agus cosanta comhshaoil.

Cuspóirí 4.9.1.4 – Oibriú le páirtithe leasmhara lena chinntiú go bhfuil roghanna ar fáil chun dramhaíl leithscartha a dhiúscairt

UIMH.	GNÍOMH
4.9.1.4.1	Ionaid fóntas poiblí a chur chun cinn mar mhalairt ar bhailiú cois cosáin chun dramhaíl a dhiúscairt go cuí, ag féachaint go cuí do phleanáil agus do chúrsaí cosanta comhshaoil/ núise i ndáil le láithreáin den sórt sin.
4.9.1.4.2	Ionaid fág anseo a chur chun cinn chun coimeádáin ghloine agus cannaí bia a dhiúscairt, ag féachaint go cuí do chúrsaí pleanála agus cosanta comhshaoil/ núise i ndáil le láithreáin den sórt sin.
4.9.1.4.3	Tacú le páirtithe leasmhara maidir le laghdú ar phacáistíú.
4.9.1.4.4	Tacú le bailiú 3 bhosca bruscair a rolladh amach chuig an earnáil tráchtála.

Ta liosta iomlán de na gníomhartha go léir de réir réimse Téama leagtha amach i Aguisín 3

5 CRIOS DÍCHARBÓN- AITHE



RÉAMHRÁ

Is limistéar spásúil é Crios Dícharbónaithe (CD) ina sainithnítear raon beart maolaithe, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta um athrú aeráide chun aghaidh a thabhairt ar fhuinneamh áitiúil ísealcharbóin, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus riachtanais aeráide. Is féidir leis an CD a bheith ina ionad tástála ar a bhfuil indéanta le haghaidh dícharbónaithe agus gníomhaíochta aeráide ar leibhéal áitiúil agus pobail, agus ar na míreanna is féidir a chur i bhfeidhm ansin in áiteanna eile sa chontae.

Is é Baile Mhaigh Chromtha an Crios Dícharbónaithe do Chontae Chorcaí.

Tá daonra 4,096 (daonáireamh 2022) ann, agus tá sé suite timpeall 38km ó Chathair Chorcaí agus 48km ó Chill Airne in aice leis an Sulán.

Tá an CD aibhsithe sa léarscáil thíos.




Fig 5.1 Léarscáil de Chrios Dícharbónaithe Mhaigh Chromtha

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil baile Mhaigh Chromtha féin sa CD lena n-áirítear an limistéar glas ó dheas ón Sulán, agus an limistéar tionsclaíoch soir ó dheas. Ní chuimsíonn an CD talamh feirme talmhaíochta.

FÍS

Cuirfidh Crios Dícharbónaithe Mhaigh Chromtha béim agus forbairt ar dheiseanna gníomhaíochta aeráide inbhuanaithe, agus dícharbónú á chur chun cinn, agus bithéagsúlacht a fheabhsú sa bhaile a rachaidh chun leasa an chontae ar fad freisin

CUSPÓIRÍ

Úsáidfidh Comhairle Contae Chorcaí Crios Dícharbónaithe Mhaigh Chromtha chun comhthairbhí gníomhartha aeráide a iniúchadh, agus scrúdú a dhéanamh ar raon beart áitiúil i réimsí mar, dícharbónú, bonneagar glas agus taisteal gníomhach, limistéir ghlasa agus foraoisiú a fhorbairt, feasacht saoránach agus athrú iompraíochta a ardú.

MAOLÚ AERÁIDE – FARDAL ASTUITHE BUNLÍNE CD

D'fhonn na héifeachtaí a bhaineann le hastaíochtaí carbóin sa CD a laghdú, ar dtús caithfear na hastaíochtaí carbóin iarbhír don limistéar a thomhas, s.e. ní mór Fardal Astaíochtaí Bunlíne (BEI) an CD a tháirgeadh. Rinneadh an measúnú seo go comhshaolach leis an measúnú BEI ar fud an chontae, a leagtar amach i gCaibidil 3.

Chuir an doiciméad treorach CARO larscríbhinn Theicniúil C eolas ar fhorbairt an BEI don CD Mhaigh Chromtha: Measúnú Maolaithe Aeráide agus larscríbhinn D Theicniúil Criosanna Dícharbónaithe. Is í an bhliain a úsáidtear le haghaidh na n-astaíochtaí bunlíne ná 2018, a roghnaíodh chun ailíniú le spriocanna náisiúnta na hÉireann a leagtar síos i gcoinne bunlíne in 2018.

Rinneadh an measúnú ar an CD in dhá chéim chun tuiscint ar astaíochtaí fuinnimh agus carbóin laistigh den limistéar CD a threorú.

- 1 Forbhreathnú 'ó bharr anuas' ar astaíochtaí carbóin laistigh den limistéar CD
- 2 Measúnú Leibhéal 3 'Ó Bhun Aníos'

Ciallaíonn measúnú Leibhéal 3 go bhfuil gné spásúil ag gach foinse sonraí. Ligeann sé seo na sonraí a mhapáil. Éilíonn an cur chuige seo scileanna breise i gcórais faisnéise geografacha (GIS)

TORTHAÍ BEI

Is ionann na hastuithe carbóin iomlána don bhliain 2018 i limistéar CD agus thart ar 33,966 tCO₂e.,

Tá astaíochtaí carbóin laistigh den CD roinnte beagnach go cothrom idir an earnáil chónaithe, iompar, agus an earnáil tráchtála agus phoiblí, agus tá an earnáil dramhaíola freagrach as 2% d'astaíochtaí iomlána carbóin.




Fig 5.2 Astaíochtaí carbóin bunlíne CD Mhaigh Chromtha 2018 de réir earnála

Bhí daonra 3,961 ag Maigh Chromtha de réir dhaonáireamh 2016, ag tabhairt dlús daonra 1,200 duine in aghaidh an km², atá i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta de 72 duine in aghaidh an km². Mar thoradh air seo tá 8.58 tCO₂e per capita.


CÓNAITHEACH

Tá an earnáil chónaithe freagrach as 32% d'astaíochtaí carbóin laistigh de limistéar CD Mhaigh Chromtha, arb ionann é agus thart ar 10,869 tCO₂e.

Is ionann na Tithe laistigh de limistéar CD agus 95% d'astaíochtaí iomlána carbóin na hearnála, agus Árasáin laistigh den limistéar CD, freagrach as an 5% eile.

CINEÁLACHA BREOSLA

Tá an miondealú ar na cineálacha breosla a úsáidtear san earnáil chónaithe leagtha amach thíos.



EARNÁIL	CÉATADÁN
Ola	70%
LPG	1%
GÁS NÁDÚRTHA	3%
ATHNUAITEÁIN	1%
LEICTREACHAS	8%
ADHMAD	4%
GUAL	13%
MÓIN	1%


Fig 5.3 Tomhaltas Fuinnimh Cónaithe de réir Cineál Breosla

Mar is féidir a fheiceáil, is í Ola an breosla is mó a úsáidtear, ag 70% den bhreosla cónaithe iomlán.

IOMPAR

Is ionann astaíochtaí iomlána carbóin na hearnála iompair laistigh den limistéar CD agus thart ar 10,747 tCO₂e.

Tugtar an miondealú ar astaíochtaí lompair de réir cineáil feithicle thíos:



CINEÁIL FEITHICLÍ	CÉATADÁN
Gluaisteán Priobháideach	65%
Iompar Poiblí	3%
Last as Bóthair	21%
Feithiclí earraí éadroma	11%

Fíor 5.4 Astaíochtaí lompair arna miondealú de réir Cineál Feithicle

TRÁCHT COMAITÉIREACHTA TRÍD AN CD

Scrúdaíodh comaitéirí a fhágann agus a théann isteach sa limistéar CD chun freastal ar obair, ar choláiste nó ar scoil go laethúil laistigh den limistéar CD agus ó na limistéir máguaird. Ag baint úsáide as sonraí Daonáirimh 2016, Measadh go gcuireann na turais chomaitéireachta a fhágann agus a théann isteach sa limistéar CD, le hastaíochtaí 2,926 tCO₂e agus 2, 435 tCO₂e, faoi seach.

Chun críocha an mheasúnaithe seo, glacadh leis go dtosódh nó go gcríochnódh gach coimisiún, de réir mar is cuí, sa CD.

Toisc go ndíríonn na patrúin comaitéireachta seo ar chomaitéirí atá ag taisteal isteach agus amach as an limistéar CD, dá bhrí sin níl baint iomlán ag an tionchar laistigh de theorainn limistéar CD féin, agus ní chuirtear na sonraí san áireamh sa mheasúnú ar astaíochtaí iomlána iompair don CD.


EARNÁIL TRÁCHTÁLA AGUS POIBLÍ

Is ionann an earnáil tráchtála agus poiblí agus 34% d'astaíochtaí carbóin an CD, arb ionann iad agus thart ar 11,518 tCO₂e.

Cuimsíonn an earnáil seo 65 foirgneamh tráchtála, 7 bhfoirgneamh úsáide measctha agus 582 foirgneamh "eile". Cuirtear torthaí an mheasúnaithe astaíochtaí carbóin i láthair de réir an chineáil foirgnimh thíos.

- Tagraíonn 'eile' do chineálacha foirgnimh lena n-áirítear stáisiúin leictreachais, hallaí agus tithe lasmuigh.
- Tagraíonn 'úsáid measctha' do chineálacha foirgneamh lena n-áirítear foirgnimh rialtais áitiúil agus tithe altranais.
- Tagraíonn 'tráchtála' do chineálacha foirgnimh mar stáisiúin dóiteáin, stáisiúin líonta agus stáisiúin na nGárdaí.

Earnáil Tráchtála & Poiblí - Astaíochtaí Carbóin



CINEÁIL FOIRGNIMH	CÉATADÁN
Tráchtála	55%
Eile	35%
Úsáid Measctha	10%

Fig 5.5 astaíochtaí carbóin a bhaineann leis an earnáil tráchtála agus poiblí de réir cineáil foirgnimh.

CINEÁL BREOSLA

Is í an leictreachas an phríomhfhoinsé breosla a úsáidtear i ngné na hEarnála Tráchtála agus Poiblí de limistéar CD, ag cumhacht thart ar 58% d'fhoirgnimh tráchtála agus poiblí i limistéar CD. Taispeántar an miondealú ar an gcineál breosla thíos:

Astaíochtaí carbóin iomlán de réir cineáil breosla




Fig 5.6 astaíochtaí carbóin a bhaineann leis an earnáil tráchtála agus poiblí de réir cineáil breosla.

DRAMHAÍL

Is ionann earnáil na dramhaíola agus thart ar 2% d'astaíochtaí carbóin CD Mhaigh Chromtha, thart ar 832 tCO₂e.

Tá saoráid dramhaíola (Ionad Fóntas Poiblí Mhaigh Chromtha) agus córas Cóireála Fuíolluisce Uirbeach (WWTP Mhaigh Chromtha) suite laistigh de limistéar CD. Mar sin féin, déanann na suímh seo dramhaíl a bhainistiú ó dhaonraí lasmuigh de theorainn CD. Dá bhrí sin, chun astaíochtaí a bhaineann le dramhaíl laistigh de theorainn CD a ríomh, úsáideadh tagarmharc d'astaíochtaí carbóin a bhaineann le dramhaíl de 0.21 tCO₂e/ceann daonra.

Meastar an Tagarmharc seo ag úsáid astaíochtaí na hearnála dramhaíola náisiúnta in 2018 arna roinnt ar an daonra náisiúnta (sonraí CSO 2016). Déantar an tagarmharc seo a iolrú ansin faoi dhaonra iomlán an cheantair CD (3,961 2016 Sonraí CSO).

BEARTA OIRIÚNAITHE AERÁIDE AGUS BITHÉAGSÚLACHTA

Tá sé beartaithe go mbeidh criosanna dícharbónaithe mar fhócas do raon maolaithe aeráide, bearta oiriúnaithe agus bithéagsúlachta i ngach limistéar riaracháin údarás áitiúil agus cuideoidh siad le tionscadail a shainaithint a chuirfidh le seachadadh an chuspóra aeráide náisiúnta.

Tagraíonn Oiriúnú Aeráide do ghníomhartha a rinneadh chun éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide a laghdú nó chun leas a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn. Is féidir CD Mhaigh Chromtha a úsáid mar shuíomh chun gníomhaíochtaí oiriúnaithe éagsúla a thriail, le haghaidh measúnaithe, sula ndéantar iad a mheas lena gcur i bhfeidhm i gcodanna eile den chontae.

Cuimseoidh cuid de na bearta oiriúnaithe seo, a leagtar amach thíos, gníomhaíochtaí bithéagsúlachta.

TIONSCADAIL TAISTIL GNÍOMHACHA

Is é an PríomhShráid is mó atá i leagan amach baile Mhaigh Chromtha a ritheann mar bhóthar leanúnach dhá lán ag lúbadh ar feadh fad iomlán an CD. Tá cosáin ar gach taobh den bhóthar is mó, ach ní go léir, ar an mbealach. Tá codanna áirithe de na cosáin seo ró-chúng do choisithe siúl go compordach taobh le taobh.

Ba chóir machnamh a dhéanamh ar:

1. Líonra de bhealaí ainmnithe siúil agus rotháiochta a sholáthar chun nascacht shábháilte, áisiúil agus thaitneamhach a sholáthar idir príomhlimistéir chónaithe an bhaile, scoileanna agus lár an bhaile.

Caithfear féidearthacht agus suímh na bhfeabhsuithe seo, agus a dtionchar ar sholáthar páirceála Mhaigh Chromtha, a imscrúdú mar gheall ar an spás teoranta atá ar fáil.

2. "Bealaí Sábháilte chuig Scoileanna" a fhorbairt.

Tá roinnt scoileanna i mBaile Mhaigh Chromtha, Meánscoil agus Bunscoil araon. Ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar fhorbairt "Bealaí Sábháilte chuig scoileanna" do gach ceann de na scoileanna seo. Éileoidh sé seo ionchur ó roinnt páirtithe leasmhara ábhartha.

Tá Bonneagar Iompair Éireann (TII) le staidéar Taistil Gníomhach a dhéanamh ar bhaile Mhaigh Chromtha. Nuair a bheidh sé críochnaithe, is féidir é seo a úsáid chun cabhrú le dul chun cinn Tionscadal Taistil Gníomhach.

FORBAIRT RÍOCHTA PHOIBLÍ

Ba cheart go n-áireofaí i dtionscadail amach anseo d'athghiniúint uirbeach Ríochta Phoiblí Mhaigh Chromtha eilimintí chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn, lena n-áirítear saincheisteanna gníomhacha taistil agus bithéagsúlachta, nuair is féidir.

Faoi láthair tá pleananna ann dul chun cinn chun an Mheánchearnóg de bhaile Mhaigh Chromtha a fheabhsú. Tá an fhorbairt seo le cur san áireamh feabhas a chur ar na cosáin ó thuaidh agus ó dheas ó Shráid an Chaisleáin/Lár-Chearnóg.

FEABHSÚ SPÁSANNA GLASA

Féadann limistéir ghlasa spás a sholáthar d'áitritheoirí na mbailte scíth a ligean, aclaíocht a dhéanamh agus ceangal a dhéanamh leis an dúlra. Tá limistéar mór glas ag Maigh Chromtha, i lár an bhaile, taobh leis an tSulán, Páirc Tom Creedon / Castle Demesne. Tá páirceanna, agus áiseanna spóirt sa limistéar glas, an club gailf san áireamh.

Is féidir an limistéar Glas seo a fheabhsú chun na buntáistí a bhaineann leis an mbaile a fheabhsú. I measc na bhfeabhsuithe d'fhéadfadh crainn a phlandáil, bláthanna fiáine measctha a phlandáil, níos mó áiseanna a sholáthar do dhaoine scíth a ligean srl. Soláthraíonn na crainn scáthú ón teas, agus in éineacht leis na bláthanna feabhsaíonn siad bithéagsúlacht an limistéir.

Is féidir tuilleadh Limistéir Ghlas a fhorbairt sa toadhcháil i Maigh Chromtha, nuair is féidir chun sochair chomhchosúla a sholáthar.

PLANDÁIL CRAINN UIRBEACH

Ar leithligh maidir le crainn a phlandáil i limistéir ghlasa, ba cheart machnamh a dhéanamh ar chrainn a sholáthar sna limistéir níos tógtha den CD, mar na limistéir tráchtála nó cónaithe, áit a gceadaíonn spás.

Is féidir go mbeidh buntáistí iomadúla ag crainn i limistéir bhaile a bhaineann le haistéitic, rialáil microaeráide chomh maith le bheith mar chuid de réitigh nádúr-bhunaithe ar bhainistíocht uisce báistí agus rith chun srutha uisce dromchla.

Tá siad tábhachtach freisin i dtéarmaí bithéagsúlachta agus is féidir leo cur le truailliú aeir cáithnínach a laghdú. Trasghalann crainn freisin, a thriomaíonn an ithir mórthimpeall, agus ar an gcaoi sin soláthraíonn sí cumas níos mó chun uisce báistí a stóráil.

TIONSCADAIL DRAENÁLA SUDS AGUS RÉITIGH BUNAITHE AR AN DÚLRA

Tá tionchar na n-imeachtaí báistí foircneacha ag méadú leis an athrú aeráide agus tá sé seo ag méadú go mór an leibhéal truaillithe ó rith chun srutha uirbeach agus an riosca tuile a eascraíonn as an méid níos mó de sin rith chun srutha ón limistéar uirbeach neamhscagach den chuid is mó, mar bhaile Mhaigh Chromtha.

Tagraítear do chur chuige chun uisce dromchla a bhainistiú a chuireann san áireamh cainníocht uisce (tuilte), cáilíocht uisce (truailliú), bithéagsúlacht (fiadhúlra agus plandaí,) agus taitneamhacht le chéile mar Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS).

Is cineálacha cur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaol iad Réitigh Dúlra-Bhunaithe do SuDS chun saincheistanna draenála a bhainistiú. Baineann siad úsáid as próisis nádúrtha agus as an éiceachóras chun sreabhadh uisce a rialú, agus tuilte a laghdú.

Ba cheart measúnú a dhéanamh i CD Mhaigh Chromtha chun na réimsí a shainnithint ina mbeidh an leas is mó ag tionscnaimh SuDS atá bunaithe ar an dúlra. D'fhéadfadh go mbeadh próifiliú na limistéar glas le haghaidh coinneáil uisce i dteannta le plandáil oiriúnach ina chur chuige luachmhar freisin maidir le coinneáil agus scagachán. Féadfaidh cuid de na breithnithe seo a leanas a bheith i measúnú den sórt sin

PLANDÁIL CRAINN

Mar a luadh cheana, is féidir le Crainn ról a bheith acu i mbainistiú uisce báistí agus rith chun srutha uisce dromchla. Trasghalann crainn freisin, a thriomaíonn an ithir mórthimpeall, agus ar an gcaoi sin soláthraíonn sí cumas níos mó chun uisce báistí a stóráil.

GAIRDÍNÍ BÁISTÍ

Is é atá i ngairdín báistí, ag a chroílár, gairdín a bhailíonn uisce báistí, a choinníonn ar feadh méid teoranta ama é, agus a scagann é sula scaoiltear an t-uisce go mall isteach sa talamh. Bailíonn sé uisce báistí ó dhromchlaí neamh-thréscaoilteacha cosúil le díonta, cosáin, carrchlósanna, rud a ligeann don uisce dul ar ais go mall sa talamh, ag cosc ar rith chun srutha uiscebhealaí áitiúla a bhaint amach. díonta glasa.

Cuirfidh gairdín báistí bia agus foscadh ar fáil do phailneoirí, mar shampla féileacáin, agus tabharfaidh sé cosaint d'éin ceol agus d'fhiadhúlra eile.

SOITHÍ PLANDAÍ UISCE BÁISTÍ

Is boscaí iad Soithí Plandaí Uisce Báistí le plandaí a úsáideann uisce báistí ó do dhion, ag moilliú sreabhadh na báistí chuig an gcóras draenála. Tá siad ar chostas íseal, agus téann siad chun leasa na timpeallachta áitiúla trí fhásra agus dath a chur le clóis agus gairdíní, spás a sholáthar do phailneoirí, le bithéagsúlacht a fheabhsú.

Ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht gairdíní báistí a fhorbairt agus soithí plandaí uisce báistí a úsáid laistigh den CD.

CIANOBAIR AGUS R-IONAD MHAIGH CHROMTHA

Is é CD Mhaigh Chromtha suíomh mol cianoibre cheana féin, an R-Ionad Mhaigh Chromtha.

Is ionad fiontar pobail é an mol seo atá tiomnaithe do chabhrú le gnólachtaí nuathionscanta & gnólachta atá ag fás. Is tionscnamh de chuid Chomhairle Contae Chorcaí, an Oifig Fiontar Áitiúil Corcaigh Theas, Bord Fiontar Ghleann na Laoi & Fiontraíocht Éireann.

Ba cheart imscrúdú agus taifeadadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht úsáid an mhol seo a fhorbairt tuilleadh, chun cianobair a chumasú d'áitritheoirí CD Mhaigh Chromtha agus timpealláin. Scrúdófar deiseanna chun tacú níos fearr leis an Mol, trí nascacht iompair phoiblí, bainistíocht soghluaisteachta, saoráidí feabhsaithe, páirceáil do ghluaisteachán agus pointí luchtaithe EV. Is féidir é seo a úsáid ansin chun cabhrú leis na r-mhollaí a fhorbairt i mbailte eile i gCorcaigh

FEITHICLÍ LEICTREACHA AGUS POINTÍ LUCHTAITHE

Is féidir tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt na heangaí náisiúnta luchtaithe EV i CD Mhaigh Chromtha.

Is féidir leis an gComhairle oibriú le páirtithe leasmhara eile, chun láithreacha atá oiriúnach do phointí luchtaithe a aithint.

POBAIL

Is é daonra Mhaigh Chromtha 4,096 (daonáireamh 2022). Beidh sé ríthábhachtach chun go n-éireoidh leo dul i mbun saoránachta agus pobail an bhaile leis na gníomhartha atá le forbairt sa chrios Dícharbónaithe.

Tá sé ríthábhachtach feacht a mhéadú faoi ghníomhú ar son na haeráide agus athrú iompraíochta a spreagadh sa chrios Dícharbónaithe. Is éard a bheidh i gceist leis na cónaitheoirí, na pobail agus na gnóthais a spreagadh, athruithe a dhéanamh chun a lorg carbóin a ísliú agus a n-astaíochtaí carbóin a laghdú.

Oibreoidh an Chomhairle le páirtithe leasmhara áitiúla sa CD chomh maith le comhlachtaí eile de réir mar is cuí. Tabharfar faoi thionscadail Gníomhaithe ar Son na hAeráide laistigh den chrios óna bhfoghlaimeoimid agus a mbeimid in ann cóipeáil laistigh den chontae.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Plean Forfheidhmithe Gníomhaíochta

Forbróidh Comhairle Contae Chorcaí plean forfheidhmithe bliantúil de gníomhartha aeráide a bhaineann go sonrach le crios Dícharbónaithe Mhaigh Chromtha. Díreoidh na gníomhaithe seo ar shaincheisteanna Maolú Aeráide agus Oiriúnaithe agus bithéagsúlachta mar a shainithnítear sa chaibidil seo.

Gníomhartha Maolaithe

Díreoidh na gníomhartha maolaithe aeráide ar astaíochtaí carbóin an chreasa a laghdú, Áireofar orthu seo aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí a bhfuil an Chomhairle freagrach go díreach astu. Sa chás seo, na hastaíochtaí a eascraíonn as foirgnimh na comhairle agus a bhflít.

Cuirfidh an Chomhairle ról ceannaireachta ar fáil freisin chun astaíochtaí a laghdú i gceantair chónaithe agus tráchtála an bhaile. Mar shampla, oibreoidh an Chomhairle leis an SEAI chun pacáistí faisnéise maidir le caidéal teasa a sholáthar d'áitritheoirí an bhaile.

Déanfaidh an Chomhairle tionscadail taistil ghníomhacha i Maigh Chromtha, mar na cosáin fheabhsaithe san fhorbairt atá beartaithe ar Chearnóg an Mhargaidh.

Gníomhartha Oiriúnaithe agus Bithéagsúlachta

Is féidir eilimintí oiriúnaithe aeráide a áireamh i dtionscadail ghníomhacha taistil, mar shampla, is féidir an bonneagar baile atá ann a fheabhsú a úsáid mar dheis chun SuDS bunaithe ar nádúr a sholáthar.

Déanfar deiseanna chun draenáil Mhaigh Chromtha a fheabhsú trí réitigh bunaithe ar an dúlra a imscrúdú agus a chomhlíonadh de réir mar is féidir.

Beidh gníomhartha ann freisin chun bithéagsúlacht an bhaile a fheabhsú, lena n-áirítear feabhsúcháin ar limistéir ghlasa an bhaile, mar shampla scáthú a fheabhsú agus pailniú a chur chun cinn.

Treoróidh téamaí agus cuspóirí gníomhartha chaibidil 4 forbairt na bpleananna cur chun feidhme bliantúla don chrios dícharbónaithe.

Beidh comhoibriú dhaonra, phobail agus ghnólachtaí an bhaile leis na gníomhartha a leagtar amach sna pleananna feidhmithe riachtanach chun go n-éireoidh leo.

6

MONATÓIREACHT & TUAIRISCIÚ



6.1 CÉN FÁTH / RÉAMHRÁ

Tá sé ríthábhachtach go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú ar fhorghníomhú agus ar thionchar gach ceann de na gníomhartha a shaináithnítear sa phlean seo ar bhonn bliantúil. Taispeánfar tiomantas CCC chun an plean gníomhaithe ar son na haeráide seo a sheachadadh trí phróiseas struchtúrtha feidhmithe le monatóireacht leanúnach agus tuairisciú ar dhul chun cinn. Tosaíonn an chéim feidhmithe agus tuairiscithe láithreach ar ghlacadh agus foilsiú foirmiúil an phlean gníomhaithe ar son na haeráide deiridh i mí Feabhra 2024.

6.2 STRUCHTÚR, FREAGRACHTAÍ & PLEANÁIL LE HAGHAIDH CUR CHUN FEIDHME

Fanfaidh an struchtúr inmheánach d'fhorbairt an phlean seo i bhfeidhm agus leanfaidh sé ar aghaidh le linn na céime feidhmithe, monatóireachta agus tuairiscithe. Cuimsíonn an struchtúr seo, mar atá mínithe sa chaibidil Rialachais, an méid seo a leanas:

- 1) Grúpa Stiúrtha bainistíochta sinsearach ardleibhéil, faoi chathaoirleacht an Phríomhfheidhmeannaigh, a bhfuil sé mar aidhm aige na spriocanna foriomlána a leagan síos maidir le seachadadh an Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide, buiséid agus acmhainní san áireamh.
- 2) Cinnteoidh Grúpa Oibriúcháin faoi chathaoirleacht an Bhainisteora Rannáin le freagracht as an Stiúrtóireacht Comhshaoil go ndéanfaidh gach stiúrtóireacht na gníomhaíochtaí a shaináithnítear sa Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide.
- 3) Beidh Grúpa Feidhmithe, ar a mbeidh ionadaithe bainistíochta ó gach stiúrtóireacht agus feidhm, freagrach as lóistíocht laethúil agus as cur i bhfeidhm an phlean. Cuimseoidh an Grúpa Feidhmithe:
 - a. Comhordaitheoir Gníomhaithe Aeráide (cathaoirleach)
 - b. Ionadaithe ó gach Stiúrtóireacht/ Feidhm / Rannán freagrach
 - c. Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh
 - d. Oifigeach Bithéagsúlachta
 - e. (Stiúrtóirí Seirbhíse de réir mar is cuí)
- 4) Stiúrtóireachtaí, Feidhmeanna, Rannáin/ Foireann Gníomhaithe ar son na hAeráide / Foireann fuinnimh, srl.

Díreofar an feidhmiú ó 1 go 4 agus sruthóidh an tuairisciú ó 4 go 1. Cuirfidh an grúpa Stiúrtha cuntasacht, maoirseacht agus ceannaireacht ar fáil de réir nósanna imeachta rialachais reatha an CCC.

6.3 CLÁR FEIDHMITHE AGUS AMLÍNE

Cuirfear an plean gníomhaithe ar son na haeráide i bhfeidhm thar thréimhse ama 5 bliana. Tacóidh Clár Feidhmithe Bliantúla le cur i bhfeidhm an phlean. Forbróidh an Grúpa Oibriúcháin agus an Grúpa Feidhmithe an chéad chlár feidhmithe (Bliain 1) tar éis an plean gníomhaithe ar son na haeráide a ghlacadh. Beidh tréimhsí ag amlínte gníomhaíochta ó bhliain go chéile go ilbhliantúil, s.é, cuimseoidh roinnt gníomhartha ilchlár feidhmithe bliantúla.

6.4 MONATÓIREACHT & TUAIRISCIÚ AGUS AMLÍNE

Beidh sé de fhreagracht ar an bhFoireann Gníomhaithe Aeráide faoi stiúir an Chomhordaitheora Gníomhaithe Aeráide monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaithe ar son na haeráide. Tuairisceoidh an fhoireann seo dul chun cinn ag eatraimh chomhaontaithe do na páirtithe leasmhara éagsúla.

6.5 PÁIRTITHE LEASMHARA

Tá roinnt páirtithe ann a nuashonrófar ag eatraimh éagsúla le linn shaolré an phlean lena n-áirítear: an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC), an Chomhairle, Bainistíocht Shinsearach, an pobal agus gníomhaireachtaí mar Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) agus an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúcháireachta (NOAC). Tabharfar tuairisc ar dhul chun cinn an phlean gníomhaithe ar son na haeráide mar seo a leanas:

- Laistigh de Chomhairle Contae Chorcaí chuig baill tofa, coistí beartais straitéiseacha nó fóraim eile de réir mar is cuí.
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC), ar leibhéal earnála chun comhiomlánú a dhéanamh i dtreo fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide de réir spriocanna 2030.
- Ar leibhéal náisiúnta de réir agus mar chuid de sheachadadh an chuspóra aeráide náisiúnta, de réir na struchtúr tuairiscithe atá ann cheana don phlean gníomhaithe ar son na haeráide náisiúnta.

6.6 STRUCHTÚR MONATÓIREACHTA AGUS TUAIRSCITHE

Tá trí phríomhchéim sainaitheanta ag CCC a bheidh mar mhodheolaíocht monatóireachta agus tuairiscithe:

Pleanáil le haghaidh Feidhmiú:


Déanfaidh an Comhordaitheoir Gníomhaithe Aeráide maoirseacht ar chur i bhfeidhm na gníomhartha a shainaitheann sa phlean gníomhaithe ar son na haeráide a bheidh i gceannas ar an nGrúpa Feidhmithe. Tíocfaidh an grúpa seo le chéile go tráthrialta i rith gach bliana den phlean. Beidh ionadaithe ó gach Stiúrthóireacht nó rannán freagrach ar an gcoiste. Beidh sé struchtúrtha chun an comhoibriú agus an ceannach isteach is mó ó gach cearn den eagraíocht a chinntiú agus beidh sé treoraithe ag riachtanais tuairiscithe agus amlínte.

Dul chun cinn a rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTF):

Beidh PTF ag gach gníomh arna chomhaontú ag an gComhordaitheoir Gníomhaithe Aeráide agus úinéir na gníomhaíochta chun dul chun cinn a rianú, a thomhas agus a thuairisciú. Tá sé tábhachtach go mbeadh an próiseas tomhais agus monatóireachta comhsheasmhach agus caighdeánaithe chun a chinntiú go bhfuil an dul chun cinn i gcoinne spriocanna agus torthaí bliantúla roimhe seo cruinn.

Ceanglais agus socruithe tuairiscithe:

Beidh trédhearcacht lárnach sa chaoi a dtuairiscítear dul chun cinn. Seasfaidh sé seo le hiomláine an phróisis monatóireachta agus tuairiscithe, cinnteoidh sé go bhfuil sé láidir agus nach mbeidh sé in ann grinnscrúdú a dhéanamh air. Spreagfaidh an cur chuige seo tacaíocht do fheidhmiú agus cuideoidh sé le cumarsáid an phlean.



Figiúr 6.1: Tascanna lárnacha le linn na céime feidhmithe agus tuairiscithe

6.7 MODHEOLAÍOCHT MONATÓIREACHTA

Beidh gníomhaíochtaí feidhmithe sainiúil, dírithe ar ghníomhaíocht, faoi cheangal ama agus intomhaiste. Tugtar samplaí de ghníomhartha feidhmithe in Aguisín 4. Soláthraíonn sé an fhaisnéis seo a leanas:

- Téama
- Uimhir thagartha gníomhaíochta LACAP
- Gníomh Feidhmithe
- Oiriúnú/ Maolú nó iad araon
- Úinéir (Stiúrthóireacht Ceannasach/ Rannán)
- PTF/méadrach
- Fráma ama le haghaidh seachadta

Déanfar rianú agus tomhas feidhmíochta trí na PTF a shanntar do gach gníomh.

6.8 DUL CHUN CINN A RIANÚ TRÍ PHRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (PTF)

Beidh na príomhtháscairí feidhmíochta a shanntar do gach gníomh seachtrach nó inmheánach don Chomhairle. Aontóidh an Grúpa Feidhmithe PTF inmheánacha. Beidh PTF seachtracha faoi stiúir gníomhaireachtaí freagracha mar SEAL nó NOAC.

Tá sé tábhachtach tionchar seachadadh gníomhartha a thomhas chun cabhrú le nádúr an tionchair a thuiscint, chun a chinntiú go bhfuil an tionchar dearfach agus chun measúnú a dhéanamh ar a thuilleadh gníomhaíochta a theastaíonn le himeacht ama. Tomhais feidhmíochta trí PTF, chun foráil a dhéanamh maidir le cuntasacht ag leibhéil oibríochta (údarás áitiúil) agus earnála (rialtas áitiúil). Taispeánann Tábla 6.2 foinse agus cuspóir PTFanna laistigh den chéim feidhmithe:

LEIBHÉAL	OIBRÍÚCHÁIN (ÚDARÁS ÁITIÚIL)	EARNÁIL (RIALTAS ÁITIÚIL)
Cuspóir PTF	Feidhmíocht an údaráis áitiúil a thomhas maidir le gníomhaíochtaí aeráide phlean gníomhaithe ar son na haeráide an údaráis áitiúil a sheachadadh.	Cur le tomhas feidhmíochta na hearnála rialtais áitiúil ar ghníomhaíocht aeráide de réir aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha straitéis an rialtais áitiúil: Gníomh Aeráide Éifeachtach a sheachadadh 2030.
Forbartha Ag	Sannann gach údarás áitiúil PTF do gach gníomh den phlean gníomhaithe ar son na haeráide chun cabhrú le dul chun cinn a thomhas, a rianú agus tuairisciú a dhéanamh air gach bliain.	Arna fhorbairt ag Grúpa Oibre PTF Gníomhaithe ar Son na hAeráide an Chontae agus na Cathrach (CCMA) mar a thacaíonn na hOifigí Réigiúnacha Gníomhaithe Aeráide (CARO) agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) thar ceann an CCMA agus i gcomhairle leis an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúcháireachta (NOAC).

Tábla 6.1: Foinse agus cuspóir na bPríomhtháscairí Feidhmíochta

Sectoral KPIs will be developed to align with the local governments 2030 Delivering Effective Climate Action (DECA) strategy and to measure and track the progress of the sector on climate action annually.

6.9 PRÍOMHSPLEÁCHAIS

Tá an plean gníomhaithe ar son na haeráide deartha le bheith inoiriúnaithe d'athruithe ar: beartas aeráide (Náisiúnta agus Eorpach), infhaighteacht maoinithe chomh maith le forbairt theicneolaíoch. I measc samplaí den athrú teicniúil tá éifeachtúlacht an bhonneagair ghreille leictreachais náisiúnta agus forbairtí i mbreoslaí iompair malartacha.

Ionas go dtuigfidh Comhairle Contae Chorcaí uailmhian an phlean gníomhaithe ar son na haeráide beidh ar an gcomhairle a tionchar a fheidhmiú ar bhonn níos leithne chun iarrachtaí gníomhaíochta aeráide daoine eile a uasmhéadú agus tacú leo agus beidh sé ag brath ar pháirtithe leasmhara agus ar chomhpháirtithe seachtracha.

6.10 CEANGLAIS AGUS SOCRUITHE TUAIRISCITHE

Tabharfar tuairisc ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaithe ar son na haeráide go himmheánach agus go seachtrach trí na bealaí agus na eatraimh seo a leanas:

- Tuairisciú inmheánach ag eatraimh arna bhforordú ag grúpa stiúrtha gníomhaithe aeráide CCC/ bainistíocht shinsearach.
- Tuairisciú bliantúil ar idiú fuinnimh CCC tríd an gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAL (M&R)
- Feidhmíocht Earnála Bhliantúil mar chuid de straitéis Gníomhaithe ar Son na hAeráide Éifeachtach 2030 an rialtais áitiúil.
- Tuairisciú bliantúil don Roinn Comhshaoil, Gníomhaithe ar Son na hAeráide & Fuinnimh mar chuid de sheachadadh an Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar Son na hAeráide.

AGUISÍN




AGUISÍN 1 CAIRT GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE

CLIMATE ACTION CHARTER

For Local Authorities and Minister for Communications, Climate Action and Environment on behalf of Government.

- (1) The signatories share the common understanding that:
 - (a) the evidence of global warming is unequivocal and the effects of climate change are clearly evident;
 - (b) it is important to take action and to work together to share best practices, to reduce Greenhouse Gas (GHG) emissions and address the impacts of climate change
 - (c) reducing GHG emissions and preparing for climate change impacts will generate environmental, social, economic and health benefits for individuals, families, and communities
 - (d) It is important to take action to adapt to the now inevitable consequences of climate change and to work collectively to ensure that the local authority sector is positioned to build resilience against negative impacts and avail of the positive effects that may occur.
- (2) The signatories acknowledge that a whole of government approach is essential in addressing climate change and recognise that:
 - (a) Central Government has a lead role to play in developing policy and ensuring resources are made available to realise Ireland's commitment to achieving a net zero carbon energy system objective for Irish society and in the process, create a climate resilient, vibrant and sustainable country
 - (b) Local Authorities are ideally placed to provide robust leadership in advancing this objective at the local and regional level. Support and resources will continue to be provided through the National Development Plan allocations, in addition to their own resources, which will aid them in developing and implementing relevant activities under this charter
 - (c) Central and Local Government need to work in partnership and collaboration to ensure an effective response to the challenges presented by climate change
- (3) This Charter acknowledges that local authorities will, with the support of Central Government:
 - (a) be advocates for Climate Action in our own policies and practices, and in our many various dealings with citizens and to underpin this role through the corporate planning process.
 - (b) adhere to the UN Sustainable Development Goals, in particular Goal 13 Climate Action;
 - (c) aim to measure the carbon impact of our various activities as accurately as possible and report as required so as to inform relevant local, regional and national policies,

- 
- (d) implement, in so far as is practicable, measures which reduce our carbon emissions in line with national objectives, and develop a method for planning and reporting on these actions
 - (e) deliver a 50% improvement in energy efficiency by 2030(on the 2009 baseline)
 - (f) ensure that policies and practices at local government level lead us towards low carbon pathways and put in place a process for carbon proofing major decisions, programmes and projects on a systematic basis, including investments in transport and energy infrastructure moving over time to a near zero carbon investment strategy
 - (g) Ask suppliers as part of the procurement process to provide information on their carbon footprint and on the sustainability practices and steps they plan to reduce its impact
 - (h) implement green public procurement strategy and procedures across all business areas
 - (i) support our employees to undertake changes in their lifestyles both at work and at home, to reduce carbon impact and encourage work-based employee-led groups to identify and implement ideas for improvement
 - (j) put in place, and resource, a long term training strategy (technical and behavioural) for LA staff to provide appropriate capacity for the sector to deliver on climate action
 - (k) encourage clients/customers/service users to undertake lifestyle changes to reduce their carbon impact, with a particular emphasis on supporting those clients/customers/service users who may face difficulties in funding such measures
 - (l) cultivate and actively participate in partnerships with enterprise, community and voluntary groups so as to, improve the use of resources and reduced climate impact
 - (m) play a key role in helping to build and implement a sustained localised citizen engagement model in supporting the various initiatives under the National Dialogue on Climate Action
 - (n) exercise our planning and regulatory roles to help improve climate outcomes in the wider community and beyond the public sector, by developing and implementing robust evidenced based policy and standards on climate action, through appropriate and relevant adaptation and mitigation measures
 - (o) continue to identify and develop specific actions to be taken to reduce the risks associated with negative climate change impacts and build resilience to these impacts through effective implementation of climate adaptation strategies/ Climate Change Action Plans
 - (p) support elected officials in ensuring all council led activities are climate proofed in terms of achieving effective low carbon and climate resilient outcomes

- (q) Explore opportunities to partner or collaborate on climate action initiatives across the public, private and education sectors.
- (r) Support Enterprise through LEO/LCDC offices to exploit opportunities which will arise from meeting the challenges of Climate Change
- (s) work with relevant stakeholders to source funding for implementing climate action projects;
- (t) liaise with 3rd level institutions & the research community both nationally and internationally with a view to developing centres of excellence where appropriate
- (u) develop links with young citizens to give voice to their understanding and concerns on climate change and to enhance their awareness and the actions that they can take.
- (v) continue to develop and strengthen links with both central government (relevant departments and agencies) and regional bodies to help ensure a coordinated and coherent approach to the delivery of the national climate action agenda
- (w) Monitor, evaluate and report annually on the implementation of activities under this charter

Signed on behalf of the Government

Signed on behalf of Cork County Council

Richard Bruton T.D.
Minister for Communications,
Climate Action and Environment

Tim Lucey
Chief Executive

Seán Canney T.D.
Minister of State for Natural Resources,
Community Affairs and Digital Development

Christopher O'Sullivan
Mayor

AGUISÍN 2

TIONSCNAMH

Tuigeann an Chomhairle nach bhfuil sí ag feidhmiú ina haonar agus go mbeidh ar a cumas cur le agus forbairt a dhéanamh ar go leor tionscnamh atá bunaithe cheana féin fad is a bheidh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide á sholáthar. Tá samplaí le fáil thíos ach níor cheart glacadh leis mar liosta uileghabhálach:

CLÁR NA SCOILEANNA GLASA

Is clár oideachais faoin timpeallacht é Scoileanna Glasa a spreagann gníomhú fadtéarmach agus dearfach ar mhaithe leis an timpeallacht. Is é an aidhm atá ann feachtas mac léinn agus rannpháirtithe ar shaincheisteanna timpeallachta a fheabhsú agus an t-eolas seo a úsáid chun gníomhaíocht dhearfach a spreagadh sa scoil agus sa phobal trí chéile. Cuireann go leor mac léinn an méid a fhoghlaimíonn siad i bhfeidhm sa bhaile, agus spreagann siad gníomhaíocht dhearfach ina dtithe féin agus i gceantair áitiúla.

Is tionscnamh idirnáisiúnta é Scoileanna Glasa atá á reáchtáil agus á chomhordú in Éirinn ag Aonad Oideachas Timpeallachta An Taisce, i gcomhpháirt le húdarais áitiúla ar fud na tíre.

AN TIONÓL SAORÁNACH

Glacadh leis an athrú aeráide mar cheann den chúig shaincheist a bhí á scrúdú ag An Tionól Saoránach agus bhí na 13 mholadh ar comhaontaíodh orthu níos radacaí ná mar a bhí súil leis. Shainaithin An Tionól Saoránach treochlár soiléir don ghníomhú ar son na haeráide agus tuarascáil leantach ón Oireachtas, glacadh le comhaontú traspháirtí agus sainaitníodh uirlisí agus roghanna beartais ar féidir iad a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh. Cinnteoidh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Uile-Rialtais go gcuirfear na moltaí seo i bhfeidhm agus go dtacófar leo.

Is léir go bhféadfaí neart tairbhe a bhaint as an bpróiseas a d'úsáid An Tionól Saoránach d'Idirphlé Náisiúnta maidir le Gníomhú ar son na hAeráide atá le forbairt mar shamhail nua de rannpháirtíocht saoránach maidir leis an athrú aeráide, agus glactar leis go mbeidh gníomh á spreagadh ag plé.

Bunaithe ar obair an Tionóil Saoránach, tuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais agus an tIdirphlé Náisiúnta, bunófar samhail rannpháirtíochta, nua agus feabhsaithe, chun deis rannpháirtíochta a thabhairt do níos mó saoránach agus chun braislí pobail a fhorbairt.

RANNPHÁIRTÍOCHT SAORÁNACH ÁITIÚIL

Is féidir le saoránaigh tionchar gníomhach agus cumhachtach a bheith acu i ndáil le hathrú ina bpobal a spreagadh – trí Choistí Forbartha Pobail Áitiúla (CFPÁna) nó trí Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRPanna) - líonra a chuireann ar chumas údarás áitiúil nascadh le grúpaí pobail ar fud na tíre. Is ionad ilfhreastail é LRP d'údarais áitiúla ar mian leo tairbhe a bhaint as saineolas pobail agus deonach ina limistéar féin. Is féidir le grúpaí pobail clárú chun páirt a ghlacadh sa LRP ina limistéar údarais áitiúil. Tugann LRPanna deis cainte níos fearr do shaoránaigh chomh fada is a bhaineann le cinntí a dhéanann an Rialtas áitiúil, cinntí a bhfuil tionchar acu ar a bpobail féin.

BAILTE SLACHTMHARA

Ar fud an Chontae tá iarrachtaí choistí éagsúla na mBailte Slachtmhara agus na n-oibrithe deonacha ag feabhsú na timpeallachta a bhfuilimid inár gcónaí inti agus ag cabhrú lenár bpobail a fhorbairt mar áiteanna níos fearr chun cónaí iontu, oibriú iontu agus gnó a dhéanamh iontu. Is comórtas bliantúil é Comórtas na mBailte Slachtmhara atá á eagrú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, le tacaíocht ó urraitheoirí éagsúla. Tá aird tarraingthe ag an gcomórtas seo ar dhamáiste don chomhshaol, an t-athrú aeráide, an dúlra agus bithéagsúlacht agus ceisteanna coitianta a bhaineann le bruscar, dumpáil agus an timpeallacht thógtha.

GLANTACHÁN NÁISIÚNTA AN EARRAIGH

Is é Glantachán Náisiúnta an Earraigh ceann de na tionscnaimh frithbhruscair is rathúla in Éirinn. Spreagann an feachtas seo grúpaí áitiúla chun glantacháin a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu ina limistéir féin gach Aibreán, agus bruscar agus dramhail a bhaint ó spásanna comhchoiteanna.

Tá Glantachán Náisiúnta an Earraigh á eagrú ag An Taisce, i gcomhpháirt leis an rialtas áitiúil agus le húdarais áitiúla.

POBAIL GHLASA

Is é atá mar aidhm le Plean Pobail Ísealcharbóin Pobal Glas An Taisce, an bhithéagsúlacht agus inbhuanaitheacht áitiúil a fheabhsú, tacú le grúpaí pobail trí fhaisnéis, oiliúint agus treoir a sholáthar.

Tá na himeachtaí oiliúna bunaithe ar ábhair agus scileanna bainistíochta timpeallachta atá ábhartha do dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn. Ní hamháin go soláthraíonn an clár oiliúint chun tionscadail phobail a sheoladh agus a chothabháil, soláthraíonn siad an chumhacht atá riachtanach chun grúpaí pobail a bhfuil obair á déanamh acu chun a dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú freisin.

Tá obair déanta ag Grúpaí Pobal Glas sna réimsí seo a leanas:

- gairdíní pobail a fhorbairt chun tacú le táirgeadh bia áitiúil agus chun pobail áitiúla a thabhairt le chéile
- limistéir fiadhúlra a fhorbairt
- glantacháin agus obair chaomhnaithe rialta (Muiríneach a chur)
- obair ghlantacháin íogair (e.g. limistéar talún a bhfuil drochbhail air a ghlanadh ionas gur féidir spás glas a chur ar fáil do dhaoine agus gnáthóg níos fearr a chruthú don fhiadhúlra)
- boscaí éan, ialtóg, gráinneog agus ulchabhán a fhorbairt agus a chothabháil
- speicis ionracha cosúil le balsam Himiléach, Róslabhras agus mar sin de a bhainistiú

Trí Phlean Pobail Ísealcharbóin Pobal Glas a fhorbairt tugadh grúpaí aonair le chéile freisin chun líonraí timpeallachta níos mó a chruthú. Is féidir le cuibharr, cumainn cónaitheoirí, scoileanna, carthanachtaí, grúpaí Bailte Slachtmhara, grúpaí pobail atá ag déileáil le handúil agus grúpaí pobail atá ag soláthar teiripe ghairneoireachta tairbhe a bhaint as an gcomhoibriú agus a gcuid eolais agus saineolais a fheabhsú.

SEE IT? SAY IT!

Go minic feiceann pobail a bhfuil obair á déanamh acu chun a dtimpeallacht agus an ceantar mórthimpeall orthu a fheabhsú rudaí áirithe agus aimsíonn siad fianaise ar ghníomhaíocht neamhdhleathach agus damáiste don chomhshaoil a d'fhéadfaí a úsáid chun an chúis agus na daoine atá freagrach as a leithéid a shainaithint. Tá cumhachtaí forfheidhmiúcháin ag Údarás Áitiúla chun gníomhú go cuí ach braitheann na cumhachtaí sin ar fhianaise ar bheith ar fáil chun aon chás a chruthú.

Tá aip forbartha ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, See it? Say It!, chun cabhrú le daoine truailliú an chomhshaoil ina gceantair áitiúla a thuairisciú. Is féidir le húsáideoirí an aip seo a úsáid chun grianghraif agus sonraí maidir le heachtraí truaillithe a chur ar fáil, agus ina dhiaidh sin cuirtear na grianghraif agus sonraí faoi bhráid an údarás áitiúil ábhartha. Taifeadann See it? Say It! suíomh GPS an eachtra ionas gur féidir le cigirí é a aimsiú agus a iniúchadh go héasca. Oibríonn an aip leis an Líne Náisiúnta Gearán faoin Timpeallacht (NECL). Is féidir le daoine rudaí éagsúla a thuairisciú cosúil le dó i gclós, diúscairt mhídhleathach, truailliú uisce, bolaithe, bruscar, dumpáil, graifítí agus truailliú ó thorann.

FÉILTE GLASA

Is tionscnamh é Glasaigh d'Fhéile a bhfuil sé mar aidhm leis feidhmíocht chomhshaoil imeachtaí, féilte agus ceann scríbe a fheabhsú. Tá údarás áitiúla atá ag glacadh páirt i dtionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo dramhaíl a chosc meáite ar earnáil spraoi na hÉireann a dhéanamh níos inbhuanaithe agus cheana féin chabhraigh siad le go leor eagraithe imeachtaí agus bainisteoirí cinn scríbe lena n-iarachtaí glasaíthe. Ainneoin go mbraitheann buntáistí sóisialta, airgeadais agus cultúrtha le féilte, d'fhéadfadh tionchar comhshaoil suntasach a bheith acu freisin.

Tá an taithí agus eolas atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Glasaigh d'Fhéile ar fáil saor in aisce agus bailithe ó lucht eagraithe imeachtaí a bhfuil ag éirí leo tairbhe a bhaint as bealach níos inbhuanaithe chun píosa spraoi a dhéanamh i gcomhpháirt leis na húdaráis áitiúla ina réigiúin.

POBAIL FUINNIMH INMHARTHANA

Tacaíonn Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (SEAI) le Comhpháirtíochtaí Pobal Fuinnimh Inmharthana ar fud na hÉireann. Is féidir le pobail clárú chun páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíocht trí bliana agus beidh SEAI ar fáil chun tacú leo agus chun iad a threorú trína dtodhchaí fuinnimh a phleanáil. Tá cur chuige comhpháirtíochta comhchoiteann ag croilár an chláir seo, tá comhthuisint agus forbairt seirbhísí á spreagadh.

I rith thréimhse na comhpháirtíochta, bíonn SEAI ar fáil chun raon tacaíochtaí a chur ar fáil chun cabhrú le coiste SEC bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm. Seachas maoiniú agus rochtain ar sheirbhísí, soláthroidh painéal teicniúil saineolaithe agus comhairleoirí treoir agus meantóireacht leanúnach fad is atá an coiste ag cur lena scileanna agus inniúlachtaí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh.

Soláthraíonn an Líonra Pobal Fuinnimh Inmharthana rochtain do ghrúpa níos ginearálta bailte agus sráidbhailte atá ag obair ar thodhchaí fuinnimh inmharthana freisin. I láthair na huaire, tá breis is 200 pobal ag baint úsáid as an líonra chun eolas, comhairle, cás-staidéir agus uirlisí forbartha a roinnt le pobail eile a dteastaíonn a leithéid uathu. Bunaithe ar chomhoibriú, tá SEC in ann fuinneamh inmharthana a nascadh le forbairt gheilleagraich áitiúil agus folláine phoiblí.

Tá sé mar aidhm leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Uile-Rialtais Líonra SEC a fhorbairt.

AN SCÉIM TACAÍOCHTA DO LEICTREACHAS IN-ATHNUAITE (RESS)

Soláthroidh an Scéim Tacaíochta do Leictreachas In-athnuaite (RESS) dreasachtaí airgid do thionscadail fuinnimh in-athnuaite nua ar fud na hÉireann. Tá RESS bunaithe ar cheant agus beidh tacaíocht á cur ar fáil do na tionscadail is costéifeachtaí laistigh de chreat iomaíoch.

Beidh an scéim á maoiniú ag tobhach Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO), agus ceann de phríomhnithe insoláthartha RESS é creat cumasúcháin náisiúnta a fhorbairt do rannpháirtíocht saoránach agus pobail. Soláthraíonn an creat tacaíochtaí agus deiseanna do shaoránaigh agus do phobail; chun páirt a ghlacadh in agus tairbhe a bhaint as tionscadail Fuinnimh In-athnuaite ina limistéar féin.

EOLAÍOCHT SAORÁNACH

Baill den phobal atá toilteanach sonraí eolaíochta a bhailiú ar bhonn deonach atá i mbun Eolaíocht Saoránach. Go minic bíonn an taighde seo dírithe ar mhonatóireacht a dhéanamh ar bhithéagsúlacht, speicis ionracha agus ár n-aeráid. Trí pháirt a ghlacadh in eolaíocht saoránach is féidir rannpháirtíocht an phobail le agus tuiscint ar cheisteanna timpeallachta tábhachtacha a fheabhsú.

Ainneoin gur téarma réasúnta nua é eolaíocht saoránach, tá saoránaigh ag glacadh páirte in agus ag cur le taighde eolaíochta le blianta fada. Ciallaíonn an úsáid fhorleathan atá á baint as fóin chliste gur féidir sonraí eolaíochta a roinnt agus a mhapáil go héasca anois, rud is cúis le méadú suntasach ar an líon agus cineál tionscadal taighde atá bunaithe ar eolaíocht saoránach.

In Éirinn, glacann an EPA le heolaíocht saoránach mar cheann dá tionscnaimh agus scéimeanna éagsúla, cosúil leis an gClár GLOBE, Tionscadal Comhpháirteach Cháilíocht an Aeir an EPA/na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Staidéar ar Cháilíocht an Aeir OÉ Gaillimh/EPA (2017) agus Tionscadal Safecast.

I measc na dtionscnamh eile atá dírithe ar an eolaíocht saoránach atá bunaithe tá Caomhnú Ialtóg Éireann, Cairde Éanlaith Éireann, Cóstaí Glana, Faire Cósta, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, an Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna agus Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. Tá ról lárnach ag na meáin i bhforbairt agus in aird a tharraingt ar eolaíocht saoránach agus rannpháirtíocht an phobail sa dúshlán aeráide. Is uirlis riachtanach for-rochtana an t-ábhar atá deartha chun oideachas a chur ar shaoránaigh agus deis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i dtionscnaimh eolaíochta. Tá níos mó clár á dtaispeáint ar RTÉ, agus tá gníomhaireachtaí cosúil le EPA agus SEAI ag tacú le go leor acu, a dhéileálann le gnéithe éagsúla den athrú aeráide agus den aeráid-díonacht, bithéagsúlacht agus ceisteanna timpeallachta.

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú, bhunaigh an Roinn ceithre Oifig Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide (CARONNA) i mí Eanáir 2018. Is é ról na n-oifigí seo tacú le gníomhú ar son na haeráide agus dlús a chur leis (oiriúnú agus maolú) ag leibhéal údaráis áitiúil.

AN OIFIG UM PLEANÁIL ÉIGEANDÁLA

D'fhonn cabhrú le pobail ullmhú do theagmhais adhamsire a tharlaíonn mar thoradh ar an athrú aeráide, bhunaigh an rialtas Oifig um Pleanáil Éigeandála chun tacú leis an Aire Cosanta ranna difriúla a chomhordú. Tá faisnéis reatha, cothrom le dáta le fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige um Pleanáil Éigeandála maidir le pleanáil, freagairt agus bainistíocht na hÉireann i ndáil le raon leathan éigeandálaí.

MET ÉIREANN

Tá rannóg aeráide ar leith ag Seirbhís Mheitéareolaíochta na hÉireann ar a suíomh gréasáin, uirlis úsáideach do phobail atá i mbun ullmhúcháin do theagmhais aimsire a tharlóidh amach anseo.

AGUISÍN 3

LIOSTA IOMLÁN DE GACH GNÍOMH LACAP DE RÉIR TÉAMA

<u>Téama</u>	<u>Uimh. an Ghnímh</u>	<u>Cur síos ar an nGníomh</u>	<u>Oiriúnú /maolú</u>	<u>Príomhrannóg:</u>	<u>PTF/méadrach</u>	<u>Achar ama</u>
<u>4.2 - Rialachas</u>	4.2.1.1.1	Beidh pleananna uile na Comhairle ag teacht le fis agus misean an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.	An dá bheart	Gach Rannóg	Líon na bPleananna a eisíodh le Gníomhartha Aeráide	Athbhreithniú Bliantúil
	4.2.1.2.1	Fanfaidh an struchtúr inmheánach atá ann cheana féin d'fhorbairt an phlean seo i bhfeidhm ar dtús agus déanfar é a oiriúnú ar feadh shaolré an phlean chun freagairt do dhúshlán nua de réir mar a thagann siad aníos. Cothóidh an struchtúr seo comhoibriú idir-rannach chun a chinntiú go ndéantar tuairisciú ar an dul chun cinn atá dhéanamh maidir le 'monatóireacht ar chur chun feidhme' gníomhartha an phlean chun an plean seo a chur i gcrích. Seo a leanas an struchtúr: <ol style="list-style-type: none"> 1. Grúpa Stiúrtha déanta de bhainistíocht shinsearach ardleibhéal, faoi chathaoirleacht an Phríomhfheidhmeannaigh, arb é is cuspóir dó na spriocanna foriomlána a leagan síos maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a sheachadadh, lena n-áirítear buiséid agus acmhainní. Tagann an grúpa seo le chéile 1-2 uair sa bhliain. 2. Grúpa Oilbrúcháin atá faoi chathaoirleacht an Bhainisteora Rannáin atá freagrach as an Stiúrthóireacht Comhshaoil. Is grúpa bainistíochta sinsearaí é seo freisin agus tuairiscíonn sé don Ghrúpa Stiúrtha. Is é cuspóir an ghrúpa seo a chinntiú go dtugann na stiúrthóireachtaí faoi na gníomhartha aonair agus sonracha a áirítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, coinbhleachtaí a laghdú agus tógáil ar shineirgí. Tagann an grúpa seo le chéile 2-4 huair sa bhliain. 3. Grúpa Forfeidhmithe, a chuimseoidh ionadaí ó gach stiúrthóireacht agus feidhm, atá comhdhéanta de mheánbhainistíocht a dhéanann athbhreithniú ar lóistíocht agus ar chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí aonair ó lá go lá. Beidh an Comhordaitheoir Gníomhaithe ar son na hAeráide ina chathaoirleach ar an ngrúpa seo agus tiocfaidh sé le chéile de réir mar is gá agus uair sa ráithe ar a laghad. 	An dá bheart	Seirbhísí Corparáideacha	Líon na gCruinnithe a Reáchtáladh % de na gníomhaíochtaí foriomlána a cuireadh i gcrích	Athbhreithniú Bliantúil
	4.2.1.2.2	Tacú leis an bhfoireann comhordúcháin maidir leis an Aeráid maidir le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na Comhairle.	An dá bheart	Gach Rannóg	Líon na nGníomhartha a baineadh amach.	Athbhreithniú Bliantúil

Téama	Uimh. an Ghnímh	Cur síos ar an nGníomh	Oiriúnú /Maolú	Príomhrannóg.	PTE/méadrach	Achar ama
	4.2.1.2.3	A chinntiú go ndéantar gníomhartha ábhartha ón bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo a ionchorprú i bpleananna, straitéisí agus beartais uile na Comhairle, lena n-áirítear pleananna oibre rannóige, pleananna foirne agus clár oibre cruinnithe foirne.	An dá bheart	Gach Rannóg	Líon na nGníomhartha atá corpraithe i bpleananna na Comhairle	Athbheithní ú Bliantúil
	4.2.1.2.4	Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ionchorprú i ngrúpaí, líonraí, fóraim agus ardáin rannpháirteachais le páirtithe leasmhara atá ann cheana.	An dá bheart	Seirbhísí Corparáideacha	Líon na nGrúpaí a bhfuil an plean corpraithe iontu.	Athbheithní ú Bliantúil
	4.2.1.2.5	Leanfar den chumarsáid agus den chomhoibriú le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus neartófar iad.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Líon na ngníomhartha comhaontaithe agus críochnaithe a eascraíonn as rannpháirteachas le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide.	Athbheithní ú le bheith déanta ag cruinnithe feidhmiúcháin
	4.2.1.2.6	Déanfar plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide a thuairisciú agus chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ar bhealach comhordaithe ar fud phróisis agus ardáin chumarsáide na comhairle.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Tuarascáil le heisiúint go bliantúil.	Athbheithní ú Bliantúil
	4.2.1.2.7	Le tacaíocht ón Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide, déanfaidh an Chomhairle faireachán ar fhorbairtí beartais Eorpacha agus náisiúnta agus ionchorpróidh sí de réir mar is cuí a bhaineann le cur chuige na Comhairle maidir le Ghníomhú ar son na hAeráide.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Líon na gcruinnithe a tionóladh le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide.	Athbheithní ú le bheith déanta ag cruinnithe feidhmiúcháin
	4.2.1.3.1	Chun an plean cúig bliana seo a chur i gcrích, ullmhófar clár cur chun feidhme bliantúil lena fhaomhadh ag an ngrúpa stiúrtha um ghníomhú ar son na haeráide. Beidh an clár seo ag brath ar mhaoiniú seachttrach a bheith ar fáil (m.sh., náisiúnta, Eorpach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, SRL.) agus ar mhaoiniú agus acmhainní inmheánacha.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Clár cur chun feidhme bliantúil le heisiúint, lena n-áirítear an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn agus pleananna réamh-mheasta.	Athbheithní ú Bliantúil

<u>Téama</u>	<u>Uimh. an Ghnímh</u>	<u>Cur síos ar an nGníomh</u>	<u>Oiriúnú /maolú</u>	<u>Príomhrannóg.</u>	<u>PTF/méadrach</u>	<u>Achar ama</u>
	4.2.1.3.2	Tacú leis an gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide agus é a riaradh, arna mhaoiniú ag an Rialtas Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. A ligfidh do phobail iarratas a dhéanamh ar dheontais chun tionscadail aeráide a chumasú ar leibhéal áitiúil.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Líon agus luach na nDeontas a dámhadh go rathúil faoin gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide mar chion den mhaoiniú atá ar fáil.	Athbhreithniú ú Bliantúil
	4.2.1.3.3	Leanúint ar aghaidh le soláthar deontas atá ann cheana do phobail agus gníomhú ar son na haeráide a dhéanamh mar chuid lárnach de na deontais seo.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Líon na nDeontas a eisíodh do thionscadail a bhfuil gníomhartha suntasacha aeráide acu	Athbhreithniú ú Bliantúil
	4.2.1.3.4	Páirt a ghlacadh i dTionscadail Eorpacha chomhshaoil agus a bhaineann leis an aeráid arna maoiniú ag an AE, amhail tionscadal HYBES, agus na tairbhí a bhaineann leo a uasmhéadú.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Líon na dTionscadal Gníomhaithe ar son na hAeráide arna maoiniú ag an AE a maoiníodh	Athbhreithniú ú Bliantúil
	4.2.1.4.1	Feasacht agus rannpháirteachas maidir le gníomhú ar son na haeráide a mhéadú i measc na foirne agus athrú dearfach iompraíochta a chur chun cinn. Go sonrach, feasacht agus tuiscint ar ról agus impleachtaí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo a chur chun cinn agus an cumas atá ag fostaithe na comhairle a oibríonn leis an bpoibál go díreach a chothú chun “labhairt ar an aeráid.”	An dá bheart	Bainistíocht ar Acmhainní Daonna	Líon na bPromóisean a rinneadh agus líon na ndaoine a bhí i láthair ag imeachtaí	Athbhreithniú ú Bliantúil
	4.2.1.4.2	Tacú le huasliúint agus athsciliú foirne chun feidhmiú an ghnímh ar son na haeráide ina róil a chumasú.	An dá bheart	Bainistíocht ar Acmhainní Daonna	Líon na gcúrsaí oiliúna a tairgeadh.	Athbhreithniú ú Bliantúil
	4.2.1.4.3	Oibriú le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide chun oiliúint leanúnach ar gníomhú ar son na haeráide a chinntiú don fhoireann.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Measúnú ar riachtanais oiliúna don fhoireann a chur i gcrích. Líon na gcúrsaí Oiliúna a cuireadh leis an gclár oiliúna Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide / ESTG.	Athbhreithniú ú Bliantúil

<u>Téama</u>	<u>Uimh. an Ghnímh</u>	<u>Cur síos ar an nGníomh</u>	<u>Oiriúnú /maolú</u>	<u>Príomhrannóg.</u>	<u>PTF/méadrach</u>	<u>Achar ama</u>
	4.2.1.4.4	Córais aiseolais leis an bhfoireann a neartú, chun cumarsáid agus smaointe níos fearr a spreagadh.	An dá bheart	Bainistíocht ar Acmhainní Daonna	Líon na smaointe a cuireadh isteach tríd an Idea Greenhouse	Athbhreithniú Bílantúil
	4.2.1.4.5	Athbhreithniú a dhéanamh ar shocrúithe cianoibre ag eatraimh oiriúnacha chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as spás, mar shampla trí dheasc a roinnt agus laghdú líon na n-oifigí.	Oiriúnú	Bainistíocht ar Acmhainní Daonna	Measúnú a dhéanamh ar líon na mball foirne in aghaidh an m2 a úsáideann spás Oifige Chomhairle Cathrach Chorcaí ag am ar leith a ndéantar athbhreithniú bílantúil air chun úsáid acmhainní a uasmhéadú.	Athbhreithniú Bílantúil
	4.2.1.5.1	Leanúint ar aghaidh ag cur na straitéise náisiúnta um Sholáthar Poiblí Glas i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar Soláthar Glas a chur i bhfeidhm trí gach cuid de Chomhairle Contae Chorcaí. A chinntiú go leanann soláthar na n-oibreacha/seirbhísí go léir ciorclán 20/2019 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.	An dá bheart	Airgeadas	Luach na dtionscadal a fuarthas faoin straitéis soláthair ghlais mar chéatadán de chaiteachas foriomlán an tionscadail	Athbhreithniú Bílantúil
	4.2.1.5.2	A chinntiú go dtugtar cuntas ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcinntí airgeadais.	An dá bheart	Airgeadas	Líon na dtionscadal airgeadais a ndearnadh measúnú orthu agus úsáid á baint as GCT mar mhéadracht	Athbhreithniú Bílantúil

<u>Téama</u>	<u>Uimh. an Ghnámh</u>	<u>Cur síos ar an nGníomh</u>	<u>Oiriúnú /maolú</u>	<u>Príomhrannóg.</u>	<u>PTF/méadrach</u>	<u>Achar ama</u>
	4.2.1.5.3	Éascóidh Rannóg Airgeadais Chomhairle Contae Chorcaí, monatóireacht agus tuairiscí ar chaiteachas ar ghníomhaíocht aeráide.	An dá bheart	Airgeadas	Luach na dtionscadal a fuarthas faoin straitéis soláthair ghlais mar chéatadán de chaiteachas foriomlán an tionscadail	Athbhreithniú Bílantúil
	4.2.1.6.1	Athbhreithniú le déanamh ar shócmhainní reatha atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Chorcaí chun a mheas an féidir iad a laghdú nó a atheagrú d'fhonn astuithe carbóin a shábháil.	Maolú	Seirbhísí Corparáideacha	Athbhreithniú a chur i gcrích agus clár foilsithe	Athbhreithniú Bílantúil
	4.2.1.6.2	Ní mór go gcuirfí san áireamh in aon sócmhainní breise, nó in aon sócmhainní atá ann cheana ar gá a athsholáthar, an gá atá le hinbhuanaitheacht agus spriocanna 2030 agus 2050 maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.	Maolú	Gach Rannóg	Líon na sócmhainní a ndearnadh athsholáthar orthu nó a ceannafódh	Athbhreithniú Bílantúil
	4.2.1.7.1	Tabhairt faoi mhapáil ar pháirtithe leasmhara le haghaidh rannpháirteachais leathnaithe agus chun comhoibriú go héifeachtach ar ghníomhú ar son na haeráide ar fud Chontae Chorcaí. Ról na gcomhpháirtithe straitéiseacha a mheas chun tionscadail áirithe a sheachadadh.	An dá bheart	Forbairt Eacnamaíochta, Fiontar & Turasóireacht.	Líon na gcomhshaothar a cuireadh i gcrích le páirtithe leasmhara ar Ghníomhú ar son na haeráide; m.sh., soláthraithe Fónais, gnólaichtaí, comhlachtaí poiblí.	Athbhreithniú Bílantúil
	4.2.1.7.2	Comhoibriú agus a bheith ag oibriú le hearnálacha agus gníomhaireachtaí eile chun clár a sholáthar a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide, a neartaíonn agus a shíogann cumas an phobail.	An dá bheart	Gach Rannóg	Líon na gclár pobail a seachadadh.	Athbhreithniú Bílantúil
	4.2.1.7.3	Úsáid a bhaint as an gCrios Dícharbónaithe i Maigh Chromtha chun páirtithe leasmhara a mhealladh i ngníomhartha nuálacha, ag baint úsáide as tionscadail phiolótach atá deartha chun astaíochtaí a laghdú.	An dá bheart	Oibríochtaí Ceantair Bhardasaigh agus Forbairt Tuaithe	Líon na dTionscadal Píolótach i limistéar DZ curtha i gcrích.	Athbhreithniú Bílantúil
	4.2.1.7.4	Uirlis GIS foinse oscailte a bhunú chun gníomh ar son na haeráide de chuid an phobail a mhapáil ar fud an Chontae, lena n-áirítear cur síos ar thionscadal, ar shuíomh agus ar dhul chun cinn chun an Chomhairle agus a páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi thionscadail sa Chontae agus faoi bhrailí, bearnaí, naisc.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Uirlis GIS a chruthú chun Gníomhartha ar son na haeráide de chuid an Phobail a rianú ar fud an chontae	Athbhreithniú Bílantúil déanamh Gach bliain thar shaoilé an phlean

<u>Téama</u>	<u>Uimh. an Ghnímh</u>	<u>Cur síos ar an nGníomh</u>	<u>Oiriúnú /maolú</u>	<u>Príomhrannóg.</u>	<u>PTF/méadrach</u>	<u>Achar ama</u>
	4.2.1.8.1	Córas tuairiscithe agus monatóireachta a bhunú chun dul chun cinn gníomhartha ar son na haeráide a rianú agus tuairisciú go háitiúil agus go náisiúnta.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Tuarascáil Bhliantúil a eisiúint.	A bheith i bhfeidhm chun tuairisciú a dhéanamh ar bhliain 1 den phlean.
	4.2.1.8.2	Leanúint ar aghaidh le teagmháil rialta Chomhairle Contae Chorcaí leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na haeráide ar an mBord Farraise Atlantach Theas agus tuarascálacha cuí ar dhul chun cinn a sholáthar.	An dá bheart	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Tuarascáil Bhliantúil a eisiúint.	Arna fhorbairt i mBlain 1.
	4.2.1.9.1	Clár rannpháirteachais a chur i bhfeidhm chun comhairleoirí a chur ar an eolas faoi ghníomhú ar son na haeráide agus an chomhshaoil d'fhonn eolas, muinín agus cumas a chothú chun 'labhairt ar an aeráid' ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal beartais.	An dá bheart	Seirbhísí Corparáideacha	Plean cumarsáide Comhairleora a chur i bhfeidhm	A bheith i bhfeidhm chun tuairisciú a dhéanamh ar bhliain 1 den phlean.
	4.2.1.9.2	Tacú leis an gclár oiliúna do chomhairleoirí atá á reáchtáil ag na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na haeráide.	An dá bheart	Seirbhísí Corparáideacha	Líon na gClár Oiliúna a tionóladh do Chomhairleoirí	A bheith i bhfeidhm chun tuairisciú a dhéanamh ar bhliain 1 den phlean.
4.3 - Astaíochtaí Dírreacha	4.3.1.1.1	Measúnú a dhéanamh ar fhoinsí éilimh leictreachais, m.sh., foirgnimh, trealamh, srl, chun deiseanna a aithint chun deireadh a chur le héilimh.	An dá bheart	Gach Rannóg	Líon na nDeiseanna a sainaitníodh.	Athbhreithniú Bliantúil
	4.3.1.1.2	Soilsiú a uasghrádú go soilsiú LED nuair is inmhartana ó thaobh airgeadais de, agus ag an am céanna a chinntiú go ndéantar na leibhéil lúmain agus an raon speictreach a chothabháil nó a laghdú/a rialú chun éifeachtaí ar bhithéagsúlacht a sheachaint.	Maolú	Gach Rannóg	Líon KW a sábháladh	Athbhreithniú Bliantúil
	4.3.1.1.3	Deiseanna d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a imscrúdú chun tionscail don chlár cur chun feidhme bliantúil a shainaitnínt, agus aird chuí á tabhairt ar chúrsaí pleanála agus ar chúrsaí cosanta comhshaoil.	Maolú	Comhshaoil, An tAthrú Aeráide & Seirbhísí Éigeandála	Líon na dTionscail a sainaitníodh	Athbhreithniú Bliantúil

Téama	Uimh. an Ghnímh	Cur síos ar an nGníomh	Oiriúnú /maolú	Príomhrannóg.	PTF/méadrach	Achar ama
